AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN ARDTEISTIMÉIREACHT


AN STAIR

# DRÉACHT-THREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

## CLÁR ÁBHAIR


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | INTREOIR DO NA DRÉACHT-THREOIRLÍNTE | | | 3 |
| **1** | NÁDÚR AN TSIOLLABAIS | | | 7 |
| **2** | CREATLACH AN TSIOLLABAIS | | | 9 |
| **3** | ÁBHAR AN TSIOLLABAIS | | | 11 |
| | I | AG OBAIR LE FIANAISE | | |
| | | (a) | STAIR AGUS AN STARAÍ | 12 |
| | | (b) | STAIDÉAR DOICIMÉID-BHUNAITHE | 14 |
| | | © | AN STAIDÉAR TAIGHDE | 16 |
| | II | ÁBHAIR STAIDÉIR | | 20 |
| **4** | STRAITÉISÍ TEAGAISC | | | 23 |
| | I | AG OBAIR LE FIANAISE | | |
| | | (a) | STAIR AGUS AN STARAÍ | 25 |
| | | (b) | STAIDÉAR DOICIMÉID-BHUNAITHE | 28 |
| | | © | AN STAIDÉAR TAIGHDE | 40 |
| | II | ÁBHAIR STAIDÉIR | | 43 |
| | | STAIR AGUS AN T-IDIRLÍON | | 67 |
| **5** | TREOIRLÍNTE MEASÚNACHTA | | | 70 |
| **6** | TREOIRLÍNTE ACMHAINNÍ | | | 80 |

# Intreoir do na dréacht-threoirlínte



## RÉAMHRÁ
## CAD É ATÁ NUA?

Tá an siollabas athbhreithnithe ann anois in áit an tsiollabais staire a tugadh isteach den chéad uair sa bhliain 1969. Chomh maith leis sin tá sé ann in áit an tsiollabais i stair na heacnamaíochta. In ainneoin go bhfuil sé mar aidhm aige tógáil ar dhea-chleachtas a bhí ann roimhe seo, tá sé mar aidhm ag an siollabas athbhreithnithe staire athfhócasú a dhéanamh ar theagasc na staire ar roinnt dóigheanna suntasacha. Áirítear orthu seo:

**CUR CHUIGE**

- béim ar an stair mar iniúchadh ar fhianaise atá ar fáil
- béim ar fhorbairt scileanna stairiúla, smaointeoireacht stairiúil – go háirithe, tá béim ar mheasúnacht a dhéanamh ar fhianaise agus ar mhodheolaíocht taighde.
- béim ar an ngá le hamharc ar an stair le peirspictíochtaí éagsúla
- béim ar an stair mar phróiseas dinimiciúil. Ba chóir go scrúdófaí agus míneofaí an dóigh ar tháinig fórsaí chun cinn agus an dóigh ar athraíodh na sochaithe inar tharla siad mar gheall orthu.

**ÁBHAR**

- béim struchtúrtha ar fhorbairtí sóisialta, geillgearacha, cultúrtha, creidimh agus eolaíochta.
- cothromaíocht struchtúrtha idir fairsinge agus clúdach agus staidéar domhan.
- éagsúlacht ábhair agus solúbthacht réasúnta rogha.

Ba chóir go gcruthódh na hathruithe fócais athruithe suntasacha ar theagasc an ábhair sa seomra ranga. Tá impleachtaí tábhachta ann fosta don dóigh ina ndéanfar an siollabas a mheas. Rachaidh na Treoirlínte seo i ngleic leis na hathruithe seo i dtéarmaí na n-impleachtaí modhúla agus measúnachta beirt.

Ar an ábhar go bhfuil stair na heacnamaíochta anois comhchuimsithe sa siollabas athbhreithnithe staire, rinneadh iarracht forbairtí geillgearacha a ionchorprú i ngach ceann de na hábhair le haghaidh staidéir.

## RÓL NA dTREOIRLÍNTE

Is é an príomhchuspóir atá leis na *dréacht*-threoirlínte seo chun na príomhimpleachtaí a shainaithint do mhúinteoirí maidir leis na hathruithe a tugadh isteach sa siollabas nua sa teagasc agus san fhoghlaim. Dá bhrí sin, tá fócas ar ghnéithe ar nós bunfhoinsí a úsáid sa seomra ranga, ullmhú staidéir um thaighde ag gach dalta agus ábhair staire a theagasc trí mhodhanna áirithe a chomhlánaíonn cuspóirí an tsiollabais. Téitear i ngleic fosta leis na himpleachtaí le haghaidh mheasúnacht an ábhair. Tugtar treoir áirithe fosta maidir le hacmhainní.

## LEANÚNACHAS AGUS DUL CHUN CINN

Cé nach bhfuil eolas ná scileanna ar bith roimh ré ag teastáil, cuireadh an siollabas le chéile le leanúnachas agus dul chun cinn a sholáthar ó shiollabas staire an Teastais Shóisearaigh a

tugadh isteach i scoileanna sa bhliain 1989. I dtéarmaí leanúnachais roinneann an siollabas nua na gnéithe seo a leanas le siollabas an Teastais Shóisearaigh:

- béim ar ról na fianaise i staidéar agus i scríobh na staire
- béim ar scileanna taighde
- réimse leathan ábhar, agus solúbthachta sa rogha ábhar
- cothromaíocht idir fairsinge agus doimhne clúdaigh

Maidir le dul chun cinn, beidh gá le níos mó speisialtóireachta agus measúnacht níos sofaisticiúla ar fhianaise.

## CAD CHUIGE A nDÉANTAR STAIDÉAR AR AN STAIR?

## RÉASÚNAÍOCHT CHUN STAIDÉAR A DHÉANAMH AR AN STAIR AG AN LEIBHÉAL SEO

1. Comhlíonann staidéar ar an stair ag leibhéal na hArdteistiméireachta cuid mhór de d'aidhmeanna ginearálta agus de phrionsabail chláir na hArdteistiméireachta.

   - Cuireann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le smaointeoireacht neamhspleách.
   - Cothaíonn sé spiorad an fhiosrúcháin agus smaointeoireacht chriticiúil.
   - Cuidíonn sé le daltaí a ullmhú le haghaidh breisoideachais agus le haghaidh shaol an duine fásta agus an tsaoil oibre.
   - Cuidíonn sé le daltaí a ullmhú le haghaidh a ról mar shaoránaigh ghníomhacha agus rannpháirtíocha.

2. Tá sé mar aidhm ag clár na hArdteistiméireachta oideachas leathan agus cothrom a sholáthar. Dhá ghné thábhachtacha de shiollabas na staire is ea fairsinge agus cothromaíocht.

### FAIRSINGE

- Pléann sé le réimse leathan de ghníomhaíochtaí an duine daonna: polaitíocht, cúrsaí riaracháin, cúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta, cúrsaí cultúir, creidimh agus eolaíochta.

- Pléann sé le réimse leathan idirghníomhaíocht an duine daonna, i stáit áirithe agus go hidirnáisiúnta.

- Baineann sé le clann iomlán an duine daonna, le heispéiris na mban agus na bhfear beirt, le gnáthdhaoine agus le ceannairí sa tsochaí.

### COTHROMAÍOCHT

- Cothromaíonn sé bailiú eolais le forbairt scileanna.

- Cothromaíonn sé staidéar ginearálta le dianstaidéar.

- Cothromaíonn sé staidéar ar stair na hÉireann le staidéar ar stair na hEorpa agus an domhain mhóir.


3. In ainneoin gur gné thábhachtach de staidéar ar an stair is ea bailiú oideachais atá fairsing agus cothrom, léiríonn an siollabas chomh maith gairm-ábharthacht an ábhair.

- As siocair go bhforbraíonn sé cumas an dalta smaointeoireacht chriticiúil agus cumarsáid a dhéanamh, cuidíonn staidéar ar an stair le daltaí a ullmhú le haghaidh réimse leathan roghanna maidir le gairmeacha, msh. gnó, iriseoireacht, riarachán poiblí agus dlí.
- Tá na scileanna taighde a fhorbraítear le linn staidéar a dhéanamh ar an dlí infheidhmithe go mór i saol na hoibre inniu.
- Ar an ábhar go bhforbraíonn sé tuiscint na ndaltaí ar a n-oidhreacht stairiúil agus an t-eolas atá acu ar stair a dtíre féin, ní foláir go bhfuil baint faoi leith aici leis na hearnálacha turasóireachta léirmhínithe oidhreachta agus turasóireachta oidhreachta atá ag dul i méid.

4. Ceann de na fáthanna is mó a dhéantar staidéar ar an stair ag leibhéal na hArdteistiméireachta ná go spreagtar thú agus go mbaintear sult as. Ar an ábhar go bpléann sé le réimse ollmhór d’eispéireas an duine, forbraíonn sé cuid mhór spéise sna daltaí a mhaireann ar feadh an tsaoil ina n-oidhreacht stairiúil agus tuiscint ar an stair a fhoirmíonn agus a shoiléiríonn an t-am i láthair.

## Rannán a hAon

## Nádúr an tSiollabais



## 1. NÁDÚR AN TSIOLLABAIS

**PRÍOMHBHÉIMEANNA: FIOSRÚCHÁN → FIANAISE → TAISCÉALAÍOCHT**

### FIOSRÚCHÁN

Sainaithnítear sa réamhrá atá leis an siollabas an bunphrionsabal a bhaineann leis an siollabas: *'that the study of history is an exploration of what historians believe to have happened based on an enquiry into the available evidence.'* Tá buntábhacht ag baint leis an mbéim ar 'fiosrúchán'. Eascraíonn an focal 'stair' ón nGréigis 'historia' a chiallaíonn 'an méid atá foghlamtha ón bhfiosrúchán'. Ní scaoileann an t-am a chuaigh thart a chuid rún go toilteanach: ní mór do staraithe na foinsí a mbíonn an t-eolas atá againn ar an am a chuaigh thart ag brath orthu a cheistiú sular féidir leo fianaise a sholáthar ar ócáidí agus ar shochaithe ón stair. Má tá daltaí le 'staidéar a dhéanamh ar stair' ar bhealach ar bith suntasach, ní mór dóibh foghlaim faoin dóigh le ceisteanna a chur faoin am a chuaigh thart agus iarracht a dhéanamh na ceisteanna seo a fhreagairt trí léirmhíniú a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil dóibh. Is féidir go bhforbrófar cuid de daltaí seo mar staraithe déanta ach, den chuid is mó, is é an cuspóir atá ann go bhforbróidh siad peirspictíocht faoin domhan a bhfuil siad ina gcónaí air agus tuiscint stairiúil a chiallaíonn gur lú an seans a bheidh ann go gcreidfidh siad bolscaireacht.

### FIANAISE

Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an mbéim ar 'fianaise atá ar fáil'. Mealdar do mhuileann an staraí is ea fianaise: gan fianaise, ní bhíonn aon bhunús le breithiúnais staire agus bíonn ceisteanna an staraí fágtha gan freagra go dtí go n-aimsítear foinsí fianaise. Is féidir go mbeidh athbhreithniú le déanamh ar léirmhíniúcháin ar fhianaise atá ar fáil má thagann agus nuair a thagann fianaise úr chun solais: ar an dóigh sin bíonn eolas ar an stair sealadach i dtólamh.


### TAISCÉALAÍOCHT

Iomlánaíonn an bhéim ar an 'taiscéalaíocht' an staidéar ar an stair. Níor chóir don dalta staire cuntas ar an am a chuaigh thart a fhoghlaim a mhaíonn gurb é sin an t-aon chuntas amháin atá fíor. Dearbhphrionsabal bunúsach le staireolaíocht an lae inniu is ea gur féidir níos mó ná léirmhíniúchán amháin a dhéanamh ar fhianaise. Cé go bhfuil comhaontú ar go leor ceisteanna stairiúla, tá cuid eile a chruthaíonn conspóid agus léirmhíniúcháin nach bhfuil de réir a chéile. Ba chóir do dhaltaí a bheith ar an eolas faoi léirmhíniúcháin stairiúla a chuimsíonn réimsí a n-aontaítear fúthu agus réimsí conspóide.

Mar achoimre, tá an siollabas bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- baineann foghlaim faoin am a chuaigh thart le próiseas **fiosrúcháin**
- beidh torthaí an fhiosrúcháin sin ag brath ar an **bhfianaise** atá ar fáil
- ní mór don staidéar ar an stair amharc ar léirmhíniúcháin áirithe ar an bhfianaise atá ar fáil faoi spiorad neamhchlaonta na **taiscéalaíochta.**

## Rannán a Dó Creatlach an tSiollabais



## 2. CREATLACH AN TSIOLLABAIS

Tá dhá nasc sa siollabas atá fite fuaite tríd a chéile:

**I** **Ag obair le fianaise**: Tá sé mar aidhm aige seo tuiscint daltaí ar a mbíonn i gceist le staidéar ar an stair a dhoimhniú agus a gcuid scileanna chun measúnacht a dhéanamh ar fhianaise agus chun tabhairt faoi thaighde a fhorbairt. Ba chóir go bhfoirmeofaí na scileanna agus an tuiscint a fhorbrófaí a gcuid oibre ar na hábhair staidéir.

**II** **Ábhair Staidéir**: Bíonn na hábhair téamach ina gcomhthéacs nuair a cheaptar iad agus lonnaithe laistigh de pharaiméadair faoi leith ama.

Déanfar staidéar ar gach ábhar ó roinnt áirithe peirspictíochtaí: polaitíocht agus riarachán, sochaí agus geilleagar, cultúr, creideamh agus, i gcuid mhór cásanna, eolaíocht. Déanfar é seo lena chinntiú go mbeidh clúdach cothrom ar eachtraí ón am a chuaigh thart agus ar na daoine a ghabh páirt iontu.

Sainmhíneofar na 'heilimntí' liostaithe na gnéithe a mbeidh staidéar le déanamh orthu. Cé go socrófar é faoin gceannteideal cuí 'peirspictíochta', ní chuirfidh sé cosc ar bith ar staidéar a dhéanamh ar na heilimintí trí chur chuige comhtháite, cróineolaíoch nuair a bhíonn sé oiriúnach.

Bainfidh na 'cás-staidéir' liostaithe le hiniúchadh domhan ar ghné ionadaíoch nó suntasach d'eilimint nó eilimintí. Maidir leis na hábhair atá leagtha síos le haghaidh staidéar doiciméid-bhunaithe, bainfidh na doiciméid a bheidh le húsáid leis na cás-staidéir liostaithe.

Sainaithneoidh na 'príomhphearsantachtaí' liostaithe pearsantachtaí stairiúla, teaghlaigh nó cineálacha ginearálta a mbeidh taithí ag daltaí orthu agus iad ag déanamh staidéir ar na heilimintí liostaithe. Do dhaltaí Gnáthleibhéil soláthróidh na príomhphearsantachtaí fócas faoi leith le haghaidh staidéir.


Is iad na 'príomhchoincheapa' liostaithe na cinn a mbeidh taithí ag na daltaí orthu agus iad ag déanamh staidéir ar an ábhar. Do mhic léinn Ardleibhéil, táscaire tábhachtach difreála a bheidh ann an cumas atá acu na coincheapa seo a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.

### DIFREÁIL

Mar a tugadh le fios i ndoiciméad an tsiollabais, cuireadh an siollabas le chéile ionas gurbh fhéidir é a theagasc ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Déanfaidh daltaí staidéar ar an ábhar céanna; ach difreálfar na leibhéil tríd na torthaí foghlama atá leagtha síos i ndoiciméad an tsiollabais. Is torthaí coitianta foghlama iad seo don dá leibhéal agus torthaí breise foghlama ann do dhaltaí Ardleibhéil.

Léireofar na torthaí difreáilte sna socruithe le haghaidh measúnacht dhifreáil. Tá na socruithe seo leagtha amach go sonrach ar leathanaigh 16-17 de dhoiciméad an tsiollabais.

**Rannán a Trí  Ábhar an tSiollabais**



## 3. ÁBHAR AN TSIOLLABAIS

# CUID I DEN SIOLLABAIS: AG OBAIR LE FIANAISE

**A: RÉAMHRÁ - STAIR AGUS AN STARAÍ**

Amharcann an réamh-mhodúl seo ar dhá phríomhcheist. Is iad sin.

1. Cad é an rud é an stair? - Spléachadh ar na léirmhíniúcháin áirithe a chuireann daoine leis an bhfocal.

2. An staraí i mbun oibre - Cad é leis a mbaineann a c(h)uid oibre.

**CAD É AN RUD É STAIR?**

Chun dul i ngleic le nádúr agus le réimse an ábhair lena mbeidh sé/sí féin ag plé, beidh ar an dalta Ardteistiméireachta a bheith ar an eolas faoi na léirmhíniúcháin áirithe atá curtha leis an bhfocal ‘stair’ agus an nádúr sealadach a bhíonn le heolas ar an stair. Is féidir go mbeidh sé ina chuidiú díriú ar thrí choincheap coitianta ar ‘an stair’.

Ar an gcéad dul síos, is minic a bhaintear úsáid as an bhfocal ‘an stair’ le cur síos ar an aimsir a chuaigh thart - mar atá sa ráiteas, ‘Sin an stair’. Ar an dara dul síos, baintear úsáid as an bhfocal le cur síos a dhéanamh ar fhianaise a mhaireann ón am a chuaigh thart: is é seo an léirmhíniúchán a chuirtear in iúl leis an ráiteas a chluintear go minic ‘tá an stair thart orainn ar fad’. Ar an tríú dul síos, baintear úsáid as an bhfocal le cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas fiosrúcháin lena dtéann gach staraí agus gach dalta staire i ngleic chomh maith le torthaí deireanacha an fhiosrúcháin - níos tábhachtaí fós, na startha scríofa a fhoirmíonn canóin na scoláireachta stairiúla.

Ní mór cuidiú leis an dalta tuiscint go bhfuil an t-eolas atá againn ar an am a chuaigh thart sealadach agus gur féidir go mbeidh athbhreithniú de dhíth ar an taifead stairiúil mar gheall ar fhianaise nua nó léargais nua agus go mbeidh tuiscint eile ag staraithe éagsúla ar chorpas fianaise.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar an gciall áirithe atá leis an bhfocal ‘stair’, ról na fianaise agus stádas na scríbhneoireachta stairiúla ar an dóigh seo a leanas:

**STAIR**

**1. An t-am a chuaigh thart**

**2. Fianaise a mhaireann ón am a chuaigh thart**

↓

**Eolas sealadach**

**(bunaithe ar an bhfianaise a mhaireann a thuiscint)**

→ **leaganacha den am a chuaigh thart**

**3. Fiosrúchán ar fhianaise**

↓

**Startha scríofa**

Méadófar tuiscint dalta ar chúrsaí staire go mór trí interior a thabhairt dóibh faoi na dóigheanna a n-oibríonn staraithe. Cuideoidh sé seo chun comhthéacs agus cur chuige gnásúil a bhunú le haghaidh oibre as seo amach ar an staidéar doicméid-bhunaithe agus ar an staidéar taighde.

**AN STARAÍ I MBUN OIBRE**

Réamhbhreithniúchán ar na gnéithe seo a leanas d'obair an staraí:

- tá gach scríbhneoireacht stairiúil bunaithe ar fhianaise

  *An chiall atá le fianaise, an t-idirdhealú idir foinse agus fianaise, breithniúnais a dhéanamh bunaithe ar fhianaise*

- na príomhéagsúlachtaí d'fhianaise stairiúil

  *Taifid phoiblí, taifid ar institiúid phríobháideacha, litreacha, ar chuimhní cinn, agus ar chuntais ó fhinnéithe súl*

- na príomhstóir d'fhianaise stairiúil

  *Cartlanna, leabharlanna, iarsmalanna*

- an dóigh a gceistíonn staraí corpas fianaise

  *Na ceisteanna a chuireann an staraí ar fhoinse a d'fhéadfadh a bheith ina fhoinse fianaise msh.*

  *Cé a chuir seo amach? Cad chuige? Cén fáth a bhí leis? Cá huair? Na cúinsí a bhí leis?*

- na céimeanna áirithe de thaighde stairiúil

  *Ag sainmhíniú faidhbe nó ceiste le haghaidh fiosrúcháin, ag aimsiú foinsí a d'fhéadfadh a bheith mar fhoinsí fianaise, ag cur na gceisteanna cuí ar na foinsí, ag coinneáil taifid ar shonraí cuí, na torthaí a aimsítear a bhailiú le chéile, breithiúnais réasúnta a dhéanamh bunaithe ar an bhfianaise*

- an tóir ar oibiachtúlacht

  *An dóigh a ndéanann an staraí iarracht a bheith cothrom agus neamhchlaonta agus i gcleachtadh taighde agus scríbhneoireachta*

- toil an staraí athbhreithniú a dhéanamh nuair a thagann fianaise nó léargais nua chun solais

  *An dóigh ar féidir léirmhíniúchán a thabhairt ar fhianaise nua nó ar sheanfhianaise agus tiomantas an staraí don fhírinne*

- nádúr casta an athraithe stairiúil agus an dúshláin a bhaineann lena dhinimicí a mhíniú

  *Na rátaí áirithe a bhaineann leis an athrú stairiúil agus an dóigh a n-idirghníomhaíonn siad; an dóigh a ndéanann an staraí iarracht ciall a bhaint as fórsaí fite fuaite an athraithe*

Ba chóir go dtreiseofaí príomhbhreithniúchán ról an staraí le linn an chuid eile de chúrsa staidéir an dalta.

## B: STAIDÉAR DOICIMÉID-BHUNAITHE

Soláthraíonn an staidéar seo an bunfhócas le haghaidh fhorbairt scileanna láimhseála fianaise. Maidir le measúnacht, soláthraíonn sé an bonn le haghaidh na ceiste doiciméid-bhunaithe. Déanfar breithniúnas anois ar chuid de na ceisteanna modheolaíochta a thiocfaidh chun cinn.

### (A) AG MÚINEADH AN ÁBHAIR ATÁ LEAGTHA SÍOS LE HAGHAIDH STAIDÉAR DOICIMÉID-BHUNAITHE

Tá trí chás-staidéar gaolmhar i gceist sna hábhair atá leagtha síos le haghaidh staidéar doiciméid-bhunaithe, a sholáthróidh an príomhfhócas le haghaidh obair dhoiciméid-bhunaithe. Cé go mbeidh an modh ginearálta ina múinfear an t-ábhar cosúil le múineadh na n-ábhar eile, bainfear i bhfad níos mó úsáide as foinsí ábhar go háirithe i múineadh na gcás-staidéar. Soláthróidh múineadh na n-eilimintí áirithe den ábhar creatlach chomhthéacsúil don dalta a éascóidh anailís níos eolaí ar na doiciméid.

I mbunús na gcásanna, léireoidh na trí chás-staidéar na trí pheirspictíochtaí, i.e. bainfidh ceann amháin leis an bpolaitíocht agus/nó rialtas, ceann leis an sochaí agus/nó géilleagar, agus ceann le cultúr agus/nó creideamh agus/nó eolaíocht. Mar gheall ar éagsúlacht an ábhair, beidh sé tábhachtach go mbeidh éagsúlacht i rogha na bhfoinsí stairiúla a bheidh le húsáid. Cé go mbeidh sé tábhachtach dul i dteagmháil le doiciméid stairiúla agus iad a thuiscint, cuideoidh rogha chothrom de dhoiciméid leis an dalta tuiscint go bhfuil go leor gnéithe ag baint leis an stair agus go mbaineann an stair leis an ghnáthrud agus leis an rud gan aithne chomh maith leis an rud cumhachtach agus an rud a ndéantar ceiliúradh air.

### (B) AG CEISTIÚ DOICIMÉAD

Soláthróidh an réamhobair ar ‘stair agus an staraí’ comhthéacs le haghaidh an staidéir seo. Nuair a bheifear ag déanamh measúnachta ar na doiciméid a mbainfear úsáid astu sa staidéar doiciméid-bhunaithe, ní mór na heilimintí áirithe seo a leanas den réamhrá a mheas:

- na príomhéagsúlachtaí d’fhianaise stairiúil

  *Taifid phoiblí, taifid ar institiúid phríobháideacha, litreacha, ar chuimhní cinn, agus ar chuntais ó fhinnéithe súl*

- an dóigh a gceistíonn staraí corpas fianaise

*Na ceisteanna a chuireann an staraí ar fhoinse a d'fhéadfadh a bheith ina fhoinse fianaise msh.*

*Cé a chuir seo amach? Cad chuige? Cén fáth a bhí leis? Cá huair? Na cúinsí a bhí leis?*

Ag tarraingt ar na heilimintí seo thuas, is féidir sraith de cheisteanna ginearálta ar nós na gceisteanna seo a leanas a chur i bhfeidhm go húsáideach don bhreithniú ar gach doiciméad stairiúil

- **Cén cineál foinse atá sa doiciméad?**

  *An taifead oifigiúil é? An cuntas ó fhinné súl é? An cuimhne cinn phearsanta é?*

- **Cé a chuir an doiciméad amach?**

  *Cad é atá ar eolas againn faoin duine? An bhfuil claontacht ar bith pearsanta soiléir? Dá mhéad ar n- eolas faoin údar, is amhlaidh is mó a bheimid in ann breithiúnas a thabhairt ar iontaofacht a f(h)ianaise.*

- **Cad chuige ar cuireadh an doiciméad seo amach?**

  *Cén fáth ar cuireadh amach é? An raibh sé i gceist go mbeadh sé mar thaifead iontaofa d'eachtraí? An féidir ceannfháth ar bith eile a aithint?*

- **Cérbh iad na cúinsí inar cuireadh an doiciméad seo amach?**

  *An raibh an t-údar ag gníomhú ar a chonlán féin nó faoi éigeantas?*
  *Ar cuireadh amach é le linn síochána nó le linn cogaíochta?*

- **Cá huair a cuireadh an doiciméad seo amach?**

  *Ar cuireadh amach é le linn na n-eachtraí atá mar ábhar ann féin? Ar cuireadh amach é cuid mhór blianta i ndiaidh na n-eachtraí seo? Ó tharla go mbíonn difríochtaí móra idir tuairimí agus barúlacha daoine sna céadta a chuaigh thart agus na cinn atá againn féin, an mbeidh eolas ar bith breise de dhíth chun breithiúnas a dhéanamh ar ábhar an doiciméid?*

  *Is féidir go mbeidh gá le ceisteanna ábhartha eile a chur i leith an doiciméid seo, msh.*

- **Cad é a insíonn an doiciméad seo dom? Cad iad na ceisteanna a fhreagraíonn sé? Cad iad na ceisteanna nach bhfreagraíonn sé?**

  *Cé chomh ábhartha agus atá an doicméad seo d'ábhar m'fhiosrúcháin? Cé chomh hiontaofa agus atá an fhianaise a sholáthraíonn sé? An bhfuil teorainneacha ar bith leis?*

Beidh sé tábhachtach a chur in iúl gur féidir le doiciméid scríofa agus doiciméid amhairc a bheith ann agus gurb é an míniú atá le 'scríofa' ná tras-scríobh ar agallaimh raidió agus teilfíse agus teistiméireachtaí béil. Chomh maith leis sin, is féidir go mbeidh eilimintí amhairc agus scríofa ag doiciméid, msh. cartún polaitiúil. Is féidir teacht ar roinnt dóigheanna chun cineálacha éagsúla foinsí stairiúla a cheistiú ar leathanaigh 24-32.

## (C) MEASÚNACHT

Nuair a bheifear ag tabhairt faoi mheasúnacht scríofa ar anailísiú doiciméad, ba chóir ceisteanna a mhúnlú go cúramach chun cuidiú le scileanna stairiúla agus tuiscint stairiúil daltaí a fhorbairt. Ba chóir go gcuideodh na dóigheanna atá leagtha amach ar leathanaigh 28-34 leis seo. Ba chóir go mbeadh an chreatlach seo a leanas úsáideach agus is é sin an fhormáid a chuirfear i bhfeidhm ar an gceist dhoiciméid-bhunaithe sa scrúdú deireanach.

**Rannán 1 Tuiscint**

*Ní mór do dhaltaí sonraí cuí a bhaint as doiciméid chun ceisteanna a fhreagairt a chuirfear le chéile lena dtuiscint ar shliocht nó a léirmhíniú ar fhoinse amhairc a thástáil*

**Rannán 2 Comparáid**

*Ní mór do dhaltaí comparáid a dhéanamh idir dhá fhoinse nó níos mó faoin eachtra chéanna stairiúil agus nóta a dhéanamh de chosúlachtaí agus de chodarsnachtaí.*

**Rannán 3 Léirmheastóireacht**

*Ní mór do dhaltaí claontacht agus bolscaireacht a aithint; nóta a dhéanamh de thuairimíocht; frithrá a aithint; breithiúnais a dhéanamh ar iontaofacht foinsí áirithe.*

**Rannán 4 Comhthéascú**

*Ní mór do dhaltaí ábhar na ndoiciméad a shuí ina gcomhthéacs stairiúil; tuiscint a léiriú ar cheisteanna agus ar eachtraí a bhaineann leis an tréimhse sin de réir mar atá léirithe in eilimintí an ábhair.*

## C: AN STAIDÉAR TAIGHDE

Baineann an staidéar taighde le staidéar a dhéanamh ar ábhar suntasach stairiúil roghnaithe ag an dalta faoi stiúir an mhúinteora.

Soláthróidh an staidéar seo an bunfhócas le haghaidh fhorbairt scileanna taighde. Soláthróidh sé taithí breise chomh maith maidir le bailiú fianaise agus measúnacht a dhéanamh uirthi. Faoi stiúir an mhúinteora, rachaidh an dalta i ngleic le foghlaim neamhspleách a chuimseoidh bunphrionsabail an tsiollabais agus a bheidh ina ghné lárnach de chláir na hArdteistiméireachta.

Le go dtuigfear croí-phrionsabal na foghlama, beidh sé tábhachtach go mbeidh an t-ábhar faoi leith a roghnóidh gach dalta i ngrúpa ranga uathúil don dalta féin agus ba chóir go léireofaí an uathúlacht seo i dteideal an staidéir.

Is ionann an tuarascáil ar an staidéar taighde agus 20% de na marcanna iomlána. (Dáilfear an 80% ar an scrúdú deireanach.) Cuirfear an tuarascáil seo isteach roimh ré don údarás scrúdúcháin.

## CRITÉAR CHUN ÁBHAIR OIRIÚNACHA STAIDÉIR A ROGHNÚ

1. Ní mór ábhar an staidéir a shainmhíniú go soiléir. Is léir ó thaithí go mbeidh deacrachtaí ann nuair nach mbíonn soiléireacht sa teideal. Ba chóir go mbeadh fócas an staidéir cúng in áit a bheith fairsing ionas gur féidir an t-iniúchadh a bheith domhan. Ó tharlaíonn sé go mbeidh an dalta ag tabhairt faoina t(h)aighde féin, beidh sé tábhachtach nach leathnófar an t-ábhar barraíocht; is é an staidéar taighde 'sainábhar' an dalta agus beidh sé tábhachtach go mbeidh sé réadúil agus domhan.

2. Is féidir go mbainfear úsáid as bunfhoinsí, foinsí tánaisteacha nó meascán den dá shórt. I gcásanna nuair a bhíonn saothair fhoilsithe le staraithe ar fáil, ba chóir dul i gcomhairle le saothar amháin ar a laghad. Ní ghlacfar le téacsleabhair chaighdeánacha scoile mar fhoinsí oiriúnacha le haghaidh staidéar taighde. Beidh ar mhúinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar úsáid bhunfhoinsí. Cuideoidh na scileanna i leith láimhseáil fianaise a fhorbrófar le linn an staidéir doiciméid-bhunaithe leis na daltaí na bunfhoinsí a mheas.

3. Critéar tábhachtach i roghnú an ábhair le haghaidh staidéar taighde is ea gur chóir go mbeadh an t-ábhar a roghnófaí suntasach i gcúrsaí staire. Mar atá léirithe i ndoiciméad na staire, measfar go mbeidh réimse leathan féidearthachtaí ann ar a n-áireofar staidéar ar stair áitiúil agus staidéar staireagrafaíoch. Is dócha go mbeidh an t-ábhar a roghnófar sna catagóirí seo a leanas:

- an méid a chuir duine aonair le heachtra nó le gluaiseacht faoi leith. (Más duine é a bhfuil a shaol clúdaithe in áit éigin eile i gcúrsa an dalta, ba chóir go mbeadh an fócas ar ghné den méid a chuir sé leis an ngluaiseacht.)
- athrú tábhachtach eolaíochta nó teicneolaíochta
- léiriú áitiúil ar ghluaiseacht nó ar fheiniméan náisiúnta
- eachtra stairiúil a bhí ina cúis thábhachtach i leith athraithe
- staidéar áitiúil a bhfuil suntas stairiúil leis.

Cé nár chóir go mbeadh sé eisiach, d'fhéadfaí na catagóirí seo a leanas a bheith níos oiriúnaí do dhaltaí Ardleibhéil:

- an méid a chuir duine aonair le heachtra nó le gluaiseacht faoi leith.
- staidéar ar shuntas stairiúil imeachtaí duine faoi leith (gníomhaíochtaí lena n-áireofar scríbhinní, óráidí)
- staidéar ar shaothar staraí faoi leith
- staidéar ar an dóigh ar caitheadh le heachtra nó le fadhb faoi leith go stairiúil
- staidéar ar fhorbairtí modheolaíochta sa stair, i.e staidéar ar na teicníochtaí agus na coincheapa a mbaineann scoileanna áirithe staire astu, msh. staraithe eacnamaíochta, staraithe ginealach, staraithe áitiúla nó staraithe na mban.

4. Ba chóir béim a chur go mbeadh gá le cúram agus an t-ábhar a roghnú agus gur chóir an rogha a dhéanamh i gcomhairle leis an múinteoir. Ní mór do dhalta an t-ábhar molta a chosaint ina s(h)racphlean agus cuirfear an plean seo isteach chuig an múinteoir ar an gcéad dul síos. Beidh sé riachtanach nach dtabharfaidh an dalta faoi obair shubstaintiúil ar an staidéar taighde sula gceadóidh an múinteoir an plean a thabharfar isteach. Ar an dóigh seo is féidir nach roghnófar ábhar a bheadh mí-oiriúnach, teibí nó mionchúiseach.

5. Beidh sé tábhachtach go mbeifear in ann gach foinse a fhíordheimhniú go réidh. Mar gheall air seo, ba chóir an tsainaithint is iomláine agus is féidir a thabhairt. I gcás foinsí scríofa foilsithe, ba chóir an t-eolas seo a leanas a sholáthar ar a laghad: teideal, údar agus foilsitheoir. I gcás foinsí ar an Idirlíon, ba chóir eolas iomlán URL agus sonraí uimhrithe leathanach a sholáthar. (Féach freisin leathanaigh 61-62.) Is féidir go mbeidh ar dhaltaí chomh maith cóip chrua de ranná(i)n c(h)uí na gcomhad a sholáthar.

# FORMÁID AN STAIDÉIR THAIGHDE

Tá trí chuid sa tuarascáil:

1. An sracphlean
2. An mheasúnacht ar fhoinsí
3. An aiste mhór

| |
|---|
| Meastar nach mbeidh an sracphlean ná an mheasúnacht ar na foinsí níos faide ná leathanach amháin A4. I gcás na haiste móire, meastar go mbeidh c.1000 focal ann do dhaltaí Gnáthleibhéil agus c.2000 focal ann do dhaltaí Ardleibhéil. |

1. An sracphlean: Anseo, beidh ar an dalta an t-ábhar staidéir atá molta aige a shainmhíniú agus a chosaint. Breithneoidh an múinteoir ar indéantacht an mhéid atá molta. Ní mór don dalta na haidhmeanna a shainaithint go luath agus an cur chuige atá molta, ar n-áireofar na foinsí a rachfar i gcomhairle leo. Beidh treoir ghairmiúil an mhúinteora ríthábhachtach ag an bpointe seo.

2. An mheasúnacht ar fhoinsí: Beidh treoir ag teastáil ón dalta agus a c(h)uid foinsí a mheas. Ní mór go mbunófar ábharthacht na bhfoinsí i leith an ábhair staidéir. Nuair a bheifear ag déanamh measúnachta ar láidreachtaí agus ar laigí na bhfoinsí is féidir go mbeidh sé úsáideach do na daltaí amharc ar roinnt ceisteanna ar nós na gceisteanna seo a leanas:

- An soláthraíonn an foinse mioneolas faoi m'ábhar staidéir? An bhfuil an t-eolas atá ar fáil iontaofa? An rannpháirtí, finné súl nó staraí é an t-údar?
- Cad é dearcadh an údair? An bhfuil fianaise ar bith go bhfuil claontacht ann? An léir go bhfuil seasamh an údair go réasúnta oibiachtúil ?
- I dtéarmaí an eolais a bheidh ag teastáil uaim do mo thaighde, cé chomh cuimsitheach agus atá an foinse? Nach bpléann sé ach le roinnt gnéithe den ábhar atá á iniúchadh?
- An bhfuil an cur i láthair lán de bhéarlagair nó úsáidchúntach?

3. An aiste mhór: Beidh sé seo ar an gcuid is substaintiúla den trí ghné. Leagfaidh an dalta síos ann na príomhthorthaí s'aige/s'aici agus na conclúidí. Ba chóir do na daltaí freisin léargas ar an bpróiseas ar thug siad faoi a chur san áireamh ann - léamh na bhfoinsí (nó na rannán cuí iontu), glacadh nótaí, eolas a bhailiú, srl - agus léargas ar a úsáidí agus a bhí an próiseas sin chun na haidhmeanna a leagadh amach sa sracphlean a aimsiú. Ba chóir go leagfaí torthaí amach ar bhealach soiléir, agus réamhrá agus conclúid shoiléir ann agus líne d'fhorbairt loighciúil sa lár. Beidh buntáistí móra ann don dalta, don mhúinteoir agus don scrúdaitheoir má chloítear leis na paraiméadair struchtúrtha seo:

- beidh creatlach shoiléir ag an dalta a mbeidh sé in ann a (h)aiste mhór a bhunú uirthi
- beidh an múinteoir in ann oiliúint a chur ar fáil don rang mar ghrúpa ar an dóigh lena n-aistí móra a leagan amach de réir na creatlaí coitianta seo

- beidh sé níos fusa don scrúdaitheoir measúnacht a dhéanamh ar na haistí móra nuair a chuirfear creatlach choitianta i bhfeidhm.

## CUID II DEN SIOLLABAS: ÁBHAIR STAIDÉIR

Déanfaidh daltaí staidéar ar dhá ábhar a bhaineann le stair na hÉireann agus dhá ábhar a bhaineann le stair na hEorpa agus an domhain mhóir. Tá na hábhair rangaithe i ndá réimse scoite staidéir, agus tá an méid chéanna ábhar ar stair na hÉireann agus ábhar ar stair na hEorpa agus an domhain mhóir iontu. Tá na paraiméadair a bhaineann leis an rogha ábhar leagtha amach thíos.

### RÉIMSE STAIDÉIR: NUA-AOIS NÓ NUA-AOIS DHÉANACH?

Tá na hábhair staidéir socraithe de réir dhá réimse staidéir:

- réimse staidéir na nua-aoise, 1492 - 1815
- réimse staidéir na nua-aoise déanaí, 1815 - 1993

Tá 12 ábhar sa dá réimse staidéir, 6 ó stair na hÉireann agus 6 ó stair na hEorpa agus an domhain mhóir.

Déanfaidh daltaí staidéar ar cheithre ábhar ar an iomlán, iad uile ón réimse chéanna staidéir: dhá ábhar a bhainfidh le stair na hÉireann agus dhá ábhar a bhainfidh leis an Eoraip agus leis an domhan mór.

Meastar go roghnóidh an múinteoir an réimse is fearr staidéir agus an rogha sin bunaithe ar a s(h)aineolas, na nithe a bhfuil spéis ag a d(h)altaí iontu agus na hacmhainní oiriúnacha a bheidh ar fáil.

### An t-ábhar atá leagtha síos le haghaidh staidéar doiciméid-bhunaithe agus ábhar eile a roghnú

Mar atá léirithe sa siollabas, leagfaidh an t-údarás scrúdúcháin dhá ábhar síos le haghaidh staidéar doiciméid-bhunaithe: ceann amháin ó réimse staidéir na nua-aoise agus ceann amháin ó réimse staidéir na nua-aoise déanaí. Is iad na hábhair seo a leanas ó stair na hÉireann na chéad ábhar a leagfar síos:

| | |
|---|---|
| Réimse staidéir na nua-aoise - | **Ábhar 2: Éirí Amach agus concas in Éirinn le linn ré Eilíse, 1558 - 1603** |
| Réimse staidéir na nua-aoise déanaí - | **Ábhar 2: Gluaiseachtaí le haghaidh athchóiriú polaitiúil agus sóisialta, 1870 - 1914** |

A luaithe agus a shocróidh an múinteoir ar an réimse staidéir, beidh trí ábhar sa bhreis le roghnú aige/aici:

- Nuair is ábhar ó stair na hÉireann é an t-ábhar atá leagtha síos, beidh ábhar amháin eile ar stair na hÉireann le roghnú ó na cúig cinn fágtha. Ar an dóigh chéanna, is féidir an dá ábhar eile - ó stair na hEorpa agus an domhain mhóir - a roghnú ó na sé cinn atá fágtha agus meascán ar bith a chur le chéile a mheasfaidh an múinteoir a bheith oiriúnach.
- Beidh paraiméadair den chineál céanna i gceist nuair bhainfidh an t-ábhar atá leagtha síos le stair na hEorpa agus an domhain mhóir, i.e beidh ábhar amháin eile ó stair na hEorpa agus an domhain mhóir le roghnú, agus dhá cheann ó stair na hÉireann, agus tá cead a chinn ag an múinteoir cibé meascán a shíleann sé/sí is oiriúnaí a roghnú.

Is féidir go mbeidh sé úsáideach anseo na pointí thuas a léiriú trí shampla a úsáid. Glacaimis leis go roghnóidh múinteoir réimse staidéir na nua-aoise agus go mbeidh an t-ábhar atá leagtha síos ó stair na hÉireann, **Ábhar 2** [Éirí Amach agus concas in Éirinn le linn ré Eilíse, 1558-1603]. Is é seo a leanas cuid de na roghnanna a bhféadfadh an múinteoir a mhachnamh a dhéanamh orthu agus an dara hábhar ó stair na hÉireann a roghnú:

| ÁBHAR ATÁ LEAGTHA SÍOS | ROGHANNA A D'FHÉADFADH A BHEITH ANN |
|---|---|
| **Ábhar 2:**<br><br>Éirí Amach agus concas in Éirinn le linn na ré Túdaraí. 1558-1603 | **Ábhar 1:**<br><br>Athchóiriú agus Reifirméisean in Éirinn le linn na ré Túdaraí, 1494-1558<br><br>nó<br><br>**Ábhar 3:**<br><br>Ríocht vs. Coilíneacht - an streáchailt le haghaidh na máistreachta in Éirnn, 1603 – 1660\|<br><br>nó<br><br>**Ábhar 6:**<br><br>Deireadh le ríocht na hÉireann agus bunú an Aontais, 1770-1815 |

Is féidir go mbeartóidh múinteoir go bhfuil tábhacht le leanúnachas cróineolaíoch agus gur rogha oiriúnach é staidéar a dhéanamh ar **Ábhar 1** [Athchóiriú agus Reifirméisean in Éirinn le linn na ré Túdaraí] nó **Ábhar 3** [Ríocht vs. Coilíneacht - an streáchailt le haghaidh na máistreachta in Éirnn, 1603 – 1660] ar an ábhar go dtabharfaidh sé an deis staidéar a dhéanamh ar fhorbairtí thar chéad bliain. Ar an lámh eile, d’fhéadfaí **Ábhar 6** a roghnú [Deireadh le ríocht na hÉireann agus bunú an Aontais, 1770-1815] ar an ábhar gurbh fhéidir comparáid a dhéanamh idir cúiseanna agus iarmhairtí le hÉirí Amach an Niallaigh agus Éirí Amach 1798. Bheadh an dá chur chuige bailí.

Ní mór don mhúinteoir ansin dhá ábhar a roghnú a bhainfidh leis an Eoraip agus leis an domhan mór. Is féidir go mbeidh tionchar ag roinnt cuspóirí difriúla ar an rogha a dhéanfar, msh.

- mian chun scrúdú a dhéanamh ar fhorbairtí comhaimseartha san Eoraip
- mian chun an cúlra leathan Eorpach a léiriú i gcomhthéacs príomhfhorbairtí in Éirinn
- mian chun scrúdú a dhéanamh ar roinnt sochaithe áirithe agus riachtanais áirithe chultúrtha agus pholaitíochta acu

Sa deireadh thiar thall, beidh an rogha ag brath go mór ar na hacmhainní a bheidh ar fáil; táthar ag dúil leis go spreagfaidh an rogha leathan a bheidh ar fáil foilsitheoirí agus gníomhaíochtaí stáit chun réimse leathan d’ábhar agus d’acmhainní tacaíochta a sholáthar.

## Rannán a Ceathair    Straitéisí Teagaisc



## 4. STRAITÉISÍ TEAGAISC

Cuireadh an siollabas le chéile ionas gurbh fhéidir é a theagasc laistigh de 180 uair.

Tugadh na moltaí seo a leanas mar threoir faoin méid ama atá le caitheamh ar na rannáin áirithe den siollabas.

| CODANNA DEN SIOLLABAS | ROINNT AN AMA ATÁ MOLTA | LÍON RANGANNA 40 NÓIMÉAD |
|---|---|---|
| 1. Ag obair le fianaise | | |
| Réamhrá: stair agus an staraí | 6 huaire | 9 rang |
| An staidéar doiciméid-bhunaithe | (8 n-uaire sa bhreis)* | (12 rang sa bhreis)* |
| An staidéar taighde | 6 huaire | 9 rang |
| II Ábhair staidéir | | |
| Ábhar caighdeánach | 40 uair<br>40 uair<br>40 uair | 60 rang<br>60 rang<br>60 rang |
| Ábhair le haghaidh staidéar doiciméid-bhunaithe | 48 uair* | 72 rang* |
| **IOMLÁN** | **180 uair** | **270 rang** |

Nóta: Áireofar ar na hiomlána a bhfuil réiltín [*] leo sa bhosca Ábhair Staidéir na leithdháiltí a bhfuil réiltín leo [agus idir lúibíní] atá léirithe sa bhosca Ag obair le fianaise.

Mar a léiríodh sa tábla thuas, moltar go mbeidh roinnt breise ama don sainábhar le haghaidh staidéar doiciméid-bhunaithe. Is é an fáth atá leis seo ná go soláthróidh teagasc an ábhair seo an bunfhócas chun scileanna láimhsithe fianaise a fhorbairt, ar féidir a aistriú go staidéar ar ábhair eile agus don staidéar taighde. Ba chóir go mbeadh buntáistí breise ann mar gheall ar an am breise a thabharfar dó nuair a bheidh an dalta ag foghlaim faoi ábhair eile agus nuair a thabharfar faoin staidéar taighde. Mar gheall air seo, moltar go láidir go dtabharfar faoin staidéar doiciméid-bhunaithe sula dtabharfar faoi obair ar an staidéar taighde.

## TEAGASC CUID I: AG OBAIR LE FIANAISE

## A. STAIR AGUS AN STARAÍ

### CAD É AN RUD É STAIR?

Bealach amháin le tabhairt faoin gceist seo ná an cheist a chur ar an rang le haghaidh freagra aonair nó mar ábhar le haghaidh plé grúpa agus sainmhíniúcháin. Léireoidh an réimse sainmhiniúcháin cé chomh cúng nó leathan agus atá tuiscint an ranga faoin dóigh a n-úsáideann daoine an focal 'stair'.

Is féidir roinnt athfhriotal a bhaineann leis an stair a úsáid chun tuiscintí áirithe a bhaineann leis an bhfocal a aimsiú. Sa liosta seo a leanas tá samplaí de na príomhchialla:

*History…is, indeed, little more than the register of the crimes, follies and misfortunes of mankind.*

Edward Gibbon,

*The Decline and Fall of the Roman Empire*

*We feel in England that we have treated you rather unfairly. It seems history is to blame.*

Haines le Stephen Dedalus in James Joyce,

*'Ulysses'*

*Human blunders usually do more to shape history than human wickedness.*

A.J.P. Taylor,

*The Origins of the Second World War*

*The Thames is liquid history.*

John Burns, British Liberal politician

*There has been a recent televised debate in Northern Ireland on the theme that 'Irish history will be the death of us'. If 'history' is here used as meaning the past itself, it can well be argued that the consequences of long-standing bitterness and violence will destroy us. But if 'history' is used in its proper sense of a continuing, probing, critical search for truth about the past, my argument would be that it is not Irish history but Irish mythology that has been ruinous to us…*

T.W. Moody - Irish History and Irish Mythology

(Aitheasc an Uachtaráin chuig Cumann Staire D. U. , 10-5-1977) in *Interpreting Irish History* ed. C. Brady 1994 Irish Academic Press)

Nuair a bhíonn tuiscint forbartha ag rang faoi choincheap na staire mar phróiseas fiosrúcháin, is féidir a dtuiscint a mheas trí réamhstaidéar ar **obair an staraí.** Is réamhstaidéar é sa dóigh is go ndéanfar tuilleadh forbartha ar chuid mhór de na ceisteanna a thógfar i gcomhthéacs na hoibre ar an staidéar doiciméid-bhunaithe agus ar an staidéar taighde. Is iad fianaise, taighde agus tuiscint na trí phríomhchoincheap ar chóir béim a chur orthu anseo. Sainaithníonn an mogalra seo a leanas na príomheilimintí a bheidh le plé agus measúnacht á déanamh ar choincheap na fianaise:

| **Téarmeolaíocht** | **Éagsúlachtaí fianaise** | **Stóir fianaise** | **Fianaise a cheistiú** |
|---|---|---|---|
| Fianaise | Taifid oifigiúla | Leabharlanna | Cé? |
| Foinsí | Taifid institiúide | Cartlanna | Cad chuige? |
| Bunfhoinsí | Taifid phríobháideacha | Iarsmalanna | Cá huair? |
| Foinsí tánaisteacha | Cuntais nuachtán | An tIdirlíon | Cá háit? |
| Tuiscint | Fianaise béil | Áiléir! | Cad é? |

Bealach amháin le tabhairt faoi na ceisteanna a thógfar anseo is ea cóipeanna de roinnt foinsí áirithe a chur i láthair an ranga, msh. teastas breithe duine éigin, aiste bia ó thithe na mbocht, litir scríofa ag saighdiúir ag an bhfronta sa Chéad Chogadh Domhanda agus cuntas nuachtán ar dhul faoi an Titantic. Trí úsáid a bhaint as an mogalra thuas mar threoir, d'fhéadfaí sraith ceisteanna a chur ar an dóigh seo a leanas:

- *Cad é mar a d'fhéadfaí an fhoinse seo a úsáid mar fhianaise?*
- *An bunfhoinse atá ann nó foinse thánaisteach? Mínigh.*
- *An dtagann sé ó thaifid oifigiúla nó phríobháideacha (nó eile)?*
- *Cá háit ar dócha a mbeadh foinse mar seo coinnithe ann?*
- *Cé a chuir an fhoinse sin amach? Cén fáth a bhí léi, mar fhoinse? Cá huair a cuireadh amach é? Cad é na cúinsí inar cuireadh amach í? Cad é an fhianaise is féidir a bhaint aisti? Cé chomh hiontaofa agus atá an fhianaise sin?*

Nuair a bheifear ag tabhairt faoi na ceisteanna seo, ba chóir do dhaltaí léargas a fháil ar ghnéithe áirithe d'obair an staraí, msh. réimse na bhfoinsí ar féidir fianaise a fháil uathu agus an dóigh ar chóir na foinsí seo a cheistiú má bhítear le fianaise a fháil uathu.

## TAIGHDE

Chun tuilleadh tuisceana a fháil ar obair an staraí, beidh sé riachtanach na príomhchéimeanna a bhaineann le taighde stairiúil a chur in iúl do dhaltaí. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu ar an dóigh seo a leanas:

1. **Ag sainmhíniú** faidhbe nó ceiste a bhfuil spéis ag an staraí ann agus a meastar gurbh fhiú iniúchadh a dhéanamh uirthi.

2. **Ag aimsiú foinsí -** ag socrú ar na foinsí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach agus ag cinntiú faoin áit ar dócha go dtiocfar ar na foinsí sin; ag dul don obair spáide.

3. **Ag ceistiú na bhfoinsí -** ag cur na gceisteanna a bhféadfadh úsáid na bhfoinsí mar fhianaise a éascú.

4. **Ag taifeadadh sonraí -** ag déanamh nóta d'eolas ar bith a bhfuil an chosúlacht air a bheidh ábharthach agus tábhachtach.

5. **Ag bailiú eolais** - ag tarraingt na sraitheanna áirithe le chéile ar bhealach soiléir agus loighiciúil.

6. **Ag déanamh breithiúnas -** ag teacht ar chonclúidí ón bhfianaise a scrúdófar ar bhealach cothrom agus soiléir.

Is iad seo, go bunúsach, na céimeanna trína rachaidh an dalta agus é/í ag ullmhú staidéar taighde. Ag an mbunleibhéal seo, is féidir go mbeidh buntuiscint ag teastáil trí cheacht ar nós an cheachta seo a leanas:

Sainmhíneoidh an múinteoir ceist nó fadhb don rang msh. méid an tionchair a bhí ag An Gorta Mór ar an gceantar seo. Iarrfar ar an rang machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

*Cad iad na cineálacha foinsí a chuideodh linn an cheist seo a fhreagairt?*

*Cá háit a mbeadh na foinsí seo ar fáil?*

*Cad iad na ceisteanna ba chóir dúinn a chur chun an t-eolas cuí a fháil ó na foinsí?*

Cuirfidh an múinteoir i láthair ina dhiaidh sin sonraí áirithe a bhaineann leis an ábhar agus iarrfar ar an rang iad a bhailiú agus iarrfar orthu conclúidí a aimsiú uathu chun an cheist a cuireadh a fhreagairt.

## TUISCINT

Nuair a thabharfar faoi cheacht den chineál seo tabharfaidh sé deis ceisteanna a thabhairt isteach a bhainfidh le tuiscint fianaise: ceisteanna ar nós claontachta, oibiachtúlachta, cothromaíochta, agus an dóigh ar féidir le tuiscintí nua eascairt as fianaise nó léargais nua.

Is féidir go gcuirfear na ceisteanna seo a leanas ar an rang i gcomhthéacs an cheachta thuas:

*An léir go bhfuil claontacht ar bith ann sna foinsí atá roghnaithe agam? An léir go bhfuil claontacht ar bith ann sna foinsí iad féin?*

*Cad iad na héilimh a chuireann prionsabal na hoibiachtúlachta orainn anseo? An bhfuil go leor foinsí againn chun cuntas cothrom a chinntiú?*

*An dtuigimid na fáthanna nach féidir lenár gconclúidí a bheith deifnídeach ach sealadach amháin?*

Is féidir an ceacht seo a úsáid freisin le lárnacht an athraithe sa staidéár ar stair a léiriú.

Má bhíonn béim an cheachta ar An Górta Mór, is féidir ceisteanna a thógáil faoina thionchar ar shaol an duine, ar institiúidí daonna agus ar thraidisiúin chultúrtha. De réir a chéile éireoidh sé níos soiléire go mbeidh gá le tuilleadh fiosraithe faoin ábhar. Beidh sé seo úsáideach mar phointe 'aistrithe' le haistriú ar aghaidh chuig na chéad ábhar staidéir.

## B. STAIDÉAR DOICIMÉID-BHUNAITHE

Go ginearálta, ba chóir an t-ábhar a roghnófar le haghaidh staidéar doiciméid-bhunaithe a theagasc ar an dóigh chéanna le hábhair eile. Ba chóir tuilleadh ama, áfach, a thabhairt d'úsáid bhunfhoinsí, go háirithe agus cás-staidéir a theagasc. Is mar gheall air seo a mholtar gur chóir roinnt ama breise a bheith ann vis-à-vis na hábhair eile a bheidh á dteagasc. [Féach rannán ar Ábhair Staidéir.] Beidh an rannán seo dírithe ar straitéisí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm nuair a bheifear ag obair le foinsí sa seomra ranga.

Is é an chéad chéim a bheidh ann don mhúinteoir ná na foinsí a bheidh le húsáid lena rang a roghnú. Nuair a bheifear ag baint úsáide as téacsleabhar, is dócha go mbeidh rogha foinsí ann; is féidir go dtiocfaidh foinsí eile as láithreáin Ghréasáin, bailiúcháin CD Rom, cartlanna nuachtán áitiúil, srl. Nuair a bheifear an roghnú foinsí le húsáid sa seomra ranga, ní mór don mhúinteoir roinnt fachtóirí a choinneáil ar intinn, msh.

- Leibhéal léitheoireachta (agus/nó, i gcás foinsí amhairc, leibhéal na litearthachta amhairc ag teastáil) – Má bhíonn daltaí le dul i ngleic le foinsí staire, beidh tábhacht mhór ag baint leis an dóigh agus le hábhar an mhéid a chuirfear i láthair. Is féidir le doiciméid oifigiúla, mar shampla, deacrachtaí móra a chruthú ach is féidir iad a dhéanamh níos 'úsáidchúntaí' trí ghluais a sholáthar faoi na téarmaí agus/nó nótaí chun an comhthéacs a mhíniú. Is féidir go mbeidh sé riachtanach freisin eagar a chur ar fhoinsí, ach ní mór a bheith cúramach go gcinnteofar nach n-athrófar míniú nó nach dtiocfaidh athrú ar bhéim mar thoradh air.
- Oiriúnacht - Ní mór don mhúinteoir a bheith soiléir ina intinn faoi na cuspóirí a bhaineann le foinse. Ar leibhéal amháin, is féidir go roghnófar foinsí chun cuidiú le heolas agus tuiscint an dalta a fhorbairt ar an ábhar a mbeifear ag déanamh staidéir air, msh. d'fhéadfaí úsáid a bhaint as grianghraif de Chomhdháil Chorp Chríost i mBaile Átha Cliath sa bhlain 1931 chun méid na hollrannpháirtíochta agus cuma chráifeach na rannpháirtithe a léiriú. Ar leibhéal eile, imríonn foinsí ról lárnach i bhforbairt scileanna criticiúla. Más rud é gurb é an toradh foghlama a mbeifear ag dúil leis go mbeidh na daltaí in ann '*Look at a contentious or controversial issue from more than one point of view'*, ansin beidh impleachtaí soiléire aige sin ar roghnú na bhfoinsí cuí. I gcás-staidéar ar nós *'Conspóid Ollscoil Uladh, Cúil Raithin'* beidh sé riachtanach go roghnófar foinsí chun roinnt peirspictíochtaí faoin gceist a bheidh idir lámha a léiriú.
- Gníomhaíochtaí seomra ranga - Cad é mar a úsáidfear na foinsí sa seomra ranga? An oibreoidh na daltaí i ngrúpaí? An dtabharfar na foinsí céanna do dalta? An úsáidfear na

foinsí mar bhonn le haghaidh ról-imirtí? Cá mhéad den ról 'Mar Dhia' a bheidh ag an múinteoir ag deireadh an cheachta?

- Measúnacht - Cad iad na modhanna measúnachta a mbeidh á n-úsáid agam chun an méid agus a bheidh na torthaí cuí foghlama á n-aimsiú a chinntiú?

Mar a chuirtear in iúl go soiléir sa siollabas is féidir le doiciméid scríofa agus doiciméid amhairc a bheith ann agus is é an míniú atá le 'scríofa' ná tras-scríobh ar agallaimh raidió agus teilfíse agus teistiméireachtaí béil. Cé gur féidir na ceisteanna atá léirithe ar leathanaigh 11-12 thuas a chur i bhfeidhm ar fhoinse staire de chineál ar bith, is féidir go mbeidh sé ina chuidiú iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar na dóigheanna inar féidir anailís a dhéanamh ar na cineálacha áirithe foinsí. Ní amháin gur féidir na curtha chuige áirithe atá léirithe sna leathanaigh a leanas a chur i bhfeidhm ar an staidéar doiciméid-bhunaithe ach baineann siad le gach cinéal oibre le foinsí, lena n-áirítear an staidéar taighde.

**STAIR**

1 Aithnítear le buíochas an cead a tugadh tarraingt ar obair Robert Stradling ina leabhar, *Teaching 20th-century European History (Council of Europe Publishing, 2001).*

**CUR CHUIGE MAIDIR LE hANAILÍS A DHÉANAMH AR FHOINSÍ SCRÍOFA**

Aistríonn an cur chuige atá leagtha amach thíos ó chur síos díreach ar an bhfoinse agus a bhfuil ann chuig tuiscint agus measúnacht chriticiúil agus, ar a bharr sin, chuig comhthéacs níos leithne de réamheolas agus de thaighde a d'fhéadfaí a bheith ann sa todhchaí. Ní bhainfidh gach ceist a chuirfear le gach foinse.

| **CUR SÍOS** | |
|---|---|
| Cén cineál foinse scríofa atá ann? | An cuntas ó fhinné súl é? Litir? Tuarascáil oifigiúil? Sliocht as beathaisnéis? |
| Cá huair a scríobhadh é? | An bhfuil dáta tugtha leis? Ar scríobhadh é ag an am inar tharla an eachtra/na heachtraí nó ina dhiaidh sin? |
| Cé a scríobh é? | An luaitear údar leis? An bhfuil an t-ainm ar eolas againn? |
| Cad chuige ar scríobhadh é? | An tuarascáil chuig an rialtas a bhí ann? An alt nuachtáin a bhí ann? An litir chuig cara a bhí ann? |
| Cad iad na príomhphointí a dhéanann an t-údar?<br><br>An bhfuil daoine nó eachtraí luaite anseo nach bhfuil eolas agat orthu?<br><br>An bhfuil focail anseo nach dtuigeann tú? | Ní mór do thuiscint a bheith ann sula dtabharfar faoi anailís. |
| **TUISCINT** | |
| An bunfhoinse atá ann nó foinse thánaisteach? | *An finné súl a bhí san údar? Ar scríobhadh an doiciméad nuair a tharla an eachtra nó laethanta, seachtainí, míonna nó blianta ina dhiaidh?* |
| An bhfuil a fhios againn an dóigh a bhfuair an t-údar an t-eolas atá sa doiciméad seo? | *An bhfuil leideanna ar bith ábhartha sa doiciméad é féin?* |
| An amhlaidh go bhfuil an cuntas iontaofa? | *Má tá (nó mura bhfuil), cad iad na leideanna sa téacs a léiríonn é seo?* |
| An léir go bhfuil ceannfháth eile ag an údar? | *msh. féin-fhírinniú? Le leas nó le haimhleas an duine a gheobhadh an doiciméad?* |

| | |
|---|---|
| An luann an t-údar dearcadh? | *An é go bhfuil an t-údar go simplí ag cur síos ar rud a tharla nó an bhfuil tuairimí pearsanta agus conclúidí sa doiciméad?* |
| An bhfuil an t-údar ar bhealach ar bith claonta? | *An bhfuil an t-údar ag iarraidh cuntas oibiachtúil agus cothrom a fháil ar an méid a tharla? An bhfuil frásaí ar bith ann a chuireann claontacht in iúl in aghaidh grúpa, duine aonair nó dearcadh ar bith?* |
| **COMHTHÉACS LEATHAN** | |
| An dtacaíonn an fhianaise sa doiciméad seo nó an mbréagnaíonn sé réamheolas a fuarthas ó théacsleabhar nó ó fhoinsí eile? | *Má thagann an fhianaise salach ar fhianaise eile, cad é mar is féidir é seo a mhíniú?* |
| An bhfuil bearnaí ar bith san fhianaise a chruthaíonn deacrachtaí maidir le conclúidí a bhaint amach? | *msh. ainmneacha nó dátaí ar lár?* |
| Cad iad na foinsí eile a d'fhéadfaí a úsáid leis na bearnaí san fhianaise a líonadh nó chun an cuntas a sheiceáil agus/nó an tuiscint atá curtha ar fáil sa doiciméad? | *Cuntas le staraí a rinne staidéar ar réimse leathan de bhunfhoinsí?* |

Tá an fhoinse seo a leanas ann le deis a thabhairt do mhúinteoirí an cur chuige iomlán atá léirithe thuas a chur  i bhfeidhm do shampla praiticiúil. Tagraíonn an fhoinse do Martin Luther ag Worms sa bhliain 1521.

**FOINSE A**

April 25
*I cannot tell you how much favour he [Luther] enjoys here, and which is of such a nature that, on the Emperor's departure and the dissolution of the Diet, I suspect it will produce some bad effect, most especially against the prelates of Germany. In truth, had this man been prudent, had he restricted himself to his first propositions, and not entangled himself in manifest errors about the faith, he would have been, I do not say favoured, but adored by the whole of Germany. I was told so at Augsburg by the Duke of Bavaria and many others, and I see the same by experience.*

April 26
*Luther is a man who will not relinquish his opinion, either through argument fear or entreaty … He has many powerful partisans who encourage him, and against whom no one dares to [proceed] … His books are sold publicly in Worms, although the Pope and the Emperor, who is on the spot, have prohibited them.*

Ó sheoltaí Gaspar Contarini, an t-ambasadóir Veinéiseach, 1521 - glacadh an leagan seo ó Andrew Johnston (1996), *The Reformation in Europe (history at source*), Hodder and Stoughton.

## CUR CHUIGE MAIDIR LE HANAILÍS A DHÉANAMH AR FHOINSÍ AMHAIRC

Bíonn ról mór ag pictiúir, cartúin, grianghraif agus foinsí amhairc eile i múnlú ár n-íomhánna de dhaoine agus d'ócáidí san am a chuaigh thart. Ó phictiúr Cranach de Mhártan Liútar agus pictiúir Holbein de Henry VIII go grianghraif nua-aimseartha de Adolf Hitler agus John Fitzgerald Kennedy, bíonn tionchar mór ag ag íomhá amhairc ar an dearcadh a bhíonn againn ar dhaoine poiblí. Baintear úsáid as íomhánna áirithe chun eachtraí suntasacha staire a chuimsiú msh. greanadh adhmaid ó 1557 de Liútar ag dó bulla de chuid an Phápa, grianghraf de scartáil Bhalla Bheirlín i Samhain, 1989. Is féidir dallamullóg a bheith orainn go furasta, áfach, mura n-éiríonn linn an anailís agus an t-iniúchadh céanna a chur orthu agus a chuirimid ar fhoinsí staire eile. Is tearc pictiúr ná grianghraf a bhfuil suntas stairiúil ag baint leo atá 'neodrach'; rachaidh na teicníochtaí a úsáideadh (ar nós na huillinne nó úsáid an tsolais) ar an tuiscint a bheidh againn ar a bhfeicfimid. Is iondúil a léiríonn cartúin stairiúla dearcadh faoi leith. Má fhoghlaimítear an dóigh le híomhánna den chineál sin a 'léamh' nó a thuiscint is amhlaidh go méadófar tuiscint stairiúil an dalta.

Seo a leanas cuid de na dóigheanna inarbh fhéidir foinsí amhairc a úsáid ar bhealach anailíseach i dteagasc na staire:

- Bain úsáid as pictiúir nó grianghraif chun staidéar a dhéanamh ar ghnéithe den sochaí agus den gheilleagar ar nós cleachtais oibre, shaol an teaghlaigh, áineasa, éadaigh agus róil na mban.

- Nuair a bhíonn sé oiriúnach, bain úsáid as grianghraif chun forbairtí a rianú thar thréimhse ama ábhair.

- Glac pictiúr nó grianghraf a bhfuil mionsonraí chun tosaigh iontu ach bain ar shiúl na tagairtí as a bhféadfaí é a shainaithint (ar nós dáta agus foscríbhinne). Roinn an pictiúir de réir míreanna áirithe (msh. trí ghreille thrédhearcach a chur ar an bpictiúr), iarr ar na daltaí cur síos mion a dhéanamh ar a bhfeiceann siad i ngach mír den phictiúr. Ansin, trína mionchur síos a úsáid, tabhair roinnt ceisteanna dóibh faoin bpictiúr msh. Cén tréimhse ama atá i gceist? Cá háit a bhfuil sé? Cén t-am den bhliain atá ann? I ngach cás, ba chóir dóibh na leideanna atá úsáidte acu a liostáil agus an réasúnaíocht atá taobh thiar daoibh a mhíniú.

- Is minic gur fearr úsáid a bhaint as cartúin ag deireadh na hoibre ar ábhar nuair a bhíonn an t-eolas ag daltaí a chuideoidh leo na leideanna sa chartún a aithint agus a oibriú amach. Is féidir go ndíreofar an obair ar chuspóirí an chartúnaí agus/nó an teachtaireacht atá sé/sí ag iarraidh a chur in iúl.

Le linn dóibh a bheith ag obair le foinsí amhairc, ba chóir do dhaltaí teacht ar an eolas faoi nádúr agus faoi shaintréithe leithleacha léiriúchán amhairc ón am a chuaigh thart msh.

- Grianghraif a coinneoidh ar mhaithe leis an taifead stairiúil agus nach iontu ach ‘slisní an tsaoil’ ach a chuaigh faoi dhianphróiseas roghnúcháin, ón ngrianghrafadóir a rinne cinntí faoi chomhdhéanamh na híomhá leis an gcartlannaí a shocraigh gurbh fhiú é a choinneáil.

- Is fusa eagar a chur ar ghrianghraif: cás den chineál is ea sampla cáiliúil d’íomhá Trotsky á baint de ghrianghraif oifigiúla cé gur measa i bhfad mí-ionramháil grianghraf ná cinsireacht shoiléir na bolscaireachta.

- Is féidir gur coimisiúnaíodh pictiúir le híomhá faoi leith den ábhar a léiriú.

- Rachaidh dearcadh an phéinteálaí i leith a (h)ábhair i bhfeidhm i dtólamh ar an dóigh a n-amharcfaimid ar an bpictiúr.

- Is minic a bheidh breithniúcháin aeistéitiúla agus ealaíona (agus na bolscaireachta) chun tosaigh ar chruinneas pictiúir mar dhoiciméad sóisialta nó mar thaifead den saol ‘mar a caitheadh’.

- Is cuma le cartúnaithe faoi dhearcadh cothrom a léiriú. Chun a dtuairim a thabhairt ar bhealach beoga, greannmhar (agus ar uairibh, conspóideach), bíonn siad ag brath go mór ar áibhéal agus ar scigléiriú.

- Go hiondúil, déanann cartúnaithe toimhdí faoi réamheolas an léitheora/lucht féachana. Ní mór do dhaltaí na toimhdí seo a oibriú amach má tá siad le ciall na gcartún is casta agus is díscréidí a thuiscint.

- Chun dul i ngleic go héifeachtach leis an lucht féachana a mbítear ag dúil leis, ní mó do chartúin coinbhinsiúin áitiúla agus chomhaimseartha a leanúint maidir lena bhfuil inghlactha agus nach bhfuil inghlactha le haghaidh caracatúir agus aoir. Tagann athrú ar choinbhinsiúin den chineál seo le himeacht ama agus tagann athrú orthu ó thír go tír.

Léiríonn an dá ghreille seo a leanas cur chuige maidir le hanailís a dhéanamh ar ghrianghraif agus ar chartúin stairiúla. D'fhéadfaí eilimintí den dá chreatlach a chur i bhfeidhm ar anailís ar an dá phictiúr stairiúla. Mar is amhlaidh leis an anailís ar dhoiciméid scríofa, bogann an cur chuige ó chur síos chuig tuiscint chuig an gcomhthéacs leathan.

I ngach cás, cuireadh sampla ar fáil ionas gur féidir le múinteoirí an cur chuige a chur i bhfeidhm ar bhealach coincréideach agus praiticiúil.

<table>
<tr><th colspan="3">GRIANGHRAIF STAIRIÚLA</th></tr>
<tr><td colspan="3">Cur síos<br><br>Cuir síos ar an méid a fheiceann tú sa ghrianghraf. Cuir síos ar na daoine agus ar an méid atá siad a dhéanamh agus/nó na nithe atá léirithe</td></tr>
<tr><td>Tuiscint</td><td>Fianaise?</td><td>Cé chomh cinnte agus atá tú?</td></tr>
<tr><td>Cad é a shíleann tú atá ag tarlú anseo:<br><br>Cé hiad na daoine/cad iad na rudaí?<br><br>Cá huair, nó ar cén ócáid, a síleann tú a glacadh é?<br><br>An bhfuil cuma chumtha air nó nádúrtha?</td><td></td><td></td></tr>
<tr><th colspan="3">COMHTHÉACS LEATHAN</th></tr>
<tr><td>Cad iad na foinsí eile a chuideodh leat do chuid conclúidí faoin ngrianghraf seo a sheiceáil?</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Cad é atá ar eolas agat cheana féin faoi na hócáidí a bhaineann leis an radharc sa ghrianghraf seo?</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Ar tógadh ceisteanna ar bith mar gheall ar an ngrianghraf faoinar mhaith leat freagraí?</td><td></td><td></td></tr>
</table>

**FOINSE B**

Grianghraf: Nóta Iarsmalann Chogadh na hImpireachta ar an ngrianghraf:

Glacadh an grianghraf seo le linn Chomhdháil Teheran, 1943.

Is í an ócáid a bhí i gceist ná ceiliúradh bhreithlá 69 bliain d'aois Mr. Winston Churchill.



## CARTÚIN STAIRIÚLA

| CUR SÍOS | |
|---|---|
| Cuir síos go cruinn ar an méid a fheiceann tú sa chartún | Cuir síos ar na carachtair atá léirithe. Cén cineál éadaigh atá orthu? Cad é atá siad a dhéanamh? Ar tarraingíodh go réadúil iad nó an raibh áibhéil i gceist? (Má bhí áibhéil i gceist, cén dóigh?)<br><br>Cuir síos ar na rudaí léirithe. Cuir síos ar an gcúlra, turla, srl. |

| Tuiscint | Fianaise? | Cé chomh cinnte agus atá tú? |
|---|---|---|
| An aithníonn tú duine ar bith de na carachtair? Má bunaíodh iad ar fhíordhaoine, ainmnigh iad agus an stádás a bhí acu ag am tarraingthe na gcartún. | | |
| Seiceáil bliain agus dáta na foilsithe. Cad é an ócáid nó ceist lena mbaineann sé? | | |
| Cad é atá ar eolas againn faoin ócáid/gceist? | | |
| Cad é an chiall atá leis an bhfoscríbhinn? An bhfuil sé in ainm is a bheith greannmhar nó íorónta? Má tá, ar cén dóigh? | | |
| An féidir leat siombailí nó stocfhigiúir ar bith atá an cartúnaí á n-úsáid a aithint? (msh. Uncle Sam)? | | |
| Ar tarraingíodh na carachtair ar bhealach dearfach nó diúltach? An bhfuil plámás i léiriú an chartúnaí nó an bhfuil sé criticiúil? | | |
| **COMHTHÉACS LEATHAN** | | |
| Cad iad na foinsí stairiúla eile a chuideodh leat do chuid conclúidí faoin gcartún | | |

| | | |
|---|---|---|
| seo a sheiceáil?<br><br>Cé chomh héifeachtach agus atá an cartún seo agus a chuspóir a bhaint amach?<br><br>Ar tháinig athrú ar do thuiscint ar an ócáid, ar an gceist nó ar an duine dá dtagraíonn sé mar gheall ar an gcartún? | | |

SOURCE C




THE RIVALS.

Note on cartoon: A *Punch* cartoonist's view of Gladstone's 1881 land bill.

**CUR CHUIGE MAIDIR LE HANAILÍS A DHÉANAMH AR FHOINSE BÉIL**

Le linn dóibh a bheith ag déanamh staidéir, is dócha go rachaidh na daltaí i ngleic le samplaí de theistiméireacht béil. Go deimhin, ba chóir go mór go rachaidís. Eascraíonn an tsuim reatha sa teistiméireacht béil ó fhás sa tsuim in 'stair ón mbun' .i. teistiméireacht gnáthdhaoine ar minic a bhíonn a gcuid peirspictíochtaí ar iarraidh ón dtaifead stairiúil. Is féidir leis chomh maith bealaí nua iniúchtha a oscailt nuair a bhíonn srian ar ábhar cartlainne a eisiúint mar gheall ar pholasaí rialtais. Tá cartlanna anois de theistiméireacht béil in iarsmalanna áirithe (ar nós Iarsmalann Stair Shaothar na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus Iarsmalann Chogadh na hImpireachta i Londain).

Cé gur cuireadh béim nua air ar na saolta seo, ní rud nua é bunteicníocht na staire béil. Scríobh Thucydides ag tús a staire ar Chogadh na Peilipinéise: *'Either I was present myself at the events I have described or else I heard them from eyewitnesses whose reports I have checked with as much thoroughness as possible*.' Cosúil le cineálacha eile fianaise béil, bíonn cur chuige ag teastáil maidir le teistiméireacht béil. Ní mór do dhaltaí a thuiscint nach ionann duine a bheith i láthair ar ócáid agus a leagan a bheith cruinn beacht. Sa sliocht seo, lean Thucydides ag rá: '*Not that even so the truth was easy to discover: different eye-witnesses give different accounts of the same events.'*

Is féidir leis an luach oideachasúil a bhaineann lena bheith ag obair le fianaise béil a bheith an-tábhachtach ar fad:

- is féidir le fianaise béil an t-eispéireas a chur i láthair na ndaltaí láithreach bonn agus cuidiú leo treisiú leis na daoine a mhair san anallód.
- is féidir le fianaise béil rochtain faoi leith a thabhairt do dhaltaí ar pheirspictíochtaí gnáthdhaoine
- nuair a bhítear ag obair le fianaise béil, is féidir leis cuid mhór deiseanna a sholáthar maidir le scileanna fiosrúcháin agus cumarsáide a fhorbairt.

Léirionn an ghreille a leanas cur chuige maidir le hanailís a dhéanamh ar fhianaise béil. Mar is amhlaidh leis an anailís ar dhoiciméid scríofa agus amhairc, bogann an cur chuige ó chur síos chuig tuiscint chuig an gcomhthéacs leathan.

| CUR SÍOS | |
|---|---|
| Cén cineál duine atá ag caint? | *Duine faoi leith nó finné súl? Duine bocht nó saibhir? Duine a bhfuil cumhacht mhór aige nó gnáthoibrí? Bean nó fear? Duine fásta nó leanbh?* |
| Cén cineál ráitis atá an t-urlabhra a dhéanamh? An bhfuil an t-urlabhra ag caint ar an rud a thit amach nó ar an bhfáth ar thit sé amach? | *Cur síos díreach? Iarracht déanta ar eachtraí a mhíniú? Léiriú tuairimí?* |
| An é go bhfuil an t-urlabhra ag freagairt ceisteanna go simplí nó ag déanamh iarrachta scéal a aithris? | *Má tá an t-urlabhra ag freagairt ceisteanna, cad é atá ar eolas againn faoi na ceisteanna a cuireadh? Má tá an t-urlabhra ag déanamh iarrachta scéal a aithris, cad é príomhphointí an scéil?* |
| An bhfuil an t-urlabhra ag caint faoi imeachtaí reatha nó imeachtaí a tharla níos luaithe ina s(h)aol? | *An bhfuil an t-urlabhra ag brath ar a c(h)uimhe nó an bhfuil tagairt ar bith ann do nótaí, dialanna nó leideanna ar bith eile? An amhlaidh gur mó an t-amhras a bheidh orainn faoin urlabhra má tharla na himeachtaí i bhfad ó shin?* |
| **TUISCINT** | |
| Cad é atá ar eolas againn faoin bpróiseas trínar cruthaíodh an fhianaise seo? | *Cad é clár an agallóra? Cuardach neamhchlaonta le haghaidh na fírinne? Bonn roghnach le tacú le tuairim?* |
| An bhfuil an t-urlabhra ag iarraidh ceisteanna an agallóra a fhreagairt i ndáiríre? | *An bhfuil an t-urlabhra ag iarraidh a bheith seachantach? An bhfuil an t-urlabhra ag iarraidh dul i bhfeidhm ar an agallóir nó an lucht féachana a bhfuil an chaint dírithe air?* |
| *An bhfuil an t-urlabhra ag iarraidh dul i bhfeidhm ar an agallóir nó an lucht féachana a bhfuil an chaint dírithe air?* | *An bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil freagraí an urlabhra cosantach nó leithleasach?* |
| An mothaíonn tú go bhfuil sé claonta? | *Má tá, cad iad na focail nó frásaí a chuireann é seo in iúl?* |
| **COMHTHÉACS LEATHAN** | |
| Cad iad na foinsí eile a d’fhéadfaí a úsáid le cros-seiceáil a dhéanamh ar an bhfianaise a thug an t-urlabhra? | *Fianaise béil ó dhuine éigin ó lasmuigh de thimpeallacht chultúrtha an urlabhra? Taifid rialtais? Tuarascálacha nuachtán?* |

Tagann an sliocht seo a leanas ó thuarascáil Choimisiún Devon inar chualathas fianaise béil ó chónaitheoirí tuaithe na hÉireann sa bhliain 1844. Sa sliocht, d'fhreagair James Carey, saothraí a raibh seisear páistí aige, ceisteanna faoi réim bia a theaghlaigh. Is féidir cuid mhór de na ceisteanna atá léirithe sa chur chuige thuas, ach ní iad uile, a chur i bhfeidhm go húsáideach ar an tras-scríbhinn thábhachtach seo fianaise béil.

*Q:* *How many meals a day have your family generally?*
*Carey:* *Three.*

*Q:* *Take breakfast – what do they have for breakfast?*
*Carey:* *Potatoes and milk, unless we chance to buy a hundred of meal, then they have stirabout when the potatoes get bad.*

*Q:* *Have they stirabout generally for breakfast?*
*Carey:* *No, only now and then; at times we get potatoes for them and a sup of milk.*

*Q:* *Do you always have milk?*
*Carey:* *No, the cow is sometimes in calf.*

*Q:* *What do you do then?*
*Carey:* *Eat them dry.*

*Q:* *Do the children ever get a herring or anything of that kind?*
*Carey:* *Yes, when we have a penny to buy it, or a sup of gruel to take with the potatoes.*

*Q:* *Do you ever get any butter?*
*Carey:* *No.*

*Q:* *How often a year do you get meat?*
*Carey:* *We never get meat except a bit at Christmas, that would last for a week. We may chance to buy a half a pound of bacon on market day and dress a bit of greens with it and fry it.*

*Quoted in M.E. Collins, (1972) Ireland Three, Educational Company of Ireland.*

## C. AN STAIDÉAR TAIGHDE

Is é an cuspóir atá le tréimhse le linn an ranga a chur i leataobh le haghaidh staidéar taighde chun ról a mhúinteora a mhéadú mar éascaitheoir agus mar chéad-eadránaí an staidéir agus chun tuilleadh comhsheasmhachta agus cáilíochta a spreagadh chun na critéir atá leagtha amach sa siollabas a shásamh. In ainneoin go dtabharfar faoin gcuid is mó d'obair an dalta i dtuairisciú agus i dtaighde lasmuigh den seomra ranga, beidh caighdeán na hoibre sin ag brath go pointe ar a dtuiscint ar an gcritéar a chuirfear i láthair agus a phléifear sa seomra ranga. In ainneoin go n-oibreoidh daltaí faoi leith ar ábhair dhiscréideacha, rachaidh na critéir

chéanna agus na nósanna imeachta céanna i bhfeidhm ar gach dalta agus b’fhearr dá dtabharfaí fúthu ar bhonn ranga sula dtabharfadh na daltaí faoi obair ar bith aonair.

Is féidir gur mhian leis an múinteoir tosú trí chuid de na buanna soiléire a bhaineann leis an nós imeachta i leith staidéar taighde a léiriú, msh.

- tabharfar an seans don dalta dul i ngleic le cuid den fhoghlaim fhéinstiúrtha, ina mbeidh cuid mhór saoirse aige/aici chun ábhar a roghnú a bhfuil spéis cheart aige/aici ann.

- scileanna inaistrithe is ea na scileanna taighde a fhorbrófar sa staidéar agus is dócha go mbeidh úsáid ghairmiúil leo is cuma má leanann an dalta ar aghaidh lena staidéar ar stair nó mura leanann.

- ó tharla go mbeidh an tuarascáil ar staidéar taighde á cur isteach roimh ré, beidh an bhéim ar scileanna taighde agus ar cháilíochta na tuairiscithe in áit na cuimhne.

Ó tharla gur dócha go dtabharfaidh líon mór daltaí faoina dtaighde ag baint úsáide as acmhainní leabharlainne, moltar go dtabharfaidh an rang cuairt ar an leabharlann áitiúil nó go dtiocfaidh leabharlannaí áitiúil ar cuairt chuig an rang le linn tréimhse amháin ranga atá curtha i leataobh don staidéar taighde. Is féidir le cuairt den chineál seo a bheith úsáideach ar go leor dóigheanna msh.

- Is féidir leagan amach leabharlainne a chur in iúl do dhaltaí nach mbíonn ag baint úsáide as leabharlann go minic, chomh maith leis an dóigh a ndéantar leabhair a rangú agus an dóigh le catalóg leabharlainne a chuardach. Do chuid mhór is obair cheannródaíoch a bheidh ann a bheidh mar spreagadh dá gcuid iarrachtaí féin taighde a chur i gcrích.

- Is féidir bailiúcháin speisialta a chur in iúl do dhaltaí ar nós bailiúchán staidéir áitiúil agus is féidir iad a chur ar an eolas faoin bpoitéinseal a sholáthróidh siad le haghaidh staidéir ar an gceantar áitiúil.

- Is féidir a chur ina luí ar dhaltaí nach aonaid neamhspleácha iad leabharlanna agus cuid de líonra níos leithne agus gur féidir leabhair nach bhfuil ar fáil ina leabharlann féin a fháil ó leabharlann eile trí iasacht idir leabharlanna.

- Is féidir daltaí a chur ar an eolas faoi sheirbhísí eile a sholáthraíonn leabharlanna, ar nós seisiún fótachóipeála agus ar líne.

## AN SRACPHLEAN

Is í an chéad chéim sa phróiseas do gach dalta ná an sracphlean atá acu a ullmhú. De réir an phlean ní mór do gach dalta roinnt tascanna áirithe a dhéanamh. Ní mór do gach dalta:

- an t-ábhar staidéir atá molta a shainmhíniú
- an t-ábhar staidéir atá molta a chosaint
- na cuspóirí staidéir a shainaithint
- an cur chuige atá molta a shainaithint
- na foinsí ar chóir dul i gcomhairle leo a shainaithint.

Chun cuidiú a thabhairt do na daltaí na tascanna seo thuas a chur i gcrích, is féidir go mbeidh seicliosta de cheisteanna den chineál seo a leanas úsáideach:

- an bhfuil tábhacht stairiúil ag baint leis an ábhar atá roghnaithe agam?
- an bhfuil fócas an ábhair atá molta agam cúng nó róleathan le go mbeidh iniúchadh domhan ann mar thoradh air?
- an bhfuil an teideal atá molta agam sainmhínithe go soiléir?
- an bunfhoinsí nó sainfhoinsí tánaisteacha iad na foinsí atá molta agam (i. ní téacsleabhar caighdeánachach scoile)?
- ar mhínigh mé go soiléir faoin dóigh a mbeidh sé de rún agam tabhairt faoi mo thaighde?
- ar thug mé go leor eolais le húdaracht mo chuid foinsí agus/nó an fhianaise a eascraíonn astu a bhunú?

Beidh ar dhaltaí Ard-Leibhéil machnamh a dhéanamh ar cheist eile:

- As siocair go mbeifear ag dúil leis go léireoidh mé ‘tuiscint ar chomhthéacs leathan stairiúil mo chuid torthaí taighde’, an bhfuil sé seo tugtha san áireamh agam san ábhar a roghnaigh mé?

Mar atá léirithe ar lch. 18 níor chóir go dtabharfadh an dalta faoi obair shubstaintiúil ar an staidéar taighde sula gceadódh an múinteoir an sracphlean

## AN MHEASÚNACHT AR FHOINSÍ

A luaithe agus a chuirfear tús le hobair an dalta, beidh tábhacht mhór le dul i ngleic leis na foinsí. I ngach cás, ba chóir don dalta na foinsí a cheistiú, i. ba chóir don dalta liosta ceisteanna a ullmhú a mbeifear ag súil leis go mbeidh freagraí le fáil orthu as na foinsí. Ar an mbealach seo, is fearr a bheidh an dalta na critéir atá leagtha amach sa siollabas a chomhlíonadh, viz.

- chun ábharthacht na bhfoinsí i leith an ábhair staidéir a léiriú
- chun tuairim a thabhairt ar láidreachtaí agus ar laigí na bhfoinsí.

Ba chóir an cur chuige atá leagtha síos ar leathanaigh 30-37 chun foinsí scríofa agus eile a thuiscint a chur i bhfeidhm agus láidreachtaí agus laigí na bhfoinsí a dheimhniú.

**AISTÍ MÓRA**

Tá dhá fheidhm leis an aiste mhór atá sainmhínithe go han-soiléir:

- leagann sé síos príomhthorthaí agus príomhchonclúidí an dalta agus tá léargas ann ar an bpróiseas ar ar tugadh faoi agus cé chomh tábhachtach agus a bhí an próiseas sin chun na haidhmeanna a leagadh amach sa sracphlean a chomhlíonadh.

Is féidir go mbeadh tábla mar an ceann thíos ina chuidiú do dhaltaí chun cruth agus ábhar a n-aiste móire a dheimhniú:

| | |
|---|---|
| Cad iad mo phríomhthorthaí? Cad é atá faighte amach agam faoi ábhar mo staidéir de réir na n-aidhmeanna atá leagtha amach sa sracphlean? Cad é an t-eolas nua nó léargais nua atá agam? | |
| Cad iad na conclúidí a d'aimsigh mé mar thoradh ar an méid atá faighte amach agam? Cad í an fhianaise atá agam chun na conclúidí seo a bhunú orthu? | |
| Cad iad na céimeanna a ndeachaigh mé tríothu chun aidhmeanna an staidéir a bhaint amach? An bhfuil tuairim níos soiléire agam anois ar a bhfuil i gceist le staidéar stairiúil? | |
| Cé chomh úsáideach agus a bhí an taighde ar thug mé faoi chun cuidiú liom aidhmeanna an staidéir a bhaint amach? An amharcaim ar an taighde ar thug mé faoi mar úsáideach agus torthúil? An bhfuil mé níos muiníní ar gheall ar an bpróiseas chun tabhairt faoi thuilleadh taighde sa todhchaí? | |

Go struchtúrtha, agus chun soiléireacht iomlán a dheimhniú, ba chóir go mbeadh an méid a leanas san aiste

1. Réamhrá 2. Líne de réasúnaíocht loighiciúil 3. Conclúid

Agus iad ag déanamh monatóireachta ar na daltaí ag ullmú a n-aistí móra, ní mór do mhúinteoirí a bheith tuisceanach ar na torthaí cuí foghlama agus ní mór dóibh ábaltacht na ndaltaí chun an méid seo a leanas a spreagadh

- tuiscint a léiriú ar ról na fianaise i scríobh na staire

- tuiscint a léiriú ar oibiachtúlacht ina gcuid scríbhneoireachta féin trí iarracht a dhéanamh a bheith cothrom agus neamhchlaonta agus i gcás daltaí Ard-Leibhéil

- nádúr sealadach eolais stairiúil a aithint (nuair is cuí)

- tuiscint a léiriú ar chomhthéacs leathan stairiúil na dtorthaí taighde.

**TEAGASC CUID II: ÁBHAIR STAIDÉIR:**

**RÉAMHRÁ AR LEAGAN AMACH NA nÁBHAR**

- Tá paraiméadair faoi leith sonraithe de réir dátaí ag gach ábhar. Tá na paraiméadair seo táscach don chuid is mó ar an ábhar nach féidir an aimsir a chuaigh thart a roinnt go néata agus de réir cruinnis mhatamaiticiúil. Ina ainneoin sin, is é is cuspóir leis na paraiméadair seo ná chun cuidiú le sainmhíniú a thabhairt ar an ábhar a bheidh le clúdach. De ghnáth, is é 50-70 bliain tréimhse ama ábhair; ach in amananna bíonn fráma ama níos faide nó níos giorra ag ábhar áirithe nuair a bhíonn sé seo ag teastáil mar gheall ar fháthanna atá croílárnach don ábhar.

- Ní gá do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar gach forbairt shuntasach laistigh de pharaiméadair dhátaí ach orthu siúd atá sna heilimintí liostaithe. Cothromaíonn clúdach domhan na gcás-staidéar leithead an chlúdaigh a bhíonn i gceist leis na heilimintí.

- Tá na ceannteidil ina mbíonn na heilimintí eagraithe san áireamh i ngach ábhar lena chinntiú go mbíonn cur chuige cuimsitheach maidir le staidéar an an aimsir a chuaigh thart ann. Ní chuireann an dóigh a socrófar na heilimintí bac ar chur chuige cróineolaíoch maidir le teagasc iomlán an ábhair; ach is féidir, áfach, gur ghá caitheamh go díscréideach le gnéithe áirithe - ar nós treochtaí eacnamaíochta agus pátrúin athraitheacha sóisialta - le linn thréimhse iomlán ama an ábhair.

- Baineann na trí chás-staidéar atá liostaithe do gach ábhar iniúchadh domhan ar ghnéithe faoi leith suntasacha nó ionadaíocha an ábhair. Tugann an cur chuige domhan deis le bheith ag obair le foinsí ar dhóigh struchtúrtha laistigh de chreatlach chomhthéacsúil. Cé go mbaineann sé seo le gach ábhar staidéir, moltar gur chóir go gcuirfí am breise i leataobh don ábhar leagtha síos don staidéar doiciméid-bhunaithe (moltar 8 n-uaire sa bhreise nó 12 rang) agus ba chóir an t-am seo a úsáid le haghaidh oibre bunaithe ar fhoinsí. Ba chóir nóta a dhéanamh de go mbíonn ról tábhachtach ag an obair ar chás-staidéir chun cuid mhór de phríomhchuspóirí an tsiollabais a ghnóthachtáil, msh.

    - na coincheapa gnásula a thuiscint

    - nádúr eolais stairiúil a aithint

    - scileanna láimhseála fianaise a fhorbairt.

- Liostófar deich bpríomhphearsantachtaí le haghaidh gach ábhair. Níor chóir amharc ar cheann ar bith de na liostaí thuas mar ráiteas deifnídeach de na figiúir is tábhachtaí i leith an ábhair faoi chaibidil. Tá baint ag gach duine acu ann leis na heilimintí liostaithe. Níor chóir amharc orthu mar eilimintí breise; ba chóir go léireodh siad duine ar chóir don dalta taithí a fháil air agus iad ag déanamh staidéir ar na heilimintí. Tá siad ann freisin chun cuidiú le daltaí Gnáthleibhéil bealach a aimsiú tríd na heilimintí.

- Liostófar príomhchoineapa le haghaidh gach ábhair. Arís, níl na liostaí ann mar eilimintí breise: tá siad sainithe le coincheapa a shainaithint ar dócha a bhfaighidh an dalta taithí orthu agus iad ag déanamh staidéir ar ábhar. I gcuid mhór cásanna, is coincheapa 'tairsí' iad a chuideoidh le dalta 'bealach isteach' a aimsiú le dul i ngleic le príomhcheisteanna an ábhair. Tá siad ann freisin le hidirdhealú e éascú idir daltaí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil.

## BAINISTIÚ AMA AGUS TEAGASC NA nÁBHAR

Meastar go leithdháilfear idir 54-60 tréimhse ranga chun ábhar a theagasc. Ba chóir go mbeadh leithdháileadh réasúnta ama ann do gach tacar eilimintí atá liostaithe faoi gach ceannteideal peirspictíochta: moltar sé rang déag ar a laghad ach is dóichí go mbeidh leithdháileadh idir 18-20 rang ann. Ba chóir go gcaithfí thart faoi cheathrú den am a leithdháilfear ar an ábhar ar na cás-staidéir.

## CUR CHUIGE MOLTA MAIDIR LE TEAGASC NA nÁBHAR

Níl sé de rún go mbeadh an cur chuige teagaisc thíos mar straitéisí díscréideacha agus freasúracha. (Tá, go deimhin, limistéir shuntasacha fhorluí idir na cúig chur chuige.) Ina áit sin, táthar ag dúil leis go ndéanfaidh múinteoirí eilimintí áirithe den chur chuige a leasú le bheith oiriúnach dá gcúinsí pearsanta féin, cumais a ndaltaí agus go háirithe éilimh gach ábhair atá á theagasc acu.

## A: CUR CHUIGE DÍRITHE AR FHIOSRÚCHÁN - RÉASÚNAÍOCHT

Tá fáthanna iontaofa oideachasúla agus stairiúla faoi na fáthanna ar chóir do dhuine a chuid teagaisc a struchtúrú ar thacar ceisteanna a bhaineann le mórthéamaí agus mórcheisteanna ábhair. Is féidir le ceisteanna atá frámaithe go cúramach fiosracht na ndaltaí a mhúscailt agus aird a dhíriú ar cheisteanna mórthábhachta. Ba chóir go léireodh siad chomh maith béim an tsiollabais ar fhiosracht mar bhonn na foghlama stairiúla uile. Nuair a dhéanfar iarracht freagraí a thabhairt ar cheisteanna faoi fhiosrúcháin, éireoidh an tábhacht a bhaineann le fianaise thacúil soiléir do dhaltaí.

## CEISTEANNA A CHUR LE CHÉILE

Glacaimis mar shampla Ábhar 1 i Stair na hÉireann ó ghort staidéir na Nua-Aoise Déanaí: **Éire agus an tAontas, 1815 - 1870.** D'fhéadfaí an t-ábhar seo a thabhairt isteach trí cheist uileghabhalach nó roinnt ceisteanna a chur a léiríonn príomhábhair an ábhair do dhaltaí. D'fhéadfaí ceist fhollasach, uileghabhálach a chur le chéile mar seo a leanas:

- Idir 1815 agus 1870 cén suntas a bhain le haontas polaitiúil i gceist na hÉireann?

*nó*

- Cén tionchar a bhí ag an aontas polaitiúil ar cheist na hÉireann idir 1815 agus 1870?

D'fhéadfaí roinnt osteilgean nó gearrthóga físthaifeadta a úsáid i rang réamhléiritheach le gnéithe ar nós an Union Jack a chrochadh os cionn foirgneamh poiblí, an saol sóisialta ag Caisleán Bhaile Átha Cliath, Éireannaigh a bheith i láthair ag Westminster agus an fháilte a chuirtí roimh chuairteoirí ríoga. D'fhéadfaí an méid a d'fheicfeadh na daltaí i bpictiúir a úsáid le roinnt ceisteanna eile a spreagadh a chuideodh leis an gcur chuige i leith an ábhair a chur le chéile, msh.

- *Cad é mar a rialaíodh an tír faoin Aontas?*
- *Cén méid freasúra a bhí in éadan an dóigh ar rialaíodh an tír faoin Aontas?*

Nuair a bhíonn an múinteoir ag tabhairt breac-chuntais ar na heilimintí atá le clúdach, d'fhéadfaí an múinteoir roinnt ceisteanna eile a chur, ag an tús nó de réir mar a théann an obair ar aghaidh, msh.

- *Cén tionchar a bhí ag Dónal Ó Conaill ar ghnéithe na hÉireann?*
- *Cad chuige a raibh Éireannaigh áirithe i bhfách leis an lámh láidir a úsáid chun mianta polaitiúla a bhaint amach?*
- *Cad é mar a chuaigh ballraíocht na hÉireann san Aontas i bhfeidhm ar shochaí agus ar gheilleagar na tíre?*
- *Cé chomh héifeachtach agus a bhí freagra an rialtais ar bhagairt an Ghorta Mhóir?*
- *Cé chomh mór agus a bhí an Gorta Mór mar chor i gcinniúint na tréimhse (agus/nó i stair na hÉireann go ginearálta)?*
- *Cérbh iad na príomhchúiseanna le teannas seicteach le linn na tréimhse? nó*
- *Cén méid a ghríosaigh forbairtí cultúrtha agus creidimh teannas seicteach le linn na tréimhse seo?*
- *An ndeachaigh an t-aontas polaitiúil i bhfeidhm ar ealaíontóirí cruthaitheacha, scríbhneoirí nó ar nualaithe teicneolaíochta?*

**Gníomhaíochtaí daltaí**

Cuirfidh cuid mhór de na ceisteanna thuas le hobair iomlán an ranga; soláthróidh cuid mhór eile deiseanna maithe le haghaidh obair chúrsa agus anailís chomparáideach. Mar shampla, d'fhéadfadh an múinteoir dul i ngleic leis an gceist, '*cad é mar a rialaíodh an tír faoin Aontas?* leis an rang mar aonad ar an mbonn go mbainfidh an freagra go bunúsach le heolas a

aimsiú. D'fhéadfadh úsáid a bhaint as téacsleabhar le príomhthréithe rialtais, polaitíochta agus riaracháin le linn na tréimhse a aithint. Nuair a chuirfear táblaí i gcrích is féidir leis sin a bheith ina áis úsáideach foghlama agus/nó teagaisc le haghaidh oibre den chineál sin msh.

| **ÉIRE IN 1815** |
|---|
| Ainm Stáit: |
| Ceannaire Stáit: |
| Ceannaire rialtais: |
| Lárionaid chumhachta<br>i Londain:<br>i mBaile Átha Cliath: |
| **RIALTAS I mBAILE ÁTHA CLIATH** |
| Ionadaí na Banríona/an Rí: |
| Ball an Rialtais: |
| Ceannaire ar an Státseirbhís: |
| **RIALTAS ÁITIÚIL** |
| Bailte: |
| Contaetha, Aontais Dhlí na mBocht: |
| Bóithre, srl: |
| Bochtanas |

Ar an lámh eile, soláthróidh an cheist '*Cén méid freasúra a bhí ina éadan an dóigh ar rialaíodh an tír faoin Aontas?* an deis le haghaidh obair chúrsa agus anailís ar fhoinsí. Mar réamhcheacht, d'fhéadfaí an rang a roinnt i ngrúpaí agus d'fhéadfaí réimse foinsí a thabhairt dóibh le cinneadh a dhéanamh ar a gcéadfhreagra. D'fhéadfaí leathanach a thabhairt don ghrúpa le ceist ar a bharr agus trí chatagóir de fhreagra thíos. D'fhéadfaí an leathanach a leagan amach mar a leanas

| Cén méid freasúra a bhí ina éadan an dóigh ar rialaíodh an tír faoin Aontas? | | |
|---|---|---|
| Cuid mhór | Beagán | Rud ar bith |

Pléifidh an grúpa cé acu de na trí cholúin is cuí le haghaidh gach foinse agus cén freagra a bhfuil an fhianaise is mó ann faoina choinne.

Ní féidir ach freagra sealadach a fháil ón gceacht seo (nó tacar freagraí) a dhéanfar a thástáil de réir mar a dhéanfar staidéar ar eilimintí cuí an ábhair. Tríd an gceacht, áfach, d'fhéadfaí cuid de na príomhphrionsabail atá leagtha amach sna cuspóirí a bhunú, msh.

- Má thugtar an tacar céanna foinsí do gach grúpa agus má bhaintear conclúidí áirithe amach, is féidir leis seo a léiriú an dóigh a bhféadfadh staraithe áirithe corp fianaise a thuiscint ar bhealaí difriúla.

- Má thugtar foinsí áirithe do gach grúpa, d'fhéadfaí seo a úsáid chun an dóigh a mbíonn breithiúnais stairiúla ag brath ar fhianaise atá ar fáil.

Má bhíonn na ceisteanna a chuirfear chun spéis na ndaltaí a mhúscailt b'fhearr iad a thabhairt isteach trí cheist spreagúil nó gné a tharraingeoidh a n-aird. I gcás na ceiste, *'Cén tionchar a bhí ag Dónal Ó Conaill ar cheist na hÉireann?'* d'fhéadfadh sé seo a bheith i bhfoirm chartúin pholaitiúil agus/nó i bhfoirm bhailéid ag léiriú tuairimí difriúla ar Ó Conaill agus a thionchair. Sa mhéíd is go bhfuil sé indéanta, agus go háirithe le ceisteanna atá íogair nó conspóideach, d'fhéadfaí réimse de pheirspictíochtaí a sholáthar ionas go dtuigfeadh daltaí cuspóirí siollabais ar nós an cumas a fhorbairt chun '*amharc ar cheist chonspóideach trí dhearcadh eile.'* Tá tábhacht mhór ag baint le réimse peirspictíochtaí nuair a bhítear ag plé leis na cás-staidéir.

## NA CÁS-STAIDÉIR

Chun daltaí a chur ar an eolas faoi na peirspictíochtaí éagsúla ar cheist, ba chóir iniúchadh a dhéanamh ar réimse foinsí ábhair nuair a bheifear ag plé le cás-staidéir, msh.

| **Cás-Staidéar** | **Cineálacha foinsí** | **Peirspictíochtaí áirithe** |
|---|---|---|
| Freagra príobháideach ar an nGorta Mór 1845 - 1849 | Páipéir phríobháideacha, páipéir rialtais, ráitis as nuachtáin, ráitis ó pholaiteoirí | Moltach, criticiúil, meastóireacht |
| Feachtas Fhuascailt na gCaitliceach 1823 - 1829 | Páipéir Uí Chonaill, páipéir rialtais, turasacálacha as nuachtáin, cartúin pholaitiúla, bailéid pholaitiúla, ráitis ó staraithe | lucht tacaíochta rialtas Uí Chonaill, lucht freasúra rialtas Uí Chonaill, |
| Sionad Dhúrlas, 1850, agus Rómhánú na hEaglaise Caitlicí | Páipéir phríobháideacha, páipéir rialtais, ráitis as nuachtáin, ráitis ó pholaiteoirí | Ceannairí na hEaglaise Caitlicí, tuataí na hEaglaise Caitlicí, ceannairí eaaglaisí eile, meastóireacht |

D'fhéadfaí ceisteanna mar seo a leanas a bheith oiriúnach chun an obair ar chás-staidéir a thabhairt isteach:

*Cad iad na foinsí is mó a insíonn dúinn faoi réimse na bhfreagraí príobháideacha ar an nGorta Mór?*

*Cé chomh mór mar ghnóthachtáil phearsanta Uí Chonaill agus a bhí an feachtas um Fhuascailt na gCaitliceach?*

*Cé chomh suntasach agus a bhí tionchar Shionad Dhúrlas, 1850 ar an Eaglais Chaitliceach in Éirinn?*

## DIFREÁIL

Don chuid is mó, d'fhéadfaí tabhairt faoin obair chéanna le daltaí beag beann ar an leibhéal ar dócha a bhainfidh siad amach sa scrúdú deireanach. Ba chóir, áfach, go mbeadh foclaíocht agus cuspóir na gceisteanna roinnte soiléir do gach dalta; don dalta is ábalta, d'fhéadfaí ceisteanna a 'fhorbairt' le scileanna ardsmaointeoireachta a thástáil. Mar shampla, d'fhéadfadh gach dalta i rang an cheist seo a leanas a iniúchadh, *'Cérbh iad na príomhchúiseanna le teannas seicteach le linn na tréimhse?* agus b'fhéidir go dtiocfadh le daltaí Ardleibhéil díriú ar an gceist '*Cén méid a ghríosaigh forbairtí cultúrtha agus creidimh teannas seicteach le linn na tréimhse seo?*

## MEASÚNACHT

De réir mar a théann obair ar ábhar ar aghaidh, beidh sé oiriúnach ceisteanna atá bunaithe ar fhoinsí a chur, go háirithe i dtaca leis na cás-staidéir. (Féach na treoirlínte measúnachta mar shampla de cheist dhoiciméid-bhunaithe ar an gcás-staidéir*, Dublin 1913 - Strike and lockout.)* Beidh na príomhcheisteanna mar bhonn do na ceachtanna scríofa de réir mar a chuirfear deireadh le hobair ar thacar áirithe eilimintí. Ba chóir go léireodh an dóigh ina gcuirfí na ceachtanna seo le chéile leibhéal teanga an ghrúpa dá ndéanfaí iad. Ba chóir go mbeadh fad na bhfreagraí éagsúil, ag brath ar fhachtóirí ar nós scóp na ceiste a cuireadh agus eilimint na measúnachta (más ann dó). Ag deireadh ábhair, ba chóir ceist (nó ceisteanna) uileghabhálach de chineál éigin a chur ionas go mbeadh tuiscint leathan ag an dalta ar an ábhar.

Seo a leanas samplaí de na cineálacha ceisteanna a d'fhéadfaí a chur:

*Cad chuige a raibh géarchéim eacnamaíochta in Éirinn sa tréimhse 1815-50?*

*Cad iad na hathruithe i sochaí agus i ngeilleagar na hÉireann ar chúis leis an nGorta Mór iad nó ar ghríosaigh an Gorta Mór iad?*

*Cad iad na príomhdhóigheanna ina raibh tionchar ag teicneolaíochtaí nua ar shochaí agus ar gheilleagar na hÉireann idir 1815 agus 1870?*

*Cad chuige ar tháinig fás níos gaiste ar Bhéal Feirste ná Baile Átha Cliath le linn na tréimhse seo?*

*I gcomparáid le ról Fhear Ionaid an Rí, cé chomh tábhachtach agus a bhí ról an Phríomh-Rúnaí i rialú na hÉireann le linn na tréimhse seo?*

*Cén chreidiúint atá tuillte ag Dónal Ó Conaill maidir le rath an fheachtais um Fhuascailt na gCaitliceach sa bhliain 1829?*

*Cad chuige ar éirigh le Ó Conaill leis an bhfeachtas um Fhuascailt ach ar theip air leis an bhfeachtas um Aisghairm an Aontais?*

*Cad chuige a raibh na Fíníní ina laochra ag daoine áirithe agus ina mbithiúnaigh ag daoine eile?*

*Cé chomh tábhachtach agus a bhí ról an Chairdinéil Pól Ó Cuilinn in Eaglais Chaitliceach láidir a chruthú in Éirinn?*

*Cad chuige a bhfuil saol agus saothar William Carelton spéisiúil mar chás-staidéar do dhaltaí atá ag déanamh staidéir ar an tréimhse seo?*

*Cé chomh mór agus a chuaigh seanmóirithe soiscéalaíochta i bhfeidhm ar fhorbairt an Phrotastúnachais Éireannaigh idir 1815 agus 1870?*

*Idir 1815 agus 1870, cérbh iad na bealaí ina raibh tionchar ag an aontas polaitiúil ar ghnáthshaol mhuintir na hÉireann?*

Beidh cuid de na ceisteanna thuas oiriúnach do fhreagraí aonair ó dhaltaí agus beidh siad mar chuid den ullmhúchán don scrúdú deireanach. Beidh cuid de na ceisteanna, áfach, níos oiriúnaí d'obair ghrúpa agus do dhíospóireachtaí ranga mar a mbeidh an bhéim ar an bhfianaise a cheistiú agus ar bhreithiúnais a chur le chéile bunaithe ar fhianaise a mheas. Soláthraíonn an cheist, mar shampla, '*Cén chreidiúint atá tuillte ag Dónal Ó Conaill maidir le rath an fheachtais um Fhuascailt na gCaitliceach sa bhliain 1829?'* cuid mhór deiseanna le haghaidh díospóireachta sa seomra ranga agus le haghaidh measúnacht ghrúpa ar fhianaise. Trí dhul i ngleic le ceachtanna den chineál seo, cumasófar daltaí le ceann de phríomhchuspóirí an tsiollabais a chomhlíonadh viz. chun an cumas a fhorbairt chun '*smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh trí bhreithiúnais a dhéanamh bunaithe ar fhianaise a mheas.'*

## B: CUR CHUIGE ILPHEIRSPICTÍOCHTA

### RÉASÚNAÍOCHT

D'fhéadfadh cur chuige ilpheirspictíochta cuidiú le daltaí cuid de na príomhphointí atá mar bhunchloch le cuspóirí an tsiollabais a thuiscint, msh.

- nach gcaithfidh go bhfuil aon leagan ceart d'eachtra áirithe stairiúil
- gur féidir cur síos a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar an eachtra chéanna stairiúil ar bhealaí eile ag brath ar thuairim (mar shampla) finné súl nó staraí
- go mb'fhéidir go mbeadh tuiscint dhifriúil ag staraithe áirithe ar an bpíosa céanna fianaise
- nach bhfuil mórán foinsí staire ar féidir amharc orthu mar fhoinsí neamhchlaonta ar fad agus gur chóir an comhthéacs inar cuireadh amach iad a chur san áireamh i dtólamh.

### IMPLEACHTAÍ TEAGAISC

Ar an gcéad dul síos, beidh réimse de théacsanna nó foinsí eile ag teastáil ón múinteoir a léireoidh peirspictíochtaí áirithe ar na feiniméin stairiúla atá faoi iniúchadh. Ar an dara dul síos, beidh ar an múinteoir daltaí a stiuradh chun cosúlachtaí agus difríochtaí sna cuntais a aithint. Má bhíonn daltaí le tuairimí áirithe a thuiscint ar eachtra stairiúil, beidh sé riachtanach comhthéacs a chur ar fáil dóibh, i. an áit a mbeidh daoine a bhfuil tuairim faoi leith acu 'ag teacht as'; na cúinsí polaitiúla, eacnamaíochta, sóisialta nó cultúrtha atá acu agus na cuspóirí agus príorachtaí faoi leith atá acu. Ar an tríú dul síos, beidh ar an múinteoir

cuidiú le daltaí chun peirspictíocht amháin a cheangal le peirspictíocht eile ionas go mbeidh pictiúr níos iomláine ann. Cé go mbainfidh an cur chuige le peirspictíochtaí áirithe a nochtadh chuig daltaí, bainfidh sé freisin le scileanna anailíse a fhorbairt agus bealach smaointeoireachta a fhorbairt a léireoidh tuiscint i dtólamh ar thuairimí éagsúla.

**EISEAMLÁIR**

Glacaimis mar shampla Ábhar 5 i Stair na hEorpa agus an Domhain Mhóir ó réimse staidéir na Nua-Aoise Déanaí: **Cúlú na hEorpa ó Impireacht agus an toradh ina dhiaidh, 1945-1990** Anseo, tá dhá pheirspictíocht nó thuairim a théann tríd an ábhar ar fad, viz. tuairim an chóilíneora agus tuairim an chóilínithe. I gcás roinnt eilimintí, bainfidh réimse níos leithne peirspictíochtaí le hábhar msh. san eilimint 'Cúlú na Breataine ó Phalaistín agus fréamhacha na coimhlinte idir na hArabacha /Iosraelaithe' is léir go mbeidh tábhacht mhór ag baint le peirspictíochtaí na Breataine, Arabacha agus Iosraelacha. Go díreach, tá an focal Arabach san iolra anseo as siocair nach bhfuil sé ag déanamh tagairte d'Arabaigh na Palaistíne amháin ach do na Stáit Arabacha sin a tarraingíodh isteach sa choimhlint. Tá peirspictíochtaí na Fraince agus SAM ábhartha freisin.

Is é príomhfhócas an ábhair ó pheirspictíocht pholaitiúil agus riaracháin de ná cúlú chumhachtaí na hEorpa ó ról impiriúil san Áise (agus béim faoi leith ar an India, ar an Ind-Sín agus ar na hIndiacha Thiar), an Phalaistín agus an Afraic (agus béim faoi leith ar an Ailgéir, an Nigéir, an Congó, an Tansáin agus Angóla) agus an caidreamh a bhí acu ina dhiaidh sin lena n-iarchóilíneacht nó údarás. Is í an Bhreatain agus an Fhrainc an dá chumhacht Eorpacha is mó a bhíonn i gceist.

Tagraíonn an chéad tacar eilimintí do chúlú na hEorpa ó impireacht san Áise agus an caidreamh a bhí ann ina dhiaidh idir cumhachtaí a coilíníodh agus cumhachtaí an chóilínithe. Scrúdaíonn an cás-staidéar gaolmhar 'Cúlú na Breataine ón India, 1945 - 1947'. Cé go mbeidh sé riachtanach daltaí a chur ar an eolas faoi na cosúlachtaí agus na héagosúlachtaí idir an cheist ar fho-ilchríoch na hIndia agus an cheist san Ind-Sín agus sna hIndiacha Thiar, d'fhéadfaí an cur chuige ilpheirspictíochta a chuirfear i bhfeidhm ar India a chur i bhfeidhm ar limistéir eile, cé nach mbeidh sé chomh mionsonraithe sin. Is é seo a leanas samplaí de shleachta as foinsí a d'fhéadfaí a úsáid nuair a bheifear an plé le cúlú na Breataine ón India agus bunú, ina dhiaidh sin, mar stáit neamhspleácha, na hIndia agus na Palaistíne:

**PEIRSPICTÍOCHT NA BREATAINE**

*The Indian Independence Bill … received the royal assent on the 18th [July]. The effect on India was magical; confronted for the first time with real responsibility, realizing that Parliament meant what it said and that the future of the country lay in their own hands, political India came to rapid conclusions. The inevitability of partition was accepted by the Indian National Congress; the …regrettable consequence, the division of Bengal and the Punjab, was agreed to… Regrets there must be at the passing of the miracle of British rule in India….*

Sir Stanley Reed, (1952) *The India I Knew, 1897-1947* Odhams Press.

**PEIRSPICTÍOCHT PHÁIRTÍ NA COMHDHÁLA**

*…We end today a period of ill-fortune and India discovers herself again. The achievement we celebrate today is but a step, an opening of opportunity, to the greater triumphs and*

*achievements that await us… We think also of our brothers and sisters who have been cut off from us by political boundaries and who unhappily cannot share at present in the freedom that has come. They are of us and will remain of us whatever may happen….*

Jawaharlal Nehru le Tionól Dáilcheantair , 14 Lúnasa, 1947.

[Foinse: Brian MacArthur, ed. (1999 dara heagrán leasaithe)
The Penguin Book of Twentieth Century Speeches.

**PEIRSPICTÍOCHT NA LÉIGE MOSLAMAÍ**

*Now, if we want to make this great State of Pakistan happy and prosperous we should wholly and solely concentrate on the well-being of the people … If you will work in cooperation, forgetting the past, burying the hatchet, you are bound to succeed … in course of time … the Hindu community and the Muslim community … will vanish … You are free; you are free to go to your temples, you are free to go to your mosques or to any other place of worship in this State of Pakistan … We are starting with this fundamental principle that we are all citizens and equal citizens of one State.*

Muhammad Ali Jinnah, nuair a toghadh é mar chéad Uachtarán ar Thionól Bunreachta na Pacastáine, 11 Lúnasa, 1947.

[Mar atá scríofa Akbar S. Ahmed , (1998) *Jinnah, Pakistan and Islamic Identity* Oxford University Press.

D'fhéadfaí ceisteanna mar na cinn seo a leanas a chur le haird a tharraingt ar thuairimí agus ar pheirspictíochtaí áirithe na ndaoine atá i gceist:

- *Bunaithe ar an bhfianaise ó na sleachta, is dóiche go raibh an t-áiféaltas céanna ar Nehru agus ar Jihanna agus a bhí ar Sir Stanley Reed maidir le 'himeacht riail na Breataine san India'?*

- *Cad chuige a síleann tú ar chuir Nehru béim ar na 'greater triumphs and achievements that await us?*

- *Cad chuige ar labhair Jinnah faoin ngá le 'work in cooperation, forgetting the past, burying the hatchet…'?*

I gcuid mhór cásanna, beidh sé riachtanach na comhthéacsanna ina dúradh rudaí áirithe a mhíniú do na daltaí. Sna sleachta thuas, beidh sé ina chuidiú do na daltaí a bheith ar an eolas go raibh Sir Stanley Reed ina eagarthóir ar 'The Times of India' ó 1907 go 1923 agus ina MP ag Westminster ó 1938 go 1950; go raibh Jawaharlal Nehru chun tosaigh i ngluaiseacht an neamhspleáchais don India ó 1919 go 1947, gur chaith sé naoi mbliana i ngéibheann; agus gur thuig Muhammad Ali Jinnah an tábhacht le tuiscint agus le comhoibriú, go hinmheánach, dá mbeadh a stát a bhí scartha go tíreolaíoch riamh le maireáchtáil.

Nuair a bheifear ag teagasc ábhair den chineál seo agus iliomad peirspictíochtaí ann, d'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú tosú le peirspictíochtaí daoine eile ionas nach mbeidh claonadh ann béim Eora-lárnach a chur i láthair. Is féidir leis an athrú béime sa chur chuige seo a bheith ina chuidiú nach n-imeallófar peirispictíochtaí na náisiún 'coimhthíocha' nó na

mionlach i náisiúin áirithe. Nuair a bheifear ag plé le cúlú na Breataine ón India, mar shampla, thosófaí le peirspictíochtaí Pháirtí na Comhdhála agus na Léige Moslamaí; má dhéantar seo ciallaíonn sé nach gcaithfear barraíocht ama ag díriú ar an streáchailt faoi choinne neamhspleáchais amhail is gurbh í an t-aon fhadhb amháin a bhí le réiteach.

Nuair a bheifear ag plé leis an sochaí agus leis an ngeilleagar, beidh cuid mhór deiseanna ann chomh maith amharc ar fhorbairtí ó roinnt peirspictíochtaí. Mar shampla, spreag polasaithe Julius Nyerere cuid mhór freagraí - san Afraic agus san Eoraip - idir mholadh agus thacaíocht go scigmhagadh agus naimhdeas glan. Bhíothas ann a cháin polasaithe inimirce sa Bhreatain agus sa Fhrainc chomh maith lena gceannródaithe, agus, ba mhinic réimse tuairimíochta eatarthu. Scrúdaítear sa chás-staidéar *'The secession of Katanga, 1960- 1965'*, eachtra a spreag freagraí éagsúla agus ar ábhar conspóide go fóill é. Mar gheall ar an gcur chuige ilpheirspictíochta is féidir amharc ar na ceisteanna áirithe agus iad a chur idir dhá cheann na meá go cothrom.

Soláthróidh na heilimintí a bhaineann le cultúr agus creideamh cuid mhór deiseanna le haghaidh obair ilpheirspictíochta msh. 'Teannas idir cultúir dhúchasacha agus an cultúr cóilíneach','an creideamh Ioslamach san Eoraip', 'éagsúlacht chultúrtha sa Bhreatain agus sa Fhrainc ilchiníoch'. Is féidir go rachaidh daltaí i ngleic le cuid de na heilimintí seo le tuairimí réamhchumtha dá gcuid féin, agus is féidir leis an múinteoir ról tábhachtach a imirt trí chuidiú le daltaí dul i ngleic lena gclaontachtaí féin agus iad a cheistiú agus iad ag iarraidh na fáthanna agus an smaointeoireacht atá taobh thiar de dhaoine a mbíonn peirspictíochtaí áirithe acu a thuiscint.

## IONBHÁ I LEITH NA STAIRE

Tá ionbhá i leith na staire ag croílár an chur chuige ilpheirspictíochta. Ceann de na cuspóirí atá ag an siollabas ná gur chóir go mbeadh daltaí in ann *'amharc ar cheist chonspóideach trí níos mó ná súil amháin'*. Seo a leanas cuid de na dóigheanna inar féidir dalta a spreagadh chun cur chuige den chineál sin a fhorbairt:

- Ag glacadh cartúin nó grianghraif (ó théacsleabhar nó ó fhoinse eile), iarrfar ar dhaltaí foscríbhinn a scríobh dó agus peirspictíochtaí áirithe a léiriú.
- Glac cuntas bunaithe ar thaithí phearsanta (ar dtús, cibé) ar eachtra faoi leith (msh. Géarchéim na Suaise, 1956), iarr ar dhaltaí tuairim agus/nó tír an údair a aithint. Iarr ar dhaltaí moltaí a thabhairt faoi dhóigheanna ina bhféadfadh tráchtaire ó cheann de na tíortha eile a raibh spéis mhór sa ghéarchéim acu cur síos difriúil nó tuiscint dhifriúil ar an ábhar a léiriú.
- Déanfaidh an múinteoir nó údar an téacsleabhair 'léaráidí carachtair' a sheasfaidh do pheirspictíocht faoi leith ar cheist nó ar eachtra (msh. i dtaca leis na 'winds of change' san Ailgéir, cóilíneacht, ionadaí an FLN, pragmataí ar nós de Gaulle). Iarrfar ar dhaltaí anailís a dhéanamh agus tuiscint a léiriú ar na léaráidí bunaithe ar an staidéar ar cheist nó ar eachtra. Is féidir le léaráidí den chineál seo a bheith mar bhunús le haghaidh ról-imirtí mar a pléadh ar leathanach 52.

## MEASÚNACHT CHRITICIÚIL

Má leanann siad cur chuige ilpheirspictíochta, ba chóir go molfaí do dhaltaí measúnacht chriticiúil a dhéanamh ar a dtéacsleabhair agus acmhainní eile sa seomra ranga. Nuair a dhéanfaidh siad sin, is féidir go rachaidh siad i ngleic le ceisteanna ar nós na gceisteanna seo a leanas:

- An féidir peirspictíocht an údair féin a aithint ar an ábhar seo? Cad iad na leideanna nó tagairtí a ligeann dúinn é seo a dhéanamh?

- An bhfuil peirspictíochtaí ar bith ar iarraidh a chiallaíonn go mbeadh sé doiligh leagan iomlán den eachtra a chur le chéile?

- An léir go bhfuil an t-údar claonta (msh. ina t(h)ráchtaireacht, i roghnú na bpeirspictíochtaí nó na fianaise)?

D’fhéadfaí ceisteanna den chineál céanna a úsáid nuair a bheifear ag déanamh measúnachta ar chláir faisnéise ar an teilifsí, ar ailt in irisleabhair agus sna meáin eile.

## C: AN CUR CHUIGE 'TEAGASC LE HAGHAIDH TUISCEANA'

## RÉASÚNAÍOCHT

Tríd an gcur chuige 'teagasc le haghaidh tuisceana' is amhlaidh go mbíonn tuiscint mar phríomhbhéim le haghaidh gach gníomhaíocht sa seomra ranga. Soláthraíonn sé creatlach chun pleananna ceachta a ullmhú agus meicníocht measúnachta chun measúnacht a dhéanamh ar fheidhmíocht daltaí. Baineann sé leis na cúig phríomhghné a chur i bhfeidhm a fhormaítear chun béim an mhúinteora agus chun tuiscint an dalta a mhéadú. Is iad seo a leanas na gnéithe seo:

- *Spriocanna a thuiscint*– Sainaithneoidh an múinteoir cad é ba mhaith leis/léi go dtuigfidh daltaí ag deireadh an cheachta nó ag deireadh sraith cheachtanna.

- *Íomhánna agus samplaí* - bainfidh an múinteoir úsáid as réimse íomhánna, ábhair spreagtha, samplaí agus cás-staidéir chun cuidiú leis na daltaí ábhair faoi leith a thuiscint.

- *Taithí roimhe ré* - déanfaidh an múinteoir iarracht samplaí á fháil ó thaithí nó ó fhoghlaim na ndaltaí roimhe seo a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú, b'fhéidir, chun an t-ábhar a léiriú.

- *Eolas nua* - Cuirfidh an múinteoir eolas nua i láthair sa seomra ranga nó déanfaidh an dalta taighde ar eolas nua, lasmuigh den seomra ranga go hiondúil. Nuair a bhíonn an múinteoir ag cur eolas nua i lathair, beidh cur chuige samhlaíoch ag teastáil le fiosracht a mhúscailt agus le daltaí a spreagadh.

- *Tuiscint a léiriú* - Ní mór do dhaltaí, trí mheicníochtaí áirithe, an tuiscint atá acu a chur in iúl ar an ábhar. Cuideoidh sé seo leis foghlaim agus tuiscint an dalta a neartú. I measc na nithe a chuideodh le tuiscint a léiriú beidh

  - an cumas rudaí a mhíniú ina gcuid focal féin
  - príomhcheisteanna a shainaithint
  - ról príomhphearsantachtaí a mhíniú
  - argóint nó díospóireacht a dhéanamh ó thuairimí eile
  - scileanna measúnachta fianaise a úsáid ar fhoinsí nach bhfacthas roimhe

## MODHEOLAÍOCHTAÍ TEAGAISC

D'fhéadfaí réimse leathan modheolaíochtaí seomra ranga a úsáid agus teagasc le haghaidh tuisceana a chur i bhfeidhm, msh.

- *Plé, ransú smaointe, ceistiú béil* - Ba chóir aischothú a thaifeadadh agus a úsáid mar bhunús chun tuiscint a bheachtú.

- *Obair ghrúpa agus tuairisciú* - Bíonn sé seo an-úsáideach nuair a bheifear ag obair le hacmhainní sa seomra ranga.

- *Leathanaigh oibre le haghaidh tascanna faoi leith* - Beidh siad seo úsáideach chun míthuiscintí agus bearna tuisceana a shainaithint i gcás daltaí aonair.

- *Freagraí pearsanta ar ábhar spreagtha a mhealladh* - Is minic a chuirfidh ábhar spreagtha spreagadh ar fáil chun daltaí a mhealladh le dul i ngleic le hábhar faoi leith nó le gné d'ábhar faoi leith. Tá seans ann go gcuirfidh sé 'lionsa' ar fáil trína ndéanfar tuiscint daltaí a shoiléiriú agus a chriostalú.

- *Cuspóirí taighde a fhoirmiú* - Má bhíonn daltaí le tabhairt faoi staidéar taighde de réir na gcuspóirí leagtha síos, ní mór go dtuigfidh siad bunchuspóir an taighde agus an gá le spriocanna a leagan amach atá fiúntach agus indéanta.

## EISEAMLÁIR

Chun cur i bhfeidhm na creatlaí maidir le teagasc le haghaidh tuisceana a léiriú, glacaimis mar shampla Ábhar 1 i Stair na hEorpa agus an Domhain Mhóir ó ghort staidéir na Nua-Aoise Déanaí: **Athchóiriú agus Reifirméisean in Éirinn le linn na ré Túdaraí, 1494-1558.** D'fhéadfaí cur chuige maidir le polaitíocht a theagasc agus eilimintí riaracháin a leagan amach mar seo a leanas:

### POLAITÍOCHT AGUS RIARACHÁN

**Spriocanna a thuiscint**

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann -

- na fáthanna le cumhacht an 8ú Iarla Chill Dara a aithint agus na dóigheanna ar chuir sé a chumhacht i gcrích
- mínigh na fáthanna a ndeachaigh cumhacht Chill Dara i léig
- sainaithin na bearta a thug riarthóirí Túdaracha i gcrích i ndiaidh a chéile leis an bhflaitheas ríoga a fhairsingiú
- mínigh an tábhacht le haghaidh forbairtí na bpolasaithe um Ghéilleadh agus Athbhronnadh agus Phlandáil as sin amach.

**Íomhánna agus samplaí**

Bainfidh múinteoirí

- úsáid as léarscáileanna le nádúr mhórcheannas Chill Dara sa bhliain 1494 agus an dóigh ar tháinig athrú ar chaidrimh pholaitiúla faoi 1558 a léiriú

- úsáid as pictiúir de na príomhcharachtair ionas gur féidir a bhféiniúlachtaí faoi leith a shoiléiriú

- úsáid as línte ama chun céimeanna i dturnamh chumhacht Chill Dara agus leathnú fhlaitheas na dTúdarach a aithint

- úsáid as bunfhoinsí chun coincheapa ar nós 'géilleadh agus athbhronnadh' agus 'plandáil' a léiriú.

**Taithí roimhe seo**

Múinteoirí -

- déan tagairt siar, de réir mar is cuí, d'obair chuí a rinneadh i stair an Teastais Shóisirigh
- tabhair isteach tagairtí d'eachtraí nó do phearsantachtaí a bhfuil tábhacht nó athshondas áitiúil acu
- dírigh ar chuntais smolchaite, so-aitheanta a thugann deis dúshlán steiréitíopaí agus bréagléirithe a thabhairt (msh. éirí amach Thomás an tSíoda).

**Eolas nua**

Múinteoirí

- cuir ar fáil acmhainní téacs nó eile chun eilimintí agus cás- staidéir a shoiléiriú agus chun tuiscint a fháil orthu
- dírigh aird ar phearsantachtaí agus ar eachtraí nár teagmhaíodh leo roimhe
- tarraing aird ar choimhlintí tuisceana (nuair is cuí).

**Feidhmíochtaí a thuiscint**

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann -

- cuntas a thabhairt ar chinniúint mhuintir Chill Dara le linn na tréimhse atá faoi chaibidil
- na príomhchéimeanna i leathnú fhlaitheas na dTúdarach in Éirinn suas le 1588 a shainaithint
- éifeachtúlacht na bpríomhthionscnamh polaitiúil suas le 1588 agus, go háirithe, córais feidhmithe Phlandáil Laoise/Uíbh Fhailí a phlé.

D'fhéadfadh an cur chuige thuas a chur i bhfeidhm ar theagasc eilimintí na sochaí agus an gheilleagair agus eilimintí an chultúir agus chreidimh. B'fhéidir go leagfaí amach cur chuige maidir le heilimintí na sochaí agus an gheilleagair ar an dóigh seo a leanas:

## SOCHAÍ AGUS GEILLEAGAR

### Spriocanna a thuiscint

Ba chóir

- go dtuigfeadh daltaí ról na feirmeoireachta tréadaí i ngeilleagar na hÉireann Gaelaí
- go pléifeadh siad ceist na gcaidreamh feodach agus a dtábhacht i sochaí agus i ngeilleagar na hÉireann Túdaraí
- go sainaithneodh daltaí na fachtóirí a chuir bac le agus na fachtóirí a spreag fás na mbailte agus na trádála le linn na tréimhse
- go bpléifeadh siad an tábhacht a bhain le coincheapa gaoil agus an teaghlaigh sa sochaí Ghaelach
- go míneodh daltaí stádas na mban sa sochaí Ghaelach
- go sainaithneodh siad na hoird áirithe sa sochaí Ghaelach agus go bpléifeadh siad na féidearthachtaí a bhí ann le haghaidh gluaiseacht shóisialta laistigh den sochaí sin.

### Íomhánna agus samplaí

Múinteoirí

- bain úsáid as íomhánna a léiríonn an tsochaí Ghaelach sa 16ú haois msh. pictiúir ó "The Image of Ireland" le John Derricke
- bain úsáid as léarscáileanna ón séú haois déag chun gnéithe lonnaíochta agus úsáid talún a léiriú (lena n-áirítear fás bailte)
- bain úsáid as sleachta as bunfhoinsí chun eilimintí ar nós feodachais agus leathfheodachais, bailte agus gildeanna, trádáil, an teaghlach agus gaolta.

### Taithí roimhe seo

Múinteoirí -

- déan tagairt siar, de réir mar is cuí, d'obair chuí a rinneadh i stair an Teastais Shóisirigh
- tarraing ar eolas ar chleachtais feirmeoireachta na linne seo chun na difríochtaí idir an tréadachas sa 16ú haois a léiriú.

### Eolas nua

Múinteoirí

- cuir ar fáil acmhainní téacs nó eile chun eilimintí agus cás-staidéir a shoiléiriú agus chun tuiscint a fhorbairt orthu
- dírigh aird ar choincheapa nó ar théarmaíocht dho-aitheanta msh.buailteachas, leathfheodachas

- tarraing aird ar choimhlintí tuisceana (nuair is cuí).

**Feidhmíochtaí a thuiscint**

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann an méid seo a leanas a dhéanamh

- mínigh ról tábhachtach an tréadachais sa tsochaí agus sa gheilleagar Gaelach
- pléigh éifeacht socruithe feodacha ar an sochaí agus ar an ngeilleagar in Éirinn na dTúdarach
- sainaithin na fachtóirí a chuir bac le agus na fachtóirí a spreag fás na mbailte agus na trádála le linn na tréimhse
- mínigh coincheapa gaoil agus teaghlaigh mar a bhain siad le hÉirinn Ghaelach
- mínigh stádas na mban faoin dlí Gaelach
- sainaithin na hoird áirithe sa sochaí Ghaelach agus pléigh na féidearthachtaí a bhí ann le haghaidh gluaiseacht shóisialta.

B'fhéidir go leagfaí amach cur chuige maidir le heilimintí an chultúir agus an chreidimh ar an dóigh seo a leanas:

**CULTÚR AGUS CREIDEAMH**

**Spriocanna a thuiscint**

| | |
|---|---|
| Ba chóir | - go dtuigfeadh daltaí na príomhfháthanna a bhí leis na ranna san eaglais réamh-Reifirméisean |
| | - go míneodh daltaí an tionchar a bhí ag (a) an athchóiriú Observantine agus (b) díscaoileadh na mainistreacha ar oird na Mainistreacha. |
| | - go dtuigfeadh daltaí an tionchar a bhí ag an Reifirméisean faoi Anraí VIII agus Edward VI ar liotúirge agus ar chleachtas in Éirinn agus an Frith-Reifiméisean faoi Mary |
| | - go dtuigfeadh daltaí ról na mbreitheamh, na mbard agus na n-annálaithe sa sochaí Ghaelach. |

**Íomhánna agus samplaí**

| | |
|---|---|
| Múinteoirí | - bain úsáid as sleachta as bunfhoinsí chun eilimintí ar nós dhíscaoileadh na mainistreacha, an Reifirméisean faoi Anraí VIII, agus staid an chultúir Ghaelaí a léiriú |

- línte ama agus/nó táblaí chun na príomhorduithe creidimhagus príomhathruithe rialála a thug Anraí VIII, Edward VI agus Mary I isteach a léiriú

- pictiúir de chuid de phríomhphearsantachtaí an athruithe chreidimh chun difreáil a bpríomhpholasaithe a éascú

- léarscáil(eanna) chun cuidiú leis na bacanna ar fhorfheidhmiú oiriúnaithe chreidimh a léiriú.

**Taithí roimhe seo**

Múinteoirí

- déan tagairt siar, de réir mar is cuí, d'obair chuí a rinneadh i stair an Teastais Shóisirigh
- bain úsáid as samplaí áitiúla (msh. mainistreacha a díscaoileadh), nuair is infheidhmithe

- oibrigh ó eolas atá ann cheana féin (msh. fáthanna leis an Reifirméisean faoi Anraí), ag tabhairt dhúshlán na míthuisceana nuair is cuí.

**Eolas nua**

Múinteoirí

- cuir ar fáil acmhainní téacs nó eile chun eilimintí agus cás-staidéir a shoiléiriú agus chun tuiscint a fhorbairt orthu
- dírigh aird ar eilimintí nach bhfuil ar eolas cheana féin (msh. eaglais roinnte in Éirinn roimh an Reifirméisean, an t-athchóiriú Observantine, obair na n-annálaithe)
- tarraing aird ar choimhlintí tuisceana (nuair is cuí).

**Feidhmíochtaí a thuiscint**

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann an méid seo a leanas a dhéanamh

- na príomhfháthanna taobh thiar den roinnt san eaglais réamh-Reifirméisean

- an tionchar a bhí ag an athchóiriú Observantine agus díscaoileadh na mainistreacha ar oird na Mainistreacha a mhíniú

- dul chun cinn an Reifirméisin in Éirinn a fhad le bás Mary I a phlé

- ról scoileanna na mbard in Éirinn Ghaelach a phlé

- ról na mbreitheamh agus na n-annálaithe a mhíniú agus an cultúr Gaelach a chaomhnú.

## D: AG DUL I NGLEIC LE HÁBHAR TRÍD NA PRÍOMHPHEARSANTACHTAÍ AGUS NA PRÍOMHCHOINCHEAPA

Beidh ról tábhachtach le himirt ag na príomhphearsantachtaí agus na príomhchoincheapa ag cuidiú le daoine dul i ngleic leis na príomhcheisteanna agus na príomheachtraí a chlúdófar san ábhar. Nuair a chuirfear an dá ní seo le chéile is féidir tuiscint fhoriomlán an dalta a mhéadú agus cur i láthair an mhúinteora maidir le hábhar a shoiléiriú. Chun é seo a léiriú, glacaimis mar shampla Ábhar 4 i Stair na hEorpa agus an Domhain Mhóir ó ghort staidéir na Nua-Aoise Déanaí, **Roinn agus páirtíocht nua san Eoraip, 1945-1992.**

### PRÍOMHPHEARSANTACHTAÍ AGUS PRÍOMHCHOINCHEAPA

Beidh sé tábhachtach a léiriú ag an dtús nár chóir go n-amharcfaí ar an gcur chuige maidir le pearsantachtaí ar an dóigh chéanna agus a amharcfar ar 'bheathaisnéis' go traidisiúnta. Cuirtear beathaisnéisí de phearsantachtaí cáiliúla i láthair ar bhealach faoi leith - dáta agus cúinsí breithe, óige, oideachas, an saol fásta, agus le tagairt d'ócáidí náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta agus measúnacht ar thábhacht an duine. Níor ghá go mbeadh clúdach cuimsitheach den chineál seo i gceist agus príomhphearsantachtaí a chur i láthair. Go deimhin, is féidir go mbeidh dearcadh an staraí Lewis Namier ábhartha anseo: *'What matters in history is the great outline and the significant detail, what must be avoided is the deadly mass of irrelevant detail.'* Tá an 'significant detail' anseo sna heilimintí. Ní dhéanfar staidéar ar na príomhphearsantachtaí ina n-aonar ach, in áit sin, i gcomhthéacs a rannpháirtíochta sna hócáidí atá léirithe sna heilimintí, bíodh sin go gníomhach nó mar fhinnéithe súl.

Ar an dóigh chéanna, níor chóir go ndéanfaí staidéar ar na príomhchoincheapa ina n-aonair. Nuair a dhéanfar iniúchadh ar na heilimintí ba chóir go n-aithneofaí agus go bpléifí coincheap agus, i gcuid mhór cásanna, ról na bpríomhphearsantachtaí sna heilimintí sin..Coincheapa 'tairsí' atá i gcuid mhór de na príomhchoincheapa a osclaíonn bealach chun tuisceana ar thacar eilimintí do dhaltaí, agus do dhaltaí Gnáthleibhéil ach go háirithe. Do dhaltaí Ardleibhéil, táscaire tábhachtach ar a dtuiscint ar an stair a bheidh ina gcumas chun eachtraí agus treochtaí faoi leith a ndéantar staidéar orthu a shuí i gcreat chomhthéacsúil.

### PRÍOMHPHEARSANTACHTAÍ AGUS PRÍOMHCOINCHEAPA A CHOMHTHATHÚ

Is féidir bunús, ach ní iad uile, de phríomhchoincheapa an ábhair seo a chomhcheangal le duine nó níos mó de na príomhphearsantachtaí. Baineann na chéad eilimintí faoi 'Polaitíocht agus rialtas' le fás na hEorpa i ndiaidh an chogaidh roinnte idir Oirthear cumannach agus Iarthar caipitlíochy. Baineann cuid mhór príomhchoincheapa leis an roinnt nua críche agus ídeolaíoch msh. *Cogadh Fuar, caipitleachas, an Cúirtín Iarainn, Stát ar Adhastar, sóivéadachas. Soláthraíonn siad seo creat chomhthéacsúil thábhachtach d'eilimintí ar nós 'móréigeandálacha an Chogaidh Fhuair'. Trí eispéiris an dá phríomhphearsa is mó, Nikita Khrushchev agus Imre Nagy, is féidir cur i bhfeidhm na gcoincheap a léiriú agus a shoiléiriú. Soláthraíonn an cás-staidéar, 'Éirí Amach na hUngáire, 1956', deis amharc go mion ar ghníomhaíochtaí agus ar spreagadh an dá cheannaire seo le linn éachta a chlúdaíonn cuid mhór de na téamaí atá soiléir sna coincheapa atá luaite.*

Nuair a bhogfar ar aghaidh chuig na heilimintí a bhíonn ag plé le 'teacht chun cinn gluaiseachtaí athchóirithe in Oirthear na hEorpa; titim an Aontais Sóivéadaigh; scoilteadh agus páiríocht nua san Eoraip', bíonn suntas faoi leith le sonrú ar *Mikhail Gorbachev* agus léiríonn a chuid gníomhaíochtaí agus soiléiríonn siad roinnt eochairchoincheapa. Cuireann sé le deireadh *An Chogaidh Fhuair* i ndiaidh tréimhse *détente*, bogann sé ar aghaidh ón cheannasaíocht thraidisiúnta Shoivéadach ar na *stáit ar adhastar* in Oirthear na hEorpa, agus clúdaíonn sé a ról um athchóiriú mar cheannaire agus mar gheall air sin is féidir cur síos nua a dhéanamh ar *chumannachas* traidisiúnta. Tá coincheap *glasnost* [oscailteacht tuairimíochta] lárnach maidir le tuiscint a fháil ar cheannaireacht den chineál seo.

Tá baint ag *Pope John Paul II* leis na heilimintí tábhachtacha i ngach ceann de na trí pheirspictíocht. Faoi 'Polasaithe agus rialtas', tá ról imeallach, ach ríthábhachtach aige san eilimint, 'titim an Aontais Soivéadaigh'. Cuntraphointe is ea a chuid tuairimí ar 'Posadh, an teaghlach agus ról athraitheach tairngreachta…Flúirseacht…agus sochaí an tomhaltóra' do thuairimí níos forásaí faoi 'Sochaí agus geilleagar'. Faoi 'Cultúr/creideamh/eolaíocht', baineann an dóigh ar tháinig sé mar chomharba ar oidhreacht an Dara Comhairle Vatacánach (a bhfuil cás-staidéar le déanamh air) leis an eilimint 'Patrúin athraithreacha i gcleachtadh an chreidimh' agus le coincheap *gluaiseacht éacúiméineac.*

Tá *Jean Monnet* lárnach sna heilimintí, 'Gluaiseachtaí i dtreo Comhaontais san Eoraip, 1945-1957' agus 'establishment and evolution of EEC', chomh maithe le 'moves towards free trade' faoi pheirspictíocht 'Sochaí agus geilleagar.' Chreid sé nach bhféadfadh le tíortha aonair san Eoraip racmhas náseasmhacht a aimsiú muna n-oibreodh siad i dtreo choincheapa *Eorpach feodach* agus *Cómhargadh* ina bhféadfaí earraí agus seirbhísí a thrádáil gan srianta thar theorainneacha náisiúnta.

Léiríonn an dá choincheap seo spriocanna polaitiúla agus eacnamaíochta Monnet, cé nach mbaineann siad leis an bhFrancach amháin. Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as smaointe Monnet leis an treocht chun comhthathuithe a bhí ann in Iarthar na hEorpa a léiriú agus an dóigh ar léirigh a ghairmré féin an dul chun cinn mall i dtreo na spríce sin.

Cé go mbaineann Monnet le breith idéal na hEorpa, baineann *Jacques Delors* le forbairt institiúidí a chuimsigh an t-idéal sin sna 1990í agus ar aghaidh. Eisean a bhí i dtús cadhnaíochta san Ionstraim Eorpach Aonair (1986) agus rinne sé maoirseacht ar Chonradh Maastricht (1992). Chuir sé an treoirphlean in iúl don Chomhphobal Eorpach agus é ag dul i dtreo an 21ú hAois i ndiaidh thitim an Chumannachais in Oirthear na hEorpa. Tugann a fhís ar chúig chéad milliún duine ina chónaí i ngeilleagar margaidh rialta míniú breise ar choincheap *an chaipitleachais.*

Mar chodarsnacht ar an bhfís seo tá gairmré agus focail *Margaret Thatcher* a raibh fuath aici ar *Eoraip Fheodach* agus mar gheall air sé bhí sé mar fhréasúra ar Jacque Delors. Bhí sí go mór i bhfách le polasaí *na hiombhagairte núicléaiche* agus tá tábhacht faoi leith ag baint léi mar gheall ar an ngné seo. Faoin bpeirspictíocht 'Society and economy,' tá tábhacht mhór ag baint le Mrs. Thatcher agus iniúchadh a dhéanamh ar 'ról athraitheach na mban', agus soiléiríonn sí an cur síos ar *fheimineachas* trí chuid mhór dena bhunphrionsabal a léiriú. Cuidíonn a ról i sainmhíniú agus coincheap an stáit leasa a athrú coincheap an chaipitleachais a léiriú agus a leathnú.

Is mó, áfach, a shuíonn coincheap an *fheimineachais* le *Simone de Beauvoir.* Cé go bhfuil clú ar Thatcher gur mealladh níos mó ban bealach an ardoideachais agus an tsaoil phoiblí mar

gheall uirthi, tá clú ar Beauvoir mar gheall ar smaointe níos radacaí maidir le fuascailt na mban. Foirmíonn a cuid smaointe cúlra don eiliminit, 'Pósadh, an teaghlach agus ról athraitheach na mban'. Soláthraíonn a saol pearsanta féin – trína caidreamh le Jean Paul Satre – sampla de na nósanna maireachtála neamhchoitianta a d'eascair as an laghdú sa saol pósta, chomh maith le struchtúr athraitheach an teaghlaigh, le linn thréimhse sin an ábhair. Is féidir lena háitiú ar neamhspleáchas ban cur leis an eilimint a phléann le 'patrúin athraitheacha cleachtaidh chreidimh.'

Sainaithnítear coincheap *scríbhneora easaontaigh* go soiléir in *Alexander Solzhenitsyn* a bhfuil barrthábhacht ag baint leis an méid a chuir sé leis an eilimint, 'Litríocht agus cáineadh sóisialta, Oirthear agus Iarthar.' Mar gheall ar easaontas Solzhenitsyn leis an rialtas, agus na hagóidí s'aige in aghaidh na hainíde agus na héagóra a mhothaigh sé a bheith ann is amhlaidh gur cuireadh i bpríosún é agus gur cuireadh amach as eagraíocht oifigiúil na scríbhneoirí é. Léiríonn an dóigh ar caitheadh leis polasaí éagórach cinsireachta rialtais Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha (APSS) go dtí ré Gorbachev *glasnost.*

Tagann coincheap *pop-réalta* chun cinn i gcomhthéacs na heiliminte, 'An óige agus cultúr na ndaoine…agus na mórmheáin chumarsáide'. Nascann sé é le fíor *John Lennon* ar thuill a ról mar thaibheoir agus mar scríbhneoir amhrán leis na Beatles clú dó féin ar dhóigh a léiríonn go néata ról agus tionchar *na mórmheán cumarsáide.* Tugann tarraingt na Beatles do dhaoine óga ar fud na hEorpa isteach coincheap an *déagóra* chomh maith.

**OBAIR AN DALTA**

Chun an cur chuige seo atá léirithe thuas a dhaingniú, ní mór do dhaltaí dul i ngleic le gníomhaíochtaí a léiríonn comhtháthú na bpríomhphearsantachtaí agus na bpríomhchoincheap leis na heilimintí cuí. Seo a leanas samplaí de na ceisteanna a d'fhéadfaí a chur mar cheachtanna ranga nó obair bhaile nó, ina áit sin, a d'fhéadfaí a iniúchadh leis an rang mar bhonn le haghaidh fiosrúcháin bunaithe ar fhianaise:

- Ar thit An tAontas Soivéadach mar gheall ar pholasaí'glasnost' Mikhail Gorbachev?
- Maidir le hEoraip Fheodach, cérbh iad na tuairimí difriúla a bhí ag Jacques Delors agus Margaret Thatcher?
- Cad é mar a léiríonn saol agus saothar Simone de Beauvoir tionchar an fheimineachais ar ról athraitheach na mban?
- Cad é mar a léiríonn saol John Lennon ról na mórmheán cumarsáide i gcruthú chultúr na ndaoine le linn na 1960í agus na 1970í?

## E: CUR CHUIGE COTHROM MAIDIR LE HOBAIR AONAIR AGUS HOBAIR AN DUINE

Tá comhaontú ann go forleathan go bhfoghlaimíonn daltaí níos fear nuair a úsáideann múinteoirí réimse de nósanna teagaisc agus foghlama ina gcuirtear teagasc an ranga iomláin, obair ghrúpa agus obair aonair le cheile. Bíonn ról tábhachtach le himirt ag obair ghrúpa ag cuidiú le daltaí torthaí foghlama an tsiollabais a bhaint amach. Is féidir cumas na ndaltaí 'to be able to look at a contentious or controversial issue from more than one point of view' a mhéadú go mór trí obair ghrúpa a chuirtear le chéile go cúramach. Éilíonn an staidéar taighde go dtabharfaidh daltaí faoi obair aonair ar bhealadh struchtúrtha atá fite fuaite fríd na prionsabail ghinearálta agus trí chuid mhór de phríomhchuspóirí shiollabas na staire.

Feabhsófar an cumas chun tabhairt faoi obair den chineál seo trí obair ghrúpa agus obair aonair ar an staidéar doiciméid-bhunaithe agus ar ábhair eile staidéir.

Chun cuid den na gnéithe ar ghá amharc orthu agus iarracht a dhéanamh cothromaíocht a aimsiú idir obair ghrúpa agus obair aonair, glacaimis mar shampla Ábhar 1 i stair na hEorpa agus an domhain mhór ó ghort staidéir An Nua-Aois Luath:**.An Eoraip ón Renaissance chuig an Reifirméisean, 1492 – 1567.**

**LÉITHEOIREACHT SA TSEOMRA RANGA**

Ar an ábhar go bhfuil baint chomh mór sin ag foinsí scríofa in obair an staraí, is cuid lárnach den staidéar ar an stair an léitheoireacht. Ba chóir do gach dalta tabhairt faoi théacsanna a léamh sa seomra ranga mar ghníomhaíocht roinnte agus anseo, mar a tharlaíonn in áiteanna eile, ba chóir don mhúinteoir a bheith ina cheannaire agus ina éascaitheoir. Beidh sé tábhachtach go mbeidh teacht ag daltaí ar éagsúlacht réasúnta ábhar staire má bhíonn siad leis an gcaidreamh idir bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha a chuireann staraithe amach a thuiscint. I gcás an ábhair seo, tá éagsúlacht leathan de bhunfhoinsí ar fáil. Mar shampla, tá bunús na scríbhinní le Martin Luther King ar fáil i bprionta agus cuid mhór ar an Idirlíon. Tá cuid mhór de na scríbhinní seo foilsithe i leabhráin áisiúla le nótaí mínithe agus/nó ceisteanna a oireann do dhaltaí na hArdteistiméireachta. Áirítear ar na samplaí sraith *Cambridge Topics in History: Documents and Commentary* agus sraith Hodder and Stoughton *History at Source.* Áirítear ar chuid de na sraitheanna sleachta as saothair thánaisteacha. Nuair a bhíonn téacsleabhar a úsáid mar phríomháis i dteagasc ábhair, beidh sé tábhachtach go mbeidh tuiscint áirithe ag daltaí ar an mbonn inar cuireadh an insint le chéile. D'fhéadfaí ceisteanna mar na cinn seo a leanas a iniúchadh le daltaí:

*An bhfuil rud ar bith ar eolas againn faoin údar?*

*Cad é dintiúir an údair chun an leabhar seo a scríobh?*

*An aithnítear na príomhfhoinsí ann?*

*An gcuireann sé peirspictíochtaí éagsúla i láthair?*

*An bhfuil ráiteas ar bith ann faoi nádúr na staire?*

*An bhfuil réim mhaith ann de shleachta faisnéise?*

*An mbaintear úsáid astu seo le cuidiú le tuiscint na ndaltaí ar nádúr na staire agus/nó chun muinín agus cumas daltaí a fhorbairt agus iad ag obair le fianaise?*

Ba chóir go mbeadh ceisteanna mar chuid de léitheoireacht ar bith sa seomra ranga. Nuair a bhíonn foinse á léamh den chéad uair, d'fhéadfaí ceisteanna cuí as an scéim atá léirithe ar **leathanach 25** a úsáid. Cuireann cuid mhór den obair fhoinse-bhunaithe le plé i ngrúpaí beaga ar an ábhar gur ghá freagraí a mhealladh amach agus nach minic a bhíonn siad dubh ná bán. Is féidir go mbeidh líon áirithe daoine sna grúpaí ag brath ar éagsúlacht fachtóirí ar nós leagan amach an tseomra ranga, eolas ar obair i ngrúpaí beaga, agus méid na bainte le hobair fhoinse-bhunaithe; áfach, is dóiche gurbh fhearr idir ceathrar agus seisear a bheith ann.

## GLACADH NÓTAÍ

Liostálann cuspóirí an tsiollabais líon scileanna taighde a mbítear ag dúil leis a fhorbróidh na daltaí agus iad i mbun staidéir. Áirítear orthu an cumas chun *'sonraí cuí a roghnú agus a thaifeadadh'*. Don dalta aonair, is cuid lárnach dá c(h)uid staidéir ar an stair é seo: ag foghlaim an dóigh chun *'sonraí suntasacha'* a shainaithint agus iad a thaifeadadh ina gcuid focal féin. Is cuid bhunúsach den ullmhúchán ar an staidéar taighde é seo, mar a bhfaigheann an dalta an deis lena c(h)umas a léiriú mar fhoghlaimeoir neamhspleách.

Cé go mb'fhéidir go mbeadh glacadh nótaí nádúrtha ag cuid de na daltaí, beidh cuidiú agus tacaíocht de dhíth ar chuid eile acu. Ar an gcéad dul síos, is féidir go mbeidh sé úsáideach sliocht insinte a ghlacadh – abair, caibidil nó cuid de chaibidil ó théacsleabhar – agus, nuair a bhíonn tasc leagtha síos nó téama aitheanta, fiosrú leis an rang an dóigh a bhféadfaí nótaí a dhréachtú a bheadh oiriúnach do na ceisteanna a d'ardófaí. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí tabhairt faoin obair seo trí ghrúpaí beaga a úsáid ina bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir na torthaí deiridh agus ina bhféadfaí na daltaí a ghríosú chun critic a dhéanamh ar a gcuid oibre féin agus ar obair grúpaí eile.

Áirítear ar na scileanna glactha nótaí a bheidh de dhíth ar na daltaí ná: an dóigh chun *'sonraí suntasacha'* a shainaithint, agus an dóigh le heolas nó fianaise a thaifeadadh ina gcuid focal féin, an dóigh lena gcuid tuairimí a eagrú ar bhealach ciallmhar, an dóigh le tagairtí a choinneáil faoina gcuid foinsí agus an dóigh lena gcuid nótaí a eagrú le haghaidh tagairte éasca. Rogha mhaith do dhaltaí is ea clúdach a bhfuil innéacs air, inarbh fhéidir glacáin ó mhúinteoirí, nótaí na ndaltaí féin, leathanaigh oibre, ailt íoslódáilte ón Idirlíon agus ábhar eile a choinneáil de réir ábhair agus peirspictíochta. Bheadh rannán faoi leith ag gach cás-staidéar [sa chás seo, 'Colscaradh Anraí VIII agus Catherine of Aragon', 'Seville, port an Domhain Úir' agus 'Ginéiv Chailvín']. Cibé córais eagraithe nótaí a bhíonn ag daltaí, is é an rud is tábhachtaí ná go mbeidh teacht ag daltaí go héasca ar thagairtí nuair a bhíonn siad de dhíth.

## MEASÚNACHTAÍ SCRÍOFA

Cuid an-tábhachtach den staidéar ar an stair is ea an scríbhneoireacht. Soiléiríonn cuspóirí an tsiollabais gur chóir do dhaltaí *'réimse scileanna a fhorbairt a bhaineann le staidéar ar an stair agus le bheith ag scríobh faoin stair'*. Éileoidh sé seo treoir agus tacaíocht ó mhúinteoir agus cleachtadh rialta ag an dalta. Ní mhaíonn 'rialtacht' anseo gur chóir aiste a thabhairt gach seachtain mar obair bhaile. Beidh sé tábhachtach go n-ullmhófar daltaí mar is ceart do mheasúnachtaí ar nós aistí, go mbeidh eolas ceart acu ar na heachtraí agus na ceisteanna ábhartha. Beidh sé tábhachtach freisin go nglacfaidh múinteoirí an t-am le laigí agus láidreachtaí daltaí a shainaithint i gcúrsaí scríbhneoireachta. Is maith le múinteoirí áirithe teacht ar chomhaontú le daltaí ag tús an Chúigiú Bliain msh. measúnacht ar nós aiste gach coicís agus gealltanas ag daltaí a gcuid freagraí a ullmhú agus iarracht a dhéanamh moltaí a mhúinteora faoina gcuid scríbhneoireachta a ghlacadh ar bord.

Cé gur gníomhaíocht aonair é freagraí a scríobh go hiondúil, bíonn fiúntas, ó am go céile ar a laghad, i ndul i ngleic le réamhphleanáil freagraí mar cheacht grúpa. Mar shampla, abraimis gurb í an mheasúnacht scríofa a bheidh le tabhairt don rang *' Cé chomh mór agus a chuir pósadh Ferdinand agus Isabella le comhaontas ríoraí in áit comhaontas polaitiúil?'* Is é an tasc a bheidh rompu ná príomhfhócas na ceiste a shainaithint, ceist an chomhaontais. Ní mór do mhic léinn ina dhiaidh sin iniúchadh a dhéanamh ar a gcuid foinsí eolais agus na

ceisteanna a bhaineann le coincheap an chomhaontais a liostáil msh. Inistitiúidí áirithe polaitiúla, airgeadra difriúil, an cogadh in aghaidh Ghreanáda, earcaíocht arm, baic eacnamaíochta i gcoinne trádála. Is minic is féidir ábharthacht nó mí-ábharthacht ceisteanna áirithe a aimsiú i gcomhthéacs grúpa. Mar imreoirí aonair, ní mór do mhic léinn nótaí a choinneáil ar phointí a bhaineann le gach ceist ar a liosta. Agus an cheist ar intinn acu i dtólamh, ní mór dóibh measúnacht a dhéanamh ar nádúr agus ar mhéid an chomhaontais a bhaineann le gach cás agus nóta a dhéanamh ar a mheasúnacht. Ní mór na ceisteanna a shainaithneofar a chur in ord loighiciúil áirithe ionas gurbh fhéidir gach ceann acu mar ábhar paragraif. Ba chóir go mbeadh conclúid shealadach sa pharagraf deiridh a aithneoidh (go follasach nó go hintuigthe) gurbh fhéidir go mbeidh tuiscint eile ar an bhfianaise atá ar fáil dóibh agus/nó gurbh fhéidir go mbeadh conclúid éagsúil ann dá mbeadh fianaise eile ar fáil.

## RÓL-IMIRT

Straitéis úsáideach ghrúpa is ea ról-imirt chun cuidiú le daltaí tuiscint a fhorbairt ar pheirspictíochtaí áirithe na bpríomhimreoirí sna heachtraí a tharla fadó. San ábhar seo, soláthraíonn an cás-staidéar 'Colscaradh Anraí VIII agus Catherine of Aragon' deis iontach chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm.  D'fhéadfaí an rang a roinnt i ngrúpaí beaga agus iarraidh orthu amharc ar an bhfianaise atá ar fáil ó pheirspictíocht na bpríomhimreoirí ar nós Catherine, Anraí, an Cairdinéal Wolsely, Charles V, Clement VII agus Anne Boleyn. Ní mór tabhairt faoi phlé grúpa, bunaithe ar réamhthaighde agus réamhiniúchadh ar fhianaise, ionas go mbeidh gach ball den ghrúpa in ann a bpeirspictíochtaí a thuiscint. Ullmhóidh daltaí argóintí le húdarás a thabhairt dá bpeirspictíochtaí bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil. Is é an rún atá ann go mbeidh an ról-imirt bunaithe ar fíor-fhachtóirí a bhféadfaí tionchar a bheith acu ar chinntí daoine gníomhú ar an dóigh ar ghníomhaigh siad. Cuirfidh duine aonair (nó daoine aonair) as gach grúpa a pheirspictíocht chun tosaigh agus déanfaidh sé argóint ina taobh leis an rang iomlán. Ba chóir go mbeadh plé ann ina dhiaidh, sna róil nó lasmuigh de na róil, ionas gurbh fhéidir le daltaí a gcuid smaointe féin a shoiléiriú agus smaointe daoine eile a thuiscint. Ceacht úsáideach conclúide a bheadh ann dá leagfadh gach duine aonair síos i bparagraf gairid peirspictíocht eile a chuaigh i bhfeidhm air/uirthi agus na fáthanna a bhí leis seo.

## PLÉ RANGA

Straitéis eile is ea plé grúpa a d'fhéadfaí a bheith cuiditheach ag clúdadh ábhar faoi  leith. Anseo, b'fhéidir go mbeadh an bhéim ar fhianaise a úsáid le hargóint a choinneáil ná ar spreagadh pearsanta a thuiscint. Abraimis, mar shampla, go gcuirfeadh an múinteoir an cheist:

Cé acu de na fachtóirí seo a leanas ba mhó a chuir le tús an Reifirméisin – pearsantacht agus príorachtaí Mhártain Liútair? Éilimh airgeadais na Pápachta? Obair Erasmus agus na ndaonnachtaithe? Ainíde san Eaglais? Míshástacht na Gearmáine i ngeall ar dhiansmacht an Phápa sa Róimh? (D'fhéadfaí cur leis an liosta gan stró) D'fhéadfaí ceist a chur ar na grúpaí díriú ar fhachtóir rannpháirteach amháin agus é a chur i láthair agus iarracht a dhéanamh cur in iúl gur fachtóir tábhachtach atá ann. D'fhéadfaí deireadh a chur leis an gceacht, faoi threoir an mhúinteora, faoi thosaíocht a thabhairt do na fachtóirí i dtéarmaí na tábhachta atá leo bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil don rang.

## STAIR AGUS AN T-IDIRLÍON

Áis an-tábhachtach is ea an t-Idirlíon le haghaidh theagasc agus fhoghlaim na staire. Soláthraíonn sé rochtain nach raibh riamh ann do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar ábhar a thacaíonn lena gcuid oibre agus staidéir. Soláthraíonn sé deiseanna do dhaltaí scileanna an staraí a chleachtadh. In Aois seo na Fianaise ina mairimid, bíonn ról lárnach le himirt ag an múinteoir staire chun daltaí a chumasú chun ciall agus luach a bhaint as an iliomad sonraí atá ar fáil ar an Idirlíon. Má bhíonn daltaí le húsáid éifeachtach a bhaint as an Idirlíon le linn dóibh a bheith ag staidéar, ní mór dóibh a bheith ar an eolas faoin dóigh le fianaise a aimsiú ar bhealach córasach agus eagraithe. Ina dhiaidh sin beidh na scileanna fiosrúcháin de dhíth orthu a chumasóidh iad chun measúnacht a dhéanamh ar úsáideacht agus/nó ar shrianta a bhfuil aimsithe acu.

## ÚSÁIDÍ A D'FHÉADFADH A BHEITH ANN

Do mhúinteoirí agus do dhaltaí, soláthraíonn an tIdirlíon rochtain ar

- réimse leathan de bhunfhoinsí
- foinsí na mórmheán cumarsáide agus foinsí amhairc eile (msh. grianghraif, ailt i nuachtáin, póstaeir, gearrthóga as nuachtscannáin)
- ailt ó fhoinsí tánaisteacha agus tráchtaireachtaí ar bhunfhoinsí
- peirspictíochtaí éagsúla ar eachtraí staire ó thíortha éagsúla agus ó staraithe éagsúla nó ó thráchtairí eile.

Soláthraíonn rochtain ar réimse leathan foinsí den chineál sin deiseanna nua chun

- scileanna an staraí a chleachtadh (msh. straitéis cuardaigh a chumadh, scileanna fiosrúcháin, measúnacht a dhéanamh ar iontaofacht, crostagairt).

## COMHAIRLE DO MHÚINTEOIRÍ

Ní mór don  múinteoir an fráma tagartha céanna criticiúil agus measúnaithe a ghlacadh ar bord nuair a bheifear ag plé leis an Idirlíon agus a chuirfí i bhfeidhm ar fhoinsí traidisiúnta i bprionta. Níl aon chaighdeáin fhoriomlána eagarthóireachta ag an Idirlíon – is féidir le duine ar bith, i ndeireadh na dála, suíomh a chur le chéile agus ní mór do dhaltaí a bheith ar an eolas faoi na fadhbanna coitianta a bhíonn le haimsiú ann. Tá cuid mhór suíomhanna mífhreagrach agus/nó ní bhíonn cur i láthair slachtmhar orthu ná ar an ábhar.

Chun na fadhbanna a chruthaíonn fáthanna bolscaireachta nó caighdeáin isle a sheachaint, ba chóir do mhúinteoirí daltaí a dhíriú i dtreo suíomhanna freagracha (ar nós *www.scoilnet.ie* nó *http://www.bbc.co.uk/history/* ) chuig leabharlanna iontaofa (ar nós Ollscoil Fordham ag *http://www.fordham.edu/halsall/*), chuig cartlanna (ar nós NetSerf ag *http://www.netserf.org/*) agus chuig ollscoileanna (ar nós Open University ag *http://www.open.ac.uk/Arts/history/resources.htm*).

Sula n-iarrfar ar dhaltaí tabhairt faoi thaighde ar an Idirlíon, ba chóir do mhúinteoirí iad féin a chur ar an eolas faoi pholasaí úsáide an Idirlín sa scoil agus na treoracha a leanstan atá ann lena chinntiú nach mbeidh teacht ag daltaí ar ábhar neamhoiriúnach

## GUAISEACHA A D'FHÉADFADH A BHEITH ANN

Ní mór do mhúinteoirí agus do dhaltaí a bheith ar an eolas nach áit é an tIdirlíon dóibh siúd nach mbíonn criticiúil agus airdeallach. Cuireadh ábhar stairiúil áirithe ar an Idirlíon le haghaidh cuspóirí bolscaireachta agus polaitiúla; is féidir go mbeidh an chiall atá leis an-roghnach agus casta as siocair é a bheith bainte óna bhunchomhthéacs. Ar an láimh eile, is féidir go mbeidh ról le himirt ag suíomhanna eile chun scileanna criticiúla na ndaltaí a fhorbairt má dhéantar iad a scrúdú le cúnamh an mhúinteora mar chuid de chur chuige córasach chun scileanna a fhorbairt.

Ba chóir don mhúinteoir ábhar agus cáilíocht suímh a scrúdú sula ndéanfaí é a mholadh do dhaltaí. Má bhíonn naisc i suíomh chuig suímh eile nach bhfuil ábhar oiriúnach ann, b'fhéidir go mbeadh sé le ciall é a sheachaint. (Bíonn naisc idir suíomhanna áirithe a bhaineann leis an nGearmáin Náitsíoch a bhfuil ábhar léiritheach den scoth ann agus suíomhanna polaitiúla an-Fhaisisteacha.)

## TREOIR DO DHALTAÍ

Ba chóir do dhaltaí agus iad ag baint úsáide as an Idirlíon na caighdeáin chéanna chritice agus mheasúnachta a chur i bhfeidhm agus a bhaineann le foinsí traidisiúnta fianaise. Beidh sé thar a bheith tábhachtach go bhfoghlaimeoidh daltaí an dóigh le tagairt a dhéanamh d'ábhar a léadh nó a íoslódáladh ón Idirlíon. Scil riachtanach de chuid an staraí is ea seo ar an ábhar go gcinntíonn sé gur féidir le duine ar bith ar mian leo an fhoinse chéanna a úsáid rochtain a fháil uirthi agus é a sheiceáil.

Más mian le daltaí tagairt a dhéanamh d'ábhar ar shuíomh Idirlín, ba chóir dóibh an t-eolas seo a leanas a thabhairt.

- ainm agus teideal an údair
- teideal an leathanaigh nó an ailt (agus ainm phríomhleathanach an teidil, más cuid de phríomhshuíomh é an t-alt)
- an dáta ar scríobhadh é (má tá sé ar fáil)
- seoladh an tsuímh nó an URL
- an dáta ar léadh an t-ábhar nó an dáta a ndearnadh an t-ábhar a íoslódáil.

Níor chóir do dhaltaí bunfhoinse a úsáid ón Idirlíon ach amháin nuair a bhíonn tagairt don leabhar, d'eagraíocht, nón don chartlann ina bhfuil an fhoinse le fáil. Mura mbíonn sé sin ann, níor chóir an fhoinse a úsáid.Níor chóir go mbeadh an diancheangal seo i bhfeidhm nuair a bhíonn na foinsí ar shuíomh iarsmalainne nó leabharlainne ina bhfuil an fhoinse.

## CEACHT PRAITICIÚIL DO DHALTAÍ

Níl aon riachtanas faoi leith ann sa siollabas go gcaithfidh daltaí úsáid a bhaint as an Idirlíon mar chuid den chúrsa staidéir s'acu. Ina ainneoin sin, ba chóir do mhúinteoirí treoir a thabhairt do dhaltaí maidir lena úsáid. D'fhéadfaí tabhairt faoi cheacht den chineál seo a leanas le daltaí, b'fhéidir agus iad ag plé leis an gcéad rannán ar stair agus an staraí nó, ina áit sin, mar chuid den ullmhúchán don staidéar taighde.


Tabharfar tasc taighde do dhaltaí ag baint úsáide as an áis chuardaigh ar an Idirlíon. (Ní mór don mhúinteoir réamhbhreathnú a dhéanamh ar an gcineál ábhar a thiocfaidh as cuardach faoi leith sula dtabharfar do dhaltaí é). Soláthrófar treoracha soiléire chun obair na ndaltaí a stiúradh, rud éigin, b'fhéidir, mar seo a leanas:

1. *Sainmhínigh an t-ábhar a mbeidh taighde le déanamh air.*
2. *Roghnaigh na téamaí staidéir faoi leith a bheidh le húsáid.*
3. *Dírigh isteach ar na chéad torthaí, más gá. (Is minic a thiocfaidh na mílte torthaí as cuardach agus beidh gá leis na torthaí seo a laghdú.)*
4. *Oscail líon beag suíomhanna a bhfuil an chuma orthu go bhfuil ábhar oiriúnach agus cuí iontu.*
5. *Roghnaigh an t-ábhar is oiriúnaí agus is cuí trína léamh agus a mheas go cúramach.*
6. *Priontáil, íoslódáil nó glac nótaí ar ábhar roghnaithe.*
7. *Déan machnamh ar an bpróiseas taighde. Cad chuige ar roghnaíodh suíomhanna faoi leith agus nár roghnaíodh cinn eile? Cad chuige a raibh ábhar faoi leith oiriúnach agus nach raibh ábhar eile mí-oiriúnach? Cad é a d'fhoghlaim mé faoi phróiseas an taighde?*
8. *Breac síos an t-eolas tagartha do gach foinse Idirlín ar baineadh úsáid as.*

## AN T-IDIRLÍON AGUS AN STAIDÉAR TAIGHDE

Ba chóir cuimhne a dhéanamh ar an gcomhairle seo uile thuas nuair a bhíonn daltaí ag baint úsáide as foinsí ón Idirlíon agus iad ag tabhairt faoina Staidéar Taighde. Mar a shoiléirítear i ndoiciméad an tsiollabais, ba chóir tabhairt faoi 'prótacal'nó faoi chur chuig caighdeánach ar úsáid 'ábhar foinse ón Idirlíon'. Cé go bhféadfaí glacadh leis seo ó am go céile chun cleachtas athraitheach agus/nó na ceachtanna a foghlaimíodh ón taithí a léiriú, is dócha, ar dtús cibé, go mbeidh sé ar nós an chur chuige tagartha a bhfuil cur síos déanta thuas air.

# Section five
## assessment guidelines



## 5. TREOIRLÍNTE MEASÚNACHTA

Cuid lárnach den mheasúnacht is ea próiseas na foghlama agus an teagaisc. Próiseas atá ann a tharlaíonn sa seomra ranga chomh maith le limistéir bhrú an halla scrúduithe. Dá bhrí sin, is féidir cuspóirí áirithe a bheith le measúnacht. Is féidir leis aischothú a thabhairt do dhaltaí faoi na céimeanna ba chóir dóibh a ghlacadh chun a gcuid foghlama a fheabhsú. Is féidir leis cuidiú le múinteoirí measúnacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht straitéisí áirithe teagaisc. Is féidir é a úsáid mar tháscaire faoi ghnóthachtáil dalta agus cuspóirí siollabais a chomhlíonadh aige. Ba chóir a chur in iúl, áfach, nach i gcónaí a bhíonn na cuspóirí seo comhoiriúnach. Is féidir eolas úsáideach a fháil faoi fheidhmíocht dalta ó mheasúnacht chun deimhniúcháin; is féidir nach mbeidh sé chomh húsáideach i gcuidiú le daltaí foghlaim s’acu sa todhchaí a fheabhsú.

Sa rannán seo amharctar ar dhá chineál measúnachta atá croílárnach sa teagasc agus san fhoghlaim viz. measúnacht le haghaidh foghlama agus measúnacht ar fhoghlaim. Is féidir achoimre a dhéanamh ar an dá chineál measúnachta ar an dóigh seo a leanas:

- measúnacht le haghaidh foghlama – chun foghlaim an dalta a fheabhsú
- measúnacht ar an bhfoghlaim – chun dalta a ghrádú

Ba chóir go mbeadh measúnacht le haghaidh foghlama mar chuid lárnach den phróiseas foghlama do dhaltaí a leanann cúrsa bunaithe ar an siollabas. Is féidir le múinteoirí agus le daltaí beirt buntáistí suntasacha a bhaint as na straitéisí foghlama san obair a dhéanann siad sa seomra ranga ó lá go lá. Foghlaimeoidh daltaí an dóigh le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta acu féin ionas go bhfaighidh siad aischothú ar a gcuid oibre. Sa deireadh thiar thall, foghlaimeoidh siad an dóigh le béasaí maithe foghlama a fhorbairt don todhchaí. Cé go mbíonn cuid mhór oibre le déanamh go fóill ar mheasúnacht le haghaidh straitéisí foghlama ag an leibhéal seo, is féidir cuid mhór de na ceachtanna atá léirithe sa rannán seo ar straitéisí teagaisc a úsáid chun measúnacht a dhéanamh ar fhoghlaim an dalta agus chun tacaíocht a thabhairt dó. Is féidir gur mhaith le múinteoirí ar mhaith leo a bheith ar an eolas faoi seo dul i gcomhairle le suíomh foghlama na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) ag *www.afl.ncca.ie*.

Téann an chuid eile den rannán seo i ngleic le cuid de na ceisteanna a bhainfidh le measúnacht fhoirmiúil ar an bhfoghlaim a dtiocfaidh deimhiúchán as ag deireadh thréimhse staidéir an dalta. Ó tharla go bhfuil riachtanais eile na tuairisce ar staidéar taighe clúdaithe in áit eile sna Treoirlínte seo, díreofar sa rannán seo ar riachtanais an scrúduithe dheiridh.

Seo a leanas leithdháileadh agus ualú foriomlán na marcanna:

### LEITHDHÁILEADH FORIOMLÁN NA MARCANNA

| | |
|---|---|
| Tuarascáil ar an staidéar taighde | 20% |
| An scrúdú deiridh | 80% |

### UALÚ NA MARCANNA DON TUAIRISC AR AN STAIDÉAR TAIGHDE

| | |
|---|---|
| Plean Imlíneach | 3% |
| Measúnacht ar fhoinsí | 5% |
| Móraiste | 12% |

### UALÚ MARCANNA DON SCRÚDÚ DEIRIDH (AN DÁ LEIBHÉAL)

| | |
|---|---|
| Ceist dhoiciméid-bhunaithe | 20% |
| Gach ceann de na trí cheist ghineárlta seo | 20% an ceann |

### AN SCRÚDÚ DEIRIDH – GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

- Freagróidh iarrthóirí ceithre cheist sa scrúdú.
  Is ionann luach na marcanna i ngach ceist.
- Ceist dhoiciméid-bhunaithe is ea ceann de na ceithre cheist. Bainfidh na doiciméid a mbainfear úsáid astu le ceann de na trí chás-staidéar don ábhar roghnaithe. Tá leagan amach na gceisteanna doiciméid-bhunaithe leagtha amach thíos.
- Tá leagan amach na gceisteanna ginearálta ag an nGnáthleibhéal leagtha amach ar leathanach 60.
- Tá leagan amach na gceisteanna ginearálta ag an Ardleibhéal leagtha amach ar leathanach 61.

### AN CHEIST DHOICIMÉID-BHUNAITHE AG AN NGNÁTHLEIBHÉAL AGUS AG AN ARDLEIBHÉAL

- Ba chóir go  mbainfeadh na doiciméid a roghnófaí le ceann de na cás-staidéir liostaithe. Dhéanfaí na cás-staidéir seo a theagasc trí úsáid mhór a bhaint as doiciméid. Beidh iarrthóirí ar an eolas faoi ábhar na gcás-staidéar seo agus beidh a gcuid scileanna i leith fianaise a láimhseáil ar an anailís ar na doiciméid seo bainteach leis na cás-staidéir.
- Is féidir go mbeidh doiciméid scríofa nó doiciméid amhairc i gceist. Sa chomhthéacs seo, sainmhíneofar 'scríofa' mar thras-scríbhinní ar agallaimh raidió agus Teilfíse agus ar theistiméireachtaí béil. Is féidir go mbeidh idir eilimintí amhairc agus scríofa i gcuid de na doiciméid, msh. cartún polaitiúil.
- Glacfar san áireamh leibhéal léitheoireachta a mheasfar a bheidh ag cohórt an scrúduithe nuair a roghnófar na doiciméid. Cuirfear eagar ar na doiciméid agus/nó cuirfear gluaiseanna leo, nuair a mheasfar é a bheith oiriúnach.
- Beidh ceithre rannán mar seo a leanas ag an gceist dhoiciméid-bhunaithe:

**Rannán 1 Tuiscint**

Beidh ar iarrthóirí sonraí cuí a bhaint as doiciméid chun freagraí a fhreagairt a chuirfear le chéile chun a gcuid tuisceana ar shliocht nó ar fhoinse amhairc a thástáil.

**Rannán 2 Comparáid**

Beidh ar iarrthóirí comparáid a dhéanamh idir dhá chuntas nó níos mó ar an eispéireas céanna staire agus beidh orthu nóta a dhéanamh de chosúlachtaí agus de chodarsnachtaí.

**Rannán 3 Critic**

Beidh ar iarrthóirí claontacht agus bolscaireacht a aithint; nóta a dhéanamh de thuairimíocht; contrárthachtaí a shainaithint; agus breithniúnais a dhéanamh ar iontaofacht foinsí áirithe.

**Rannán 4 Comhthéacsú**

Beidh ar iarrthóirí ábhar na ndoiciméad a chur ina chomhthéacs stairiúil agus tuiscint a léiriú ar na ceisteanna agus ar na heachtraí a bhaineann leis an tréimhse sin de réir mar atá léirithe in eilimintí an ábhair.

**Ualú Marcanna**

25% a bheidh mar leithdháileadh foriomlán na marcanna don cheist seo as na marcanna iomlána sa scrúdú deiridh. Beidh ualú níos airde don Tuiscint ag an nGnáthleibhéal agus ualú níos airde don Chomhthéacsú ag an Ardleibhéal. Is é seo a leanas an t-ualú atá molta:

| | **Ardleibhéal** | **Gnáthleibhéal** |
|---|---|---|
| Tuiscint | 5% | 10% |
| Comparáid | 5% | 5% |
| Critic | 5% | 5% |
| Comhthéacsú | 10% | 5% |

**SEO A LEANAS SAMPLA DE CHEIST DHOICIMÉID-BHUNAITHE DON DÁ LEIBHÉAL.**

**CEIST DHOICIMÉID-BHUNAITHE**

**ARDLEIBHÉAL**

**Ábhar: LMI, Ábhar 2 – Gluaiseachtaí le haghaidh athchóiriú polaitiúil agus sóisialta, 1870-1914**

**Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid: Baile Átha Cliath 1913 – Stailc agus frithdhúnadh**

Déan staidéar ar na doiciméid seo a leanas go cúramach agus freagair na ceisteanna a leanas. Tagraíonn an dá dhoiciméad d’eachtraí ‘Dhomhnach na Fola’, 31 Lúnasa, 1913.

*A I was in O'Connell Street one evening when Jim Larkin…appeared on the balcony of the hotel, wearing a beard as a disguise. He spoke amidst cheers and hoots for the employers. Police swept down from many quarters, hemmed in the crowd, and used their heavy batons on anyone who came in their way. I saw women knocked down and kicked - I scurried up a side street; at the other end the police struck people as they lay injured on the ground, struck them again and again…I was in favour of the strikers.*

Ernie O'Malley - *On Another Man's Wound* (1936)

*B Violent scenes were associated in an attempt made by a crowd, about 5.30 p.m., to force the motormen of six trams to give up their driving handles in Camden Street. The conductors were also asked to leave their cars. Both the drivers and conductors refused to comply with the demand of the crowd, who then flung stones and missiles at the cars.……There were only a few policemen on the scene at the time, and they were vigorously stoned by the crowd. Reinforcements soon arrived…and at least six baton charges were delivered on the crowd before they were finally dispersed.*

*Freeman's Journal,* An Luan, 1 Meán Fómhair, 1913

1. (a) De réir dhoiciméad A, cad é mar a ghlac an slua le hóráid Larkin ó bhalcóin an óstáin?

   (b) I ndoiciméad A, cad chuige síleann tú a rinne Ernie O'Malley seo a leanas 'scurried up a side street'?

   (c) I ndoiciméad B, cad é an t-éileamh a rinne an slua i Sráid Camden agus cad é an freagra abhí acu nuair a diúltaíodh dá éileamh?

2. (a) Cén doiciméad, A nó B, a léiríonn an chomhbhá is mó do ghníomhaíocht na bpóilíní? Mínigh do fhreagra.

   (b) Cén doiciméad, A nó B, atá ar an doiciméad is lú claontacht? Mínigh do fhreagra.

3. (a) Foilsíodh Doiciméad A den chéar uair sa bhliain 1936. Cad iad na fachtóirí ba chóir a thabhairt san áireamh agus sin nag déanamh measúnachta ar a iontaofacht?

   (b) Cad iad na buntáistí agus na constaicí a bhaineann le cuntas nuachta comhaimseartha mar atá i ndoiciméad B?

4. Cérbh é méid na hidirghníomhaíochta a bhí idir gluaiseacht an lucht oibre agus gluaiseachtaí eile le haghaidh athchóiriú polaitiúil agus sóisialta sna deich mblianta roimhe 1913?

**CEIST DHOICIMÉID-BHUNAITHE**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**ÁBHAR: LMI, Topic 2 – Gluaiseachtaí le haghaidh athchóiriú polaitiúil agus sóisialta**

**Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid: Baile Átha Cliath, 1913 – Staic agus frithdhúnadh**

Déan staidéar ar na doiciméid seo a leanas go cúramach agus freagair na ceisteanna a leanas. Tagraíonn an dá dhoiciméad d'eachtraí 'Dhomhnach na Fola', 31 Lúnasa, 1913.

*A I was in O'Connell Street one evening when Jim Larkin…appeared on the balcony of the hotel, wearing a beard as a disguise. He spoke amidst cheers and hoots for the employers. Police swept down from many quarters, hemmed in the crowd, and used their heavy batons on anyone who came in their way. I saw women knocked down and kicked - I scurried up a side street; at the other end the police struck people as they lay injured on the ground, struck them again and again…I was in favour of the strikers.*

Ernie O'Malley - *On Another Man's Wound* (1936)

*B ... an attempt [was] made by a crowd, about 5.30 p.m., to force the motormen of six trams to give up their driving handles in Camden Street. The conductors were also asked to leave their cars. Both the drivers and conductors refused to comply with the demand of the crowd, who then flung stones and missiles at the cars……There were only a few policemen on the scene at the time, and they were …stoned by the crowd. Reinforcements soon arrived…and at least six baton charges were delivered on the crowd before they were finally dispersed.*

*Freeman's Journal,* Monday, 1st September, 1913

5. (a) De réir dhoiciméad A, cad é mar a ghlac an slua le hóráid Larkin ó bhalcóin an óstáin?

(b) I ndoiciméad A, cad chuige síleann tú a rinne Ernie O'Malley seo a leanas 'scurried up a side street'?

(c) I nDoiciméad B, cad é a rinne an slua in Sráid Camden iarracht tabhairt ar na motormen agus ar na stiúrthóirí a dhéanamh

(d) I nDoiciméad B, cad é a rinne an slua nuair a diúltaíodh dá éileamh?

(e) I nDoiciméad B, cad é an chiall le 'baton charges'?

6. (a) An léiríonn ceachtar den dá dhoiciméad comhbhá leis na póilíní?
Mínigh do fhreagra.

(b) An síleann tú gur cuntas claonta ceachtar den dá dhoiciméad? Mínigh do fhreagra.

7. Foilsíodh Doiciméad A sa bhliain 1936, trí bliana is fiche i ndiaidh 1913. Foilsíodh Doiciméad B i nuachtán lá i ndiaidh na heachtra. An ionann sin agus a rá go bhfuil Doiciméad B níos iontaofa ná Doiciméad A? Mínigh do fhreagra.

8. Cérbh iad na fachtóirí sóisialta agus eacnamaíochta a chruthaigh teannas breise idir fostóirí agus oibrithe sna blianta go díreach roimh 1913?

## NA CEISTEANNA GINEARÁLTA AG AN NGNÁTHLEIBHÉAL

- Cuirfear ceist amháin a mbeidh iolpháirteanna léi ar gach ábhar. Beidh spreagthaí le gach ceist. Is féidir gur pictiúr nó léarscáil nó sliocht próis nó véarsaíochta nó spreagadh eile a bheidh i gceist a roghnófar nó a dhearfar ionas go n-aithneodh an dalta an t-ábhar. Tástálfaidh na ceisteanna ar an spreagadh tuiscint agus/nó sainaithint agus tá rún ann gur bealach réasúnta éasca isteach a bheidh iontu go tástáil níos déine ar thorthaí foghlama.

- Beidh rogha i gceist le codanna eile de na ceisteanna.

- Bainfidh ceisteanna a mbeidh na sonraí is mó de dhíth leo le príomhphearsantachtaí agus le cás-staidéir.

**Seo a leanas sampla de cheist ghinearálta ag an nGnáthleibhéal**

**Ábhar: EME, Ábhar 1 – An Eoraip ón Renaissance chuig an Reifirméisean, 1492-1567**

**Déan staidéar ar an bpictiúr seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh:**



Luther burns the Pope's Bull Woodcut 1557

**A. Dónn Liútar Bulla an Phápa [1520], Greanadh Adhmaid 1557**

(i) Cé hé Liútar, an duine a bhfuil lipéad A, B nó C air? Tabhair fáth le do fhreagra.

(ii) Mínigh an chiall atá leis an bhfrása 'Bulla an Phápa'.

(iii) ICén tír san Eoraip inar tharla an eachtra seo?

(iv) Ar réitigh Liútar agus an Pápa a gcuid difríochtaí? Mínigh do fhreagra.

**B. Scriobh alt ar CHEANN acu seo a leanas le haghaidh 30 marc:**

(i) Tionchar theicneolaíocht nua na priontála

(ii) Feachtais mhíleata Charles V in aghaidh na dTurcach

(iii) Fadhb an bhoilscithe sa Spáinn agus in áiteanna eile san Eoraip sa chéad leath den séú haois déag

(iv) An obair a rinne Michelangelo Buonarroti don Phápa Julius II, 1503-1513

**C. Freagair CEANN amháin de na ceisteanna seo a leanas le haghaidh 40 marc:**

(i) Cad é an ról a bhí ag Hernan Cortes agus impireacht Spáinneach a chruthú thar sáile go luath sa séú haois déag?

(ii) Cad é mar a chuir an colscaradh idir Henry VIII Shasana agus Catherine of Aragon leis na hathruithe i gcumhacht an rí?

(iv) Cad chuige a raibh tábhacht leis an mbaincéir Jacob Fugger mar dhuine san Eoraip idir 1510 agus 1525?

(iv) Cad iad na hathruithe – creidimh, cultúrtha agus sóisialta – a tharla sa Ghinéiv nuair a tháinig sé faoi smacht John Calvin ó 1541?

## NA CEISTEANNA GINEARÁLTA AG AN ARDLEIBHÉAL

- Cuirfear líon sainithe ceisteanna ar gach ceann de na hábhair. (Meastar go nach mbeidh níos lú ná trí cinn ann.)
- I gcás gach ábhair, déanfar dhá cheann as trí cinn de na peirspictíochtaí a scrúdú gach bliain.
- A fhad is go mbeidh sé indéanta, agus de réir an fhócais ar fhiosrúchán sa siollabas, frámófar na ceisteanna mar cheisteanna (i.e. modh cheisteach a bheidh ann) agus seachnófar friotal ar nós 'pléigh' nó 'meas.'

**Seo a leanas samplaí de cheisteanna ginearálta ag an Ardleibhéal**

**Ábhar: EMI, Ábhar 5**

**Cóilíneacht vs. Ríocht – Teannas in Éirinn i lár an 18ú haois, 1715-1770**

1. Cén tionchar a bhí ag conspóid Wood's Halfpence ar ghnóithe polaitíochta na hÉireann idir 1722 agus 1725?

2. Cad é mar a chuaigh imfháluithe na tréimhse 1715-1770 i bhfeidhm ar sheasmhacht eacnamaíochta agus sóisialta?

3. Cad é an ról a bhí ag na Cúirteanna Filíochta agus modhanna tuairimíochta a choinneáil beo le linn na tréimhse 1715 go 1770?

**Ábhar: EME, Ábhar 2**

**Creideamh agus cumhacht: polaitíocht sa 16ú haois dhéanach, 1567-1609**

1. Mínigh athfhilleadh na míshástachta in Ísiltíortha na Spáinne sna blianta idir 1567 agus 1609.

2. Cé chomh mór agus a chuaigh iompórtáil airgid ó Mheiriceá na Spáinne i bhfeidhm ar bhoilsciú mór an 16ú haois déag?

3. Cad chuige ar measadh go raibh an bhagair don Chríostaíocht ón gCailvíneachas níos treise ná foirmeacha eile d'easaontas Protastúnach

**Ábhar: LMI, Ábhar 1 Éire agus an tAontas, 1815-1870**

1. Cad é na fachtóirí a chuir le rath fheachtas Uí Chonaill chun Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach?

2. Déan measúnacht ar thionchar an Ghorta Mhór ar an sochaí faoi tuath in Éirinn idir 1845 agus 1870.

3. An féidir an téarma 'athnuachan' a chu r i bhfeidhm ar an Eaglais Chaitliceach le linn na tréimhse 1829 go 1870?


**Ábhar: LME, Ábhar 4 Roinnt agus páirtíocht nua san Eoraip, 1945-1992**

1. Trí thagairt a dhéanamh do dhá thír nó níos mós, cé chomh mór agus a d'éirigh le 'Sóivéidiú' Oirthear na hEorpa idir 1945 agus 1990?

2. Cad mar a forbraíodh an ghluaiseacht i dtreo comhaontais sa Eoraip idir 1945 agus 1957?

3. Cé chomh mór agus a d'éirigh leis an an Dara Comhairle Vatacánach mar fhreagra ar phátrúin athraiteacha chleachtas an chreidimh san Eoraip?

# Section six
## resource guidelines



## 6. TREOIRLÍNTE ACMHAINNÍ

Is iomaí acmhainn atá ann le tacú le teagasc agus le foghlaim na staire ag leibhéal na hArdteistiméireachta.

Cuirfear go leor eile ar fáil sna blianta amach romhainn. Déantar machnamh sa roinn seo ar an dóigh ar féidir acmhainní a aithint agus a aimsiú agus ar an dóigh ar féidir luacháil a dhéanamh ar a úsáidí atá siad. Déantar machnamh gairid ar úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i dteagasc na staire. Cuirtear críoch leis an roinn seo le dhá eiseamláir d'ábhar tacaíochta le haghaidh theagasc na dtopaicí. Táthar ag súil leis go gcuirfear ábhar tacaíochta atá ar aon dul leis seo ar fáil ar líne do gach topaic sa siollabas.

## ACMHAINNÍ A AITHINT AGUS A AIMSIÚ

Baintear úsáid as an téarma 'acmhainn' anseo le cur síos ar aon rud (nó ar aon duine) a chuidíonn le cuspóirí an tsiollabais a bhaint amach. Áirítear inti seo leabhair thagartha, sainsaothair thánaisteacha, pacaí doiciméad, cartlanna ar líne, leabharlanna, fístéipeanna, CD-ROManna, DVDanna, agus cuid mhór eile, ó sheandaoine go teicneolaíochtaí nua. Beidh acmhainní ag scoileanna cheana féin a bhfuil baint acu leis an siollabas leasaithe. Tá impleachtaí do scoileanna i dtaca le acmhainní de, áfach, ag an mbéim úr ar úsáid bunfhoinsí agus ar leathadh an staidéir taighde do gach dalta. Ní mór go mbeadh rochtain ag daltaí agus ag múinteoirí ar réimse maith foinsí staire a bheadh feiliúnach don seomra ranga agus ní mór go dtiocfadh feabhas ar na hacmhainní atá ann le taighde a chur i gcrích.

Tá roinnt irisleabhar ann atá úsáideach chun acmhainní ábhartha agus feiliúnacha a aithint. Irisleabhar Chumann Múinteoirí Staire na hÉireann atá in *Stair* (a fhoilsítear go bliantúil) agus foilsíonn sí ailt ar dhamhna siollabais agus ar chleachtas sa seomra ranga chomh le léirmheasanna ar leabhair agus ar acmhainní eile. Bíonn réimse leathan alt ar *History Ireland* (a fhoilsítear go ráithiúil) ar ghnéithe éagsúla de stair na hÉireann agus is bealach maith atá ina chuid léirmheasanna ar leabhair agus ina chuid fógraí chun cos a choinneáil le foilseacháin reatha. Foilsíonn sé anois (ó bhí samhradh 2004 ann) aon alt amháin i ngach eagrán ar thopaic nó ar ghné nó ar chás-staidéar faoi leith a bhaineann leis an siollabas leasaithe.

Tá acmhainní úsáideacha curtha ar fáil ag roinnt institiúidí náisiúnta mar atá an Chartlann Náisiúnta, an Leabharlann Náisiúnta agus an tArd-Mhúsaem agus tá sonraí ar fhoilseacháin reatha ar a suíomhanna gréasáin. Tá cláir raidió agus teilifíse a bhfuil baint acu le cuid mhaith de thopaicí an tsiollabais curtha le chéile ag RTÉ. Acmhainn eile atá sna hionaid oidhreachta ar féidir iad a nascadh le cuid mhaith de na topaicí. Do mhúinteoirí staire, tá an tseirbhís leabharlainne poiblí ar cheann de na háiteanna is úsáidí le hacmhainní a fháil. Chomh maith lena stoic féin leabhar agus le hacmhainní eile, thig leis na leabharlanna seirbhísí eile mar atá an tseirbhís iasachtaí idirleabharlainne, na bailiúcháin de stair áitiúil agus acmhainní idirlín a chur ar fáil le cuidiú le teagasc agus le foghlaim na staire.

Ní mór don mhúinteoir luacháil a dhéanamh ar aon acmhainn d'aon chineál is cuma cé chomh tarraingteach nó cé chomh mítharraingteach atá an pacáistiú le fáil amach cá húsáidí a bheadh sí. B'fhéidir go gcuirfí gnéithe den sórt seo a leanas san áireamh i luacháil mar seo:

- Cad iad na torthaí foghlama a chuideoidh sí seo liom a chur i gcrích?
- Cad iad na topaic(í) nó cén ghné de na topaicí a mbeidh baint aici leis/leo?
- Cad é mar a bhainfinn úsáid aisti sa seomra ranga? Cad é mar a bhainfeadh na daltaí úsáid aisti nó cad é mar a d'idirghníomódh siad léi?
- An gcuideoidh an acmhainn seo le timpeallacht dhearfach foghlama a chruthú?

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CHUMARSÁIDE

Tá suntas níos mó á thabhairt d'úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i dteagasc na staire. Faoi láthair, baineann líon suntasach daltaí atá ag gabháil don Stair don Ardteistimeireacht úsáid as an idirlíon mar acmhainn agus iad ag ullmhú topaicí taighde. Baineann cuid mhaith acu úsáid as pacáistí próiseála focal agus iad ag cur aistí taighde i láthair na múinteoirí. Is stór don réimse bunfhoinsí atá ag dul i méad go sciobtha é an gréasán domhanda. Tá níos mó éilimh ag teacht ar úsáid Powerpoint agus pacáistí eile cur i láthair ilmheáin sa seomra ranga staire. Tá borradh nach beag le teacht ar an méid Dlúthdhioscaí agus DVDanna idirghníomhaíocha a bheidh ar fáil sna blianta amach romhainn agus tabharfaidh siad níos mó deiseanna do mhúinteoirí, a mbeidh fáil acu ar an teicneolaíocht chuí, beocht a chur ina dteagasc ranga agus é a athdhaingniú. (Ná déantar dearmad choíche gurb é an múinteoir é/í féin an acmhainn is fearr sa seomra ranga staire.)

Is féidir teacht ar thacar de cheisteanna úsáideacha chun luacháil a dhéanamh ar theicneolaíoctaí úra in Robert Stradling (2001) *Teaching 20th century European history*, Council of Europe Publishing.

## FICSEAN STAIRIÚIL

Is féidir gur bealach chun caidreamh níos pearsanta agus níos dinimiciúla a chothú leis an stair a bheadh san fhicsean stairiúil i dtaca le cuid de na daltaí de. Is féidir gur céim úsáideach a bheadh ann le cuidiú le daltaí teacht isteach ar thréimhse faoi leith ama. Is féidir leis cuidiú leo a thuiscint gur daoine fíorúla, chomh fíorúil leo féin, iad na daoine mór le rá sa stair agus nach sraith de liostaí suntasacha atá sa stair ach próiseas dinimiciúil atá ag athrú de shíor. Fiú nuair a bhíonn ceist ann faoi cháilíocht na sonraí staire atá ann, is féidir leis bonn a chruthú le go ndéanfar scileanna criticiúla a fhorbairt trí shonraí nach dócha go bhfuil siad cheart ó thaobh na staire nó an chultúir de a aithint. Ar na scríbhneoirí Éireannacha a scríobhann úrscéalta stairiúla tá Elís Dillion a bhfuil moladh leathan faighte ag a saothar. I measc a húrscéalta stairiúla tá: : *Across the Bitter Sea* (1974), *Wild Geese* (1981) agus *Children of Bach* (1993). Daoine eile a shaothraíonn an seánra ná Michael Mullen [e.g. *The Flight of the Earls* (1991), *The Last Days of the Romanovs*] agus Brendan Graham [*The Whitest Flower* (1998), *The Element of Fire*. (2001)].

## ACMHAINNÍ MOLTA

1. Roinnt foilseachán úsáideach

Andretti, Keith (1993) Teaching history through primary evidence. David Fulton

Arthur, James and Phillips, Robert (ed.) (2001) *Issues in history teaching*. Routledge Farmer

Boylan, Henry (1998) *A Dictionary of Irish Biography (third edition)*. Gill and McMillan, Dublin .

Bourdillon, H. (ed.) (1994) *Teaching history* Open University Press

Connolly, S.J. (ed.) (1998) *The Oxford companion to Irish history* Oxford University Press

Fines, John (ed.) (1983) *Teaching history* Holmes McDougall

Gallagher, Carmel (1996) History teaching and the promotion of democratic values and tolerance: a handbook for teachers Council of Europe

Hayes, Alan & Urquhart, Dianne (ed.) (2001) *The Irish women's history reader* Routledge

Helferty, Seamus & Refaussé, Raymond (ed.) (1999) *Directory of Irish Archives, Third Edition*. Four Courts Press

McCoole, Sinéad (2000) Researcher's handbook: sources for twentieth century Irish history Limerick Corporation

Ó Ceirín, Kit and Cyril (1996) *Women of Ireland, A Biographical Dictionary*. Tír Eolas, Galway.

McRedmond, Louis (1996) General Editor *Modern Irish Lives: A Dictionary of 20$^{th}$ Century Biography*. Gill and McMillan, Dublin.

Stradling, Robert (2001) *Teaching 20$^{th}$-century European history* Council of Europe Publishing

**2. Roinnt seoltaí úsáideacha**

An Chartlann Náisiúnta

Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8

Guthán. 01 – 4072300

Láithreán Gréasáin: www.nationalarchives.ie

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann,
Cearnóg Mhuirfean Thiar, Baile Átha Cliath 2.
Guthán. 01 – 6615133
Rannán Oideachais
Guthán. 01 – 6633504
Láithreán Gréasáin: www.nationalgallery.ie

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann,
Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.
Guthán. 01 – 6030200

An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta
Cearnóg Theach an Tionóil
Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2.
Guthán. 01 – 6030200
Láithreán Gréasáin: www.nli.ie

Ard-Mhúsaem na hÉireann:

Na hEalaíona Maisiúla agus Stair,
Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7.
Guthán. 01 – 6777444

Seandálaíocht & Stair
Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.
Ph. 01 – 6777444

Saol na Tuaithe,
Páirc Thuraigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.
Guthán. 094 – 9031628
Rannán Oideachais & For-rochtana
Guthán 01 – 6486453
Láithreán Gréasáin: www.museum.ie

Dúchas, an tSeirbhís Oidhreachta,
Seirbhís Oideachais agus Chuairteora,
An Roimm Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil

,
6 Plás Íle Uachtarach, Baile Átha Cliath 2.
Guthán. 01 – 6472453
Láithreán Gréasáin: www.heritageireland.ie

Cónaidhm Chumainn Staire Áitiúla,
Teach Rothe, Cill Chainnigh.

Cumann Múinteoirí Staire na hÉireann
Ionad Oideachais na Carraige Duibhe,
Ascaill na Cille, Dún Laoghaire,
Co. Bhaile Átha Cliath.
Guthán. 01 - 2300977
Láithreán Gréasáin: www.htai.ie

History Ireland,
P.O. Box 69, Bré, Co. Chill Mhantáin.
Guthán. 01 – 2765207
Láíthreán Gréasáin: www.historyireland.com

Cartlann Ailtireachta na hÉireann,
73 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
Guthán 01 – 6763430
Láithreán Gréasáin: www.iarc.ie

Institiúid na Scannán Éire,
6 Sráid an Iústásaigh, Baile Átha Cliath 2.
Ph. 01 – 6795744
Website: www.irishfilm.ie

Cumann Seoirseach na hÉireann,
74 Chearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
Guthán 01 – 6767053
Láithreán Gréasáin: www.archeire.com/igs

Músaem Chumann Staire Lucht Oibre na hÉireann,
Dún Thor an Bhacaigh,
Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.
Guthán 01 - 6681071
Láithreán Gréasáin: www.ilhsonline.org

Cumann Leabharlann na hÉireann,
53 Sráid an Mhóta Uachtar, Baile Átha Cliath 2.
Guthán 01 – 6761167
Láithreán Gréasáin: www.libraryassociation.ie

An Chartlann Mhíleata,
Dún Chathail Bhrugha,
Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6
Guthán 01 – 4975499
An Coiste Náisiúnta Staire
Láithreán Gréasáin: www.historians.ie

Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann,
66 Ascaill Bhaile Mhoiréil, Béal Feirste,
BT9 6NY, Tuaisceart Éireann
Guthán 0232 - 661621
Láithreán Gréasáin: www.proni.nics.gov.uk

Acadamh Ríoga na hÉireann,
19 Sráid Dhásain,
Baile Átha Cliath 2.
Guthán 01 – 6762570
Láithreán Gréasáin: www.ria.ie

The Historical Association,
59a Kennington Park Road,
London SE11 4JH,
United Kingdom.
Guthán 020 7735 3901
Láithreán Gréasáin: www.history.org.uk

Cumann Staire na mBan Éire
Láithreán Gréasáin: www.womenshistoryireland.com

## ÁBHAR TACAÍOCHTA LE HAGHAIDH THEAGASC NA N-ÁBHAR

Ullmhaíodh roinnt ábhar a bheidh úsáideach do mhúinteoir agus iad ag teagasc na n-ábhar.

**NÓ**

Baineann an fhormáid le soláthar an mhéid seo a leanas do gach ábhar an tsiollabais:

1. Sainaithint mhórthéama(í) an ábhair.
2. Míniú gairid ar shuntas na dtrí chás-staidéar.
3. Nótaí gairide ar phríomhphearsantachtaí
4. Beathaisnéis ghairid
5. Liosta de cheisteanna fiosrúcháin a bheidh le húsáid i dteagasc an ábhair.

Tá dhá shampla san áireamh anseo. Is iad na hábhair atá roghnaithe an dá ábhar atá le haimniú ar dtús le haghaidh staidéar doiciméid-bhunaithe, i.e

Éire sa Nua-aois Luath, Ábhar 2, Éirí Amach agus concas le linn ré Eilíse in Éirinn, 1558-1603 Éire sa Nua-aois Dhéanach, Ábhar 2, Gluaiseachtaí le haghaidh athchóiriú polaitiúil agus sóisialta, 1870-1914.

Tá rún ann go mbeidh an t-ábhar seo mar aon le hábhar den chineál céann a chlúdóidh an chuid eile d'ábhair an tsiollabais ar fáil ar líne agus go ndéanfar na beathaisnéisí agus, nuair is cuí, sonraí eile, a uasdhátú go tréimshiúil.

## ÉIRE SA LUATH-AOIS LUATH

## ÁBHAR 2: ÉIRÍ AMACH AGUS CONCAS IN ÉIRINN LE LINN RÉ EILÍSE, 1558-1603

### TÉAMA:

Tagraíonn an teideal do na coimhlíntí arbh é fairsingiú ríocht na dTúdarach ba chúis leo ó chuaigh Eilís I i gceannas chuig a bás sa bhliain 1603.

### CÁS-STAIDÉIR:

Soláthraíonn *The Lordship of Tír Eoghain* micreacosma luachmhar do phríomhthéamaí an ábhair ar an ábhar go scrúdaíonn sé an teannas sa tiarnas agus tuairimí athraitheacha i leith chleachtas cheannas na banríona.

Léiríonn fás *Bhaile Átha Cliath le linn réimeas Eilíse* cuid mhór gnéithe den athrú sóisialta agus eacnamaíoch.

Déantar scrúdú ar an dóigh ina ndearna ardbhall amháin den chléir iarracht dílseachtaí contrártha maidir leis an eaglais agus leis an mbanríon a réiteach in *Meiler Magrath's clerical career.*

### PRÍOMHPHEARSANTACHTAÍ:

Shane O'Neill (c.1530-1567): taoiseach na Niallach ó 1559
Hugh O'Neill (c.1550-1616): 2 Iarla Thír Eoghain agus an Niallach deiridh a oirníodh
Sir Henry Sidney (1529-1586): An Fear Ionaid, 1565-1567, 1568-1571, 1575-1578
Sir John Perrot (c.1527-1592): uachtarán sealadach na Mumhan 1571-1573, An Fear Ionaid, 1584-1588
An tArd-Easpag Adam Loftus (c.1533-1606): Ard-Easpag Ard Mhacha 1563, Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath 1567, Ard-Seansailéir 1581

Richard Creagh (c.1525-1585): Sagart Caitliceach de chuid an Fhríth-Reifirméisin
Agnes Campbell: Bean uasal Albanach, pósta ar Turlough Luineach O'Neill 1569
Grace O'Malley (c.1530-c.1603): alias 'Granuaile'; Banríon na bhFoghlaithe Mara as Connacht
James Fitzmaurice Fitzgerald (d.1579), col ceathrar Iarla Dheasumhan, gríosóir an Éirí Amach
Tadhg Dall Ó hUiginn (1550-1591): file, as teaghlach Bard a raibh clú orthu

## BEATHAISNÉIS


*Brady, Ciaran (ed.) (2002) A Viceroy's Vindication? Sir Henry Sidney's Memoir of Service in Ireland, 1556-1578 Cork*

Brady, Ciaran (1996) *Shane O'Neill* Dublin

Brady, Ciaran and Gillespie, Raymond (eds.) (1986) Natives and Newcomers: the making of Irish colonial society, 1534-1641 Dublin

*Canny, Nicholas (2001) Making Ireland British, 1580-1650 Oxford.*

*Canny, Nicholas (1976) The Elizabethan Conquest of Ireland: a pattern established 1565-1576 Hassocks*

*Chambers, Anne (1998) Granuaile, The Life and Times of Grace O'Malley c1530-1603 Dublin*

*Ellis, Stevan G. (1998) Ireland in the Age of the Tudors, 1447-1603: English expansion and the end of Gaelic Rule. London*

Falls, Cyril (1997) *Elizabeth' s Irish Wars* London

*Ford, Alan (1997) The Protestant Reformation in Ireland 1590-1641 Dublin*

Knott, Eleanor (ed. and trans.) (2 vols. 1922, 1926) *The Bardic poems of Tadhg Dall Ó hUiginn*

Lennon, Colm (1994) Sixteenth Century Ireland, the incomplete conquest Dublin

MacCarthy Morrogh, Michael (1985) *The Munster Plantation 1580-1641* Oxford

*Meigs, Samantha A. (1997) The Reformations in Ireland, Tradition and Confessionalism, 1400-1690 Dublin*

Morgan, Hiram (2004). *The Battle of Kinsale* Bray

Morgan, Hiram (1993) Tyrone's rebellion: the outbreak of the nine years war in Tudor Ireland Dublin

*O'Faolain, Seán (1997) The Great O'Neill, A Biography of Hugh O'Neill, Earl of Tyrone, 1550-1616 Cork*

## PRÍOMHCHEISTEANNA

### Polaitíocht agus rialtas

- Cé chomh mór agus a bhí Éire faoi shíocháin nuair a tháinig Eilís i gcoróin sa bhliain 1558?
- Cérbh iad na teicníochtaí a bhí in úsáid in Éirinn le linn ré Eilíse chun smacht a choinneáil agus cad é an cuspóir a bhí leo?
- An raibh Sir Henry Sidney chomh héifeachtach mar riarthóir mar a chuir a chuid bolscaireachta in iúl?
- Cad chuige ar chruthaigh tiarnas Thír Eoghain deacrachtaí faoi leith do riarthóirí Eilíse?
- Cad é an oidhreacht a d'fhág Shane Ó Néill?
- An 'cogadh naofa' a bhí san Éirí Amach i nDeasumhain nó freagra ar lárnú ré Eilíse?
- Cad chuige ar éirigh Aodh Ó Néill amach?
- Cérbh iad na himpleachtaí d'Éirinn agus do Shasana nuair a ghéill An Niallach?

### Sochaí agus geilleagar

- Cérbh iad na hathruithe inmheánacha a tharla i sochaí agus i ngeilleagar thiarnais na nGael le linn na tréimhse seo?
- I dtéarmaí sóisialta agus geilleagair, cad é an difear a bhí idir an Pál agus an chuid eile den oileán?
- Cad chuige a raibh plandáil dosheachanta mar gheall ar ualach na bhfeachtas míleata?
- Cad é an dóigh ar chuir iliomad na gcogaí le linn ré Eilíse le sochaí agus geilleagar na hÉireann?

### Cultúr agus creideamh

- Cén tionchar a bhí ag socrú creidimh le linn ré Eilíse sa bhliain 1560 ar Éirinn?
- Ar bunaíodh Coláiste na Trionóide mar ionstraim chun polasaí creidimh Eilíse a chur i bhfeidhm amháin?
- Cad chuige ar theip ar an gcur chuige míleata i leith an Fhrith-Reifirméisin in Éirinn?
- Cérbh iad na forbairtí institiúide a chuir le marthanacht séantachais agus fás an neamhaontachais?
- Cé chomh mór agus a léiríonn filíocht Thaidhg Dhaill Uí Uiginn agus filí eile na linne seo tuiscint ar an ord athraitheach polaitiúil agus cultúrtha?

## ÉIRE SA NUA-AOIS DHÉANACH

## ÁBHAR 2: GLUAISEACHTAÍ LE HAGHAIDH ATHCHÓIRIÚ POLAITIÚIL AGUS SÓISIALTA 1870-1914

### TÉAMA

Tagraíonn an teideal do réim de ghluaiseachtaí ag a raibh tionchar acu ar athrú polaitiúil agus sóisialta le linn na tréimhse. Scrúdaíonn an t-ábhar chomh maith cuid den teannas a bhí taobh thiar den bhrú seo chun athraithe.

### CÁS-STAIDÉIR

Scrúdaítear peirspictíochtaí contrártha Aontachtóirí agus Náisiúnaithe ar cheist an Rialtais Dhúchais agus scrúdaítear na himpleachtaí móra polaitiúla in *Toghcháin 1885 agus 1886: ceisteanna agus torthaí.*

Scrúdaítear príorachtaí contrártha caipitle agus an lucht oibre agus an teannas pléascach a tharla mar gheall orthu in *Baile Átha Cliath 1913 – stailc agus frithdhúnadh.*

Scrúdaítear an dóigh ar éirigh leis an ngluaiseacht le haghaidh athbheochan cultúrtha sna blianta tosaigh agus na coimhlintí a chuir bac lena luathfhorbairt in *The GAA to 1891*.

### PRÍOMHPHEARSANTACHTAÍ

Charles Stewart Parnell (1846-1891): M.P. 1875-1891; Uachtarán Chonradh na Talún, 1879-1882; Ceannaire ar Pharlaimint na hÉireann, 1880-1890; ceannaire ar an bhfaicsean 'Parnellite', 1890-1891.

John Redmond (1856-1918): M.P. 1881-1918; ceannaire ar an bhfaicsean 'Parnellite' i bParlaimint na hÉireann, 1891-1900; Ceannaire ar Pháirtí Parlaiminte na hÉireann, 1900-1918.

Edward Carson (1854-1935): Aturnae Ginearálta na hÉireann, 1892; M.P. d'Ollscoil Bhaile Átha Cliath, 1892-1918; Aturnae Ginearálta Shasana, 1900-1906; Ceannaire ar Aontachtóirí Uladh, 1910-1921.

Isabella Tod (1836-1896): Sufraigéid agus bean feachtais le haghaidh oideachas na mban, a ndeachaigh a cuid oibre i bhfeidhm ar an gcinneadh chun cailíní a chur san áireamh san an Acht um Oideachas Idirmheánach, 1878.

Hanna Sheehy Skeffington (1877-1946): Bunaitheoir Founder of Women's Graduate Association, 1901; comhbhunaitheoir Irish Women's Franchise League sa bhliain 1908.

Michael Davitt (1846-1905):Bunaitheoir Chonradh na Talún, 1879; M.P. 1882, 1892, 1895-1899; eagarthóir, *Labour World*, 1890-1891; a d'fhoilsigh *The Fall of Feudalism in Ireland*, 1904.

James Connolly (1868-1916): Bunaitheoir an Pháirtí Shóisialaigh Phoblachtaigh, 1896, agus *Worker's Republic*, 1898; i Meiriceá (1903-1910), bunaitheoir Chónaidhm Sóisialithe na hÉireann; eagraí Bhéal Feirste ITGWU, 1911; eagraí Pháirtí Lucht Oibre na hÉireann, 1912; ról mór aige mar cheannasaí ar lucht stailce agus bunaitheoir Arm Cathartha na hÉireann, 1913; ina cheannaire ar ghluaiseacht an lucht oibre in éadan an chogaidh, 1914.

James Larkin (1876-1947): Bunaitheoir Cheardchumann Oibrithe Iompair agus Ilsaothair na hÉireann, 1908; Uachtarán Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann, 1911; ceannaire na n-oibrithe le linn fhrithdhúnadh 1913.

Dúghlas de hÍde (1862-1947): Comhbhunaitheoir Chumann Liteartha na nGael i Londan, 1891; Uachtarán Chumann Liteartha na hÉireann, Baile Átha Cliath, 1892; Comhbhunaitheoir Chonradh na Gaeilge, 1893, agus an chéad uachtarán air, 1893-1915; scríbhneoir an chéad drama nua-aimseartha i nGaeilge, *Casadh an tSúgáin*, 1901; Ollamh na Nua-Ghaeilge in UCD, 1909-1932.

W.B. Yeats (1865-1939): Comhbhunaitheoir Chumann Liteartha na nGael i Londan, 1891; Comhbhunaitheoir Chumann Liteartha na hÉireann, Baile Átha Cliath, 1892; comhbhunaitheoir Amharclann Liteartha na nGael, 1899, inar léiríodh a chuid drámaí, The *Countess Cathleen* (1899) agus *Cathleen Ní Houlihan* (1902); uachtarán ar Chumann Amharclannaíochta na hÉireann, 1902, agus comhbhunaitheoir Amharclann na Mainistreach, 1904.

## LEABHARLIOSTA


Bew, P. (1996) *John Redmond* Dundalk

Boyce, D.G. (ed.) (1988) The Revolution in Ireland, 1879- 1923 Dublin

Foster, R.F. (1988) *Modern Ireland, 1600-197*2 London
Hyland, J.L. (1997) *James Connolly* Dundalk
Lyons, F.S.L. (1973) *Ireland since the Famine* London
Lyons, F.S.L. (1977) *Charles Stewart Parnell* London
Lee, J. (1973) The Modernisation of Irish Society, 1848- 1918 Dublin
Mitchell, A. (1974) Labour in Irish Politics, 1890-1930 Shannon
Moody, T.W. (1981) Davitt and the Irish Revolution Oxford
O'Brien, C.C. (1944) P*arnell and his Party* Oxford
O'Connor, E. (1992) A Labour History of Ireland, 1824- 1960 Dublin
Ó Tuama, S. (ed.) (1972) *The Gaelic League Idea* Cork
Thornley, D. (1964) *Isaac Butt and Home Rule* London
Travers, P. (1988) Settlements and Divisions: Ireland 1870- 1922 Dublin
Vaughan, W.E. (1984) Landlord and Tenants in Ireland 1848-1904 Dundalk
Ward, Margaret (1997) Hanna Sheehy Skeffington: a life Cork


## PRÍOMHCHEISTEANNA

### Polaitíocht agus rialtas

- Cad chuige ar tháinig gluaiseacht um Rialtas Dúchais chun cinn ag an am seo?
- Cé chomh héifeachtach agus a bhí Butt mar cheannaire ar ghluaiseacht an Rialtais Dhúchais?
- Cé chomh héifeachtach agus a bhí Parnell mar cheannaire ar ghluaiseacht an Rialtais Dhúchais?
- Cé chomh héifeachtach agus a bhí Redmond mar cheannaire ar ghluaiseacht an Rialtais Dhúchais?
- Cé chomh héifeachtach agus a bhí Carson mar cheannaire ar an bhfreasúra Aontachtach in aghaidh an Rialtais Dhúchais?
- Cad chuige ar tháinig Ceist Uladh chun cinn mar ábhar suntasach?
- Cad é an tionchar a bhí ag gluaiseacht na gCearta Vótála ar an dtírdhreach polaitiúil?
- Cén tábhacht a bhain leis an gcéad pháirtí Shinn Féin i bpolaitíocht na linne sin?
- Cad chuige ar bunaíodh Óglaigh na hÉireann?

### Sochaí agus geilleagar

- Cad chuige ar tháinig comhghríosú chun cinn go mall sna 1870í agus ar roinnt ócáidí ina dhiaidh sin?
- Cé chomh sásúil agus ar shásaigh athchóirithe talún na linne éilim (a) na ngríosóirí agus (b) na bhfeirmeoirí?
- Cé chomh tábhachtach agus a bhí ról Jim Larkin agus an lucht oibre a thabhairt le chéile?
- Cén tábhacht a bhain le hobair ghluaiseacht an Chomharchumainn d'Éirinn tuaithe?
- Cén tábhacht a bhain leis na longchlóis i bhforbairt thionsclaíoch fhadtéarmach Bhéal Feirste?

- Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí atá leis an gcóras a tugadh isteach mar gheall ar an Acht um Oideachas Idirmheánach, 1878?
- An raibh tionchar suntasach ar bith ag na hathchóirithe ollscoile sna blianta 1879 agus 1908 ar shochaí na linne?

**Cultúr agus creideamh**

- Cé chomh tábhachtach agus a bhí bunú (a) an C.L.G agus (b) Chonradh na Gaeilge ar fhéiniúlacht na nGael ag an am?
- Cad é a bhí an Athbheochan Liteartha Angla-Eireannach ag iarraidh a athnuachan?
- Cérbh iad na fórsaí a dhaingnigh féiniúlacht na gCaitliceach le linn na tréimhse seo?